




Curaclam na
Bunscoile

Primary School
Curriculum

Matamaitic



BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR

Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS
TEACH SUN ALLIANCE
SRÁID THEACH LAIGHEAN
BAILE ÁTHA CLIATH 2

nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN AN RIALTAIS
AN RANNÓG POST-TRÁCHTA
4-5 BÓTHAR FHEARCHAIR
BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Teil: 01-6476834-5; Fax: 01-4752760)
nó trí aon díoltóir leabhar

Comhairleoir deartha:	Páirtíocht Bradley McGurk
Arna dhearadh ag:	The Identity Business
Arna chur i gcló ag:	Spectrum Print Management
Arna chlóbhualadh ag:	Mozzon Giuntina - Florence agus Officine Grafiche De Agostini - Novara



Matamaitic

Curaclam

Clár

Réamhrá

Matamaitic	2
Curaclam na matamaitice	2
Foramharc ar ábhar do ranganna naíonán go rang 2	10
Foramharc ar ábhar do ranganna 3 go dtí 6	11
Aidhmeanna	12
Cuspóirí ginearálta	12
Pleanáil sa mhatamaitic	15

Ranganna naíonán

Foramharc	17
Forbairt scileanna	18
Ábhar	20

Ranganna 1 agus 2

Foramharc	39
Forbairt scileanna	40
Ábhar	42



Ranganna 3 agus 4

Foramharc	63
Forbairt scileanna	64
Ábhar	66

Ranganna 5 agus 6

Foramharc	87
Forbairt scileanna	88
Ábhar	90

Measúnú

Measúnú	116
---------	-----

Aguisín

Gluais	128
Ballraíocht an Choiste Curaclaim don Mhatamaitic	130
Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta	131

Réamhrá

Matamaitic

Is féidir breathnú ar mhatamaitic mar eolaíocht a bhaineann le méid, uimhreas, cruth agus spás agus leis an ngaol atá eatarthu agus freisin mar theanga uilíoch bunaithe ar shiombailí agus léaráidí. Bíonn eolas a láimhsiú (eagrú, anailísiú, ionramháil, agus cur in iúl), tuartha a dhéanamh agus fadhbanna a réiteach trí úsáid teanga atá gonta agus cruinn i gceist.

Cuireann oideachas matamaiticiúil raon leathan eolais, scileanna agus gníomhaíochtaí gaolmhara ar fáil don pháiste, a chabhraíonn leis/léi tuiscint ar an domhan aiceanta agus ar idirghníomhaíochtaí sóisialta a fhorbairt. Tugann sé teanga agus córas don pháiste trínar féidir leis/léi mionscrúdú a dhéanamh agus cuntas agus míniú a thabhairt ar raon leathan d'eispéiris, tuartha a dhéanamh, agus fadhbanna a réiteach. Cothaíonn oideachas matamaiticiúil forbairt chruthaitheach agus forbairt aeistéitiúil agus cuireann sé le forás na réasúnaíochta trí úsáid teicníochtaí iniúchta i gcomhthéacs matamaiticiúil. Tá mar chúram air freisin féinmhuinín agus cumas chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh trí mheán na matamaitice a mhúscailt sa pháiste.

Curaclam na matamaitice

Cuimsíonn matamaitic díolaim eolais, scileanna agus cur chuige ar féidir a úsáid in an-chuid slite: chun cur síos, léiriú agus ciallú a dhéanamh; chun tuartha a dhéanamh; agus chun patrúin mar aon le coibhneasa in *Uimhreas, Ailgéabar, Cruth agus spás, Tomhais agus Sonraí* a mhíniú. Cuireann matamaitic brí in iúl agus soiléiríonn sí í. Soláthraíonn teanga na matamaitice uirlis chumhachtach ghonta trínar féidir eolas a eagrú, a láimhsiú agus a roinnt.

De bharr na n-airíonna seo is gléas riachtanach í an mhatamaitic don pháiste agus don duine fásta. Tugann úsáid na matamaitice i gcomhthéacsanna éagsúla cumas do dhaoine gnéithe dá dtimpeallacht fhisiceach agus dá n-idirghníomhaíochtaí sóisialta a mhíniú, a réamhinsint, agus a chlárú. Sa tslí seo saibhríonn sí a dtuiscint ar an saol ina maireann siad. Go deimhin tá tionchar an-mhór ar fhorbairt na sochaí comhaimseartha ag úsáid matamaitice atá de shíor ag éirí níos cumhachtaí i raon forásach de chomhthéacsanna eacnamaíocha, teicneolaíocha agus eolaíocha agus i gcomhthéacsanna eile fós.

Mar sin, ní mór go gcuirfidh matamaitic ar chumas an pháiste smaoineamh agus cumarsáid a dhéanamh go cainníochtúil agus go spásúil, fadhbanna a réiteach, suímh inar féidir matamaitic a úsáid a aithint, agus leas a bhaint as teicneolaíocht atá oiriúnach chuige sin. Má

tá an páiste le bheith ina bhall eolach féinmhuiníneach sa saol mór ní mór dó/di a bheith in ann déileáil go héifeachtach le gnóthaí éagsúla an lae agus ciall a bhaint as an ollmhéid eolais agus sonraí a thagann trí na meáin.

Ní mór a mheabhrú gur gairm intleachtúil ar leith í an mhatamaitic agus gur foinse mheallta, dúshlán agus caitheamh aimsire í. Cabhraíonn iniúchadh patrún agus coibhneas, an sásamh a ghabhann le réiteach fadhbanna, léirthuisicint dearthaí agus cruthanna agus feasacht ar na tionchair chultúrtha agus stairiúla a mhúnlaigh an mhatamaitic nua-aoiseach, cabhraíonn siad sin go léir le díograis an pháiste don ábhar seo a spreagadh.

Déanann an curaclam seo iarracht oideachas matamaiticiúil atá oiriúnach ó thaobh forbartha de agus ábhartha ar bhonn sóisialta a sholáthar don pháiste. Ba cheart go mbeadh an clár matamaitice i ngach scoil sách solúbtha lena oiriúnú do pháistí ag leibhéil dhifriúla cumais agus chun freastal ar a riachtanais. Ina measc seo áirítear riachtanais páistí le heispéiris shuimiúla chiallmhara mhatamaiticiúla, a riachtanais matamaitic a chur i bhfeidhm in achair eile foghlama, a riachtanais chun leanúint le staidéar na matamaitice ag an leibhéal iar-bhunoideachais, agus a riachtanais le bheith ina mbaill den phobal a bheidh liteartha ó thaobh na matamaitice. Cuirfidh comhtháthú le gnéithe eile den churaclam peirspictíocht luachmhar eile le curaclam na matamaitice.

Struchtúr an churaclaim

Cuimsíonn an curaclam cúig shnáithe:

- *Uimhreas*
- *Ailgéabar*
- *Cruth agus spás*
- *Tomhais*
- *Sonraí.*

Ní réimsí aonaracha iad na snáitheanna seo, cé go gcuirtear i láthair iad i rannóga ar leith. Ba chóir breathnú orthu agus iad a mhúineadh mar aonaid ghaolmhara ina mbíonn tuiscint an ábhair i rannóg amháin ag brath ar idéanna agus coincheapa i snáitheanna eile agus tacúil leo. Tá nascadh den saghas seo laistigh den ábhar riachtanach. Cé gurb é an t-uimhreas an meán don ríomhaireacht mhatamaiticiúil, ní mór go gcuirfí

a gcothrom de bhéim ar na snáitheanna eile chomh maith.

Roinntear na snáitheanna ina snáithaonaid, rud a thugann struchtúr breise don churaclam:

Glaotar *Luathghíomhaíochtaí matamaiticiúla* ar an gcuid tosaigh den snáithe *Uimhreas*, agus tá ceithre shnáithaonad inti: Rangú, Meaitseáil, Comparáid a dhéanamh, agus Cur in ord. Forbraíonn na haonaid seo ag leibhéal na naíonán chun comhaireamh agus anailísiú uimhris a chuimsiú. I ranganna 1 agus 2 tosaítear ar ionadluach, oibríochtaí agus codáin a fhoghlaim. Tugtar deachúlacha isteach i rang 3 agus céatadáin i rang 5.

Pléitear le *hAilgéabar* ag gach leibhéal, agus cuimsíonn sé patrúin, seichimh, uimhirabairtí, uimhreacha treocha, rialacha agus airíonna, athróga agus cothromóidí.

Faoin snáithe *Cruth agus spás* déantar iniúchadh ar fheasacht ar spásúlacht agus a feidhm i ngnáthchúrsaí an tsaoil. Tá aonaid ann ag déileáil le cruthanna déthoiseacha agus tríthoiseacha, siméadracht, línte, agus uillinneacha.

Tá sé aonad sa snáithe *Tomhais*: Fad, Achar, Meáchan, Toilleadh, Am agus Airgead.

Cothaíonn *Sonraí* ciallú agus tuiscint léiriúchán infheicthe. Spreagann seans smaoinreamh, díospóireacht agus breithiúnas, agus faigheann páistí cleachtadh ar an gcoincheap seo i gcluichí agus in imeachtaí spóirt.

Tá na scileanna nár mhór don pháiste a fhorbairt fite fuaite leis an ábhar tríd síos:

- cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna
- cumarsáid agus cur in iúl
- comhtháthú agus nascadh
- réasúnaíocht
- cur i bhfeidhm
- tuiscint agus tabhairt chun cuimhne.

Tugann an curaclam matamaitice seo deiseanna don pháiste nádúr na matamaitice a iniúchadh. Chomh maith leis sin tugann sé deis dó/di an t-eolas, na coincheapa agus na scileanna atá riachtanach i ngnáthchúrsaí na beatha, agus lena n-úsáid i ngnéithe eile léinn, a bhaint amach.

Freastal ar dhifríochtaí aonair

Bíonn páistí i rang ar bith an-éagsúil lena chéile maidir lena gcumas, a n-oilteacht, agus a stíleanna foghlama, agus tá sé deacair freastal ar a riachtanais go léir má leantar clár coiteann. Sealbhaíonn páistí tuiscint ar idéanna matamaiticiúla ar bhealaigh phearsanta éagothroma. Mar sin, tá ceist na hullmhachta thar a bheith tábhachtach agus pleanáil, múineadh agus measúnú an chláir sa mhatamaitic faoi chaibidil. Ní mór tógáil ar an eolas a bhíonn foghlamtha ag an bpáiste cheana, agus bíonn sé riachtanach tréimhsí a chaitheamh le dul siar go tráthrialta.

Measúnú

Tá fiúntas ar leith ag measúnú ar bhonn leanúnach mar uirlis dhiagnóiseach agus mar uirlis phleanála sa mhatamaitic. Ba chóir go ndíreodh sé ar an eolas, na míthuiscintí agus na straitéisí atá ag an bpáiste a aithint. Ba chóir go soláthródh sé eolas a chuirfeadh ar chumas an mhúinteora freastal ar dhifríochtaí aonair i gcumas, i réamhfhoghlaim agus i modh foghlama agus cur i gcoinne an páiste a bhrú ar aghaidh chun máistreacht anabaí mheicniúil a fháil ar fhíorais agus ar phróisis ríomhaireachta. Beidh sé riachtanach timpeallacht foghlama a chruthú ina mbeidh idir bhuachaillí agus chailíní in ann gach gné den mhatamaitic a fhoghlaim go héifeachtúil agus inar féidir deiseanna a chur ar fáil do pháistí atá níos cumasaí tabhairt faoi raon níos leithne oibre.

Tógalachas agus modhanna bunaithe ar fhionnachtain faoi threoir

Seolann cur chuige tógalach sa mhatamaitic an páiste isteach sa phróiseas foghlama mar rannpháirtí gníomhach. Úsáidtear na hidéanna atá ag an bpáiste cheana chun eispéiris agus suímh nua a chiallú. Míníonn na foghlaimeoirí féin an t-eolas a fhaigheann siad agus tugann siad brí dó trí cheangail idir eolas nua agus seaneolas a bhunú. Ag éirí as tástáil agus as plé idir comhghleacaithe agus idir múinteoir agus páiste d'fhéadfaí teacht ar chomhaontú ginearálta nó b'fhéidir go ndéanfaí idéanna agus gaolta matamaiticiúla a athmheas. D'fhéadfaí ansin idéanna nó coincheapa nua a bhunú. Ní mór béim a leagan ar a thábhachtaí is atá sé deiseanna struchtúrtha a chur ar fáil don pháiste chun bheith páirteach i ngníomhaíochtaí taighde i gcomhthéacs na matamaitice. Bíonn ról lárnach ag an múinteoir i dtreorú an pháiste chun brí a thógáil, chun straitéisí matamaiticiúla a fhorbairt d'fhonn fadhbanna a réiteach, agus chun féinspreagadh a fhorbairt i ngníomhaíochtaí matamaiticiúla.

Teanga na matamaitice

Is aidhm thábhachtach sa chlár matamaitice í a chur ar chumas na bpáistí teanga na matamaitice a úsáid go héifeachtach is go cruinn. Tá cumas éisteachta, ceistithe agus díospóireachta chomh maith le cumas léitheoireachta agus cláraithe i gceist anseo. Bíonn ról tábhachtach aige i bhforbairt thuiscint an pháiste ar choincheapa matamaiticiúla agus iad a chur in iúl do dhaoine eile. Ceann de na cúiseanna a dteipeann ar pháistí sa mhatamaitic is ea lagthuiscint ar na focail agus na frásaí a úsáidtear. Ní bheidh teagmháil ag páistí le cuid den teanga seo ach sa cheacht matamaitice amháin, agus beidh an-chuid deiseanna ag teastáil uathu í a úsáid chun go mbunófar mar chuid dá dteanga féin í. I gcásanna eile úsáidfean gnáthfhocail laethúla sa mhatamaitic ach d'fhéadfadh ciall nua a bheith leo nach dtuigfeadh an foghlaimoir i gceart.

Tá ról suntasach ag an díospóireacht i mbunú teanga na matamaitice agus i bhforbairt coincheap matamaiticiúil. Is féidir cuidiú leis an bpáiste idéanna a shoiléiriú agus spleáchas ar an múinteoir a laghdú trí choincheapa agus phróisís a phlé le páistí eile. Is den riachtanas é go ndéanfadh an páiste díospóireacht leis an múinteoir freisin. De réir mar is gá cuirfidh an múinteoir foclóir oiriúnach matamaiticiúil ar fáil chun cuidiú leis an bpáiste idéanna a shoiléiriú nó a chur in iúl ar bhealach níos cruinne.

Toisc siombailí matamaiticiúla a bheith chomh casta sin moltar nach n-iarrfaí ar pháistí idéanna matamaiticiúla a chlárú go dtí go mbíonn siad ullamh chuige. Ba cheart forbairt chuí a bheith déanta ar choincheapa sula gcuirfí in iúl i scríbhinn iad. Ba chóir go dtiocfadh úsáid siombailí agus slonn matamaiticiúil i ndiaidh go leor cleachtaidh i dtuairisciú ó bhéal agus i ndíospóireacht.

Úsáid fearais mhatamaiticiúil

Braitheann forbairt mhatamaiticiúil an pháiste ar go leor taithí praiticiúla a bheith aige/aici chun coincheapa a bhunú agus a dhaingniú agus chun éascaíocht ina ngnáthúsáid laethúil a fhorbairt. Tógann sé/sí córas matamaitice bunaithe ar eispéiris agus ar idirghníomhaíochtaí leis an timpeallacht. Is comhpháirt riachtanach i bhforbairt coincheapa matamaiticiúla agus smaointe chruthaitheacha araon í taithí ar lámhsíú agus úsáid nithe agus fearais go héifeachtach ar fud an chláir matamaitice ar fad.

Ríomhaireacht mheabhrach

Is cuid thábhachtach d'oidreachas matamaiticiúil an pháiste í forbairt a scileanna uimhríochtúla, .i. iad siúd atá bainteach le háireamh uimhriúil agus a fheidhm. Sa churaclam matamaitice seo is lú an bhéim a leagtar ar áireamh fada casta i scríbhinn ná mar a dhéantaí cheana, agus is mó an bhéim a leagtar ar ríomhaireacht ó bhéal, meastacháin agus scileanna i réiteach fadhbanna. In ainneoin dul chun cinn tapa i dteicneolaíocht an eolais agus áireamháin a bheith ar fáil go forleathan, níl aon laghdú ar an ngá leis na scileanna bunúsacha.

Ról an áireamháin

Is féidir áireamhán a úsáid chun tuiscint ar struchtúr uimhris a neartú trí scrúdú a dhéanamh ar phatrúin, ar sheichimh, agus ar ghaolta. Cuidíonn áireamhán le forbairt scileanna i réiteach fadhbanna trí dheis a thabhairt don pháiste díriú isteach ar chroí faidhbe agus ar bhealaí éagsúla lena réiteach. Is féidir an t-áireamhán a úsáid chun meastacháin a dhearbhu, chun áireamh fada casta a dhéanamh, agus chun torthaí cruinne ar fhadhbanna deacra a sholáthar. Ach ní féidir an t-áireamhán a chur in áit gníomhaíochtaí praiticiúla le háiseanna nithiúla. Thairis sin ní foláir a mheabhrú nach mór tuiscint mhaith ar uimhreas a bheith ag an bpáiste chun a mheas cathain is ceart meastachán a dhéanamh, ríomhaireacht mheabhrach a úsáid, ríomhaireacht a dhéanamh ar pháipéar, nó áireamhán a úsáid chun toradh cruinn a fháil. Ar na cúiseanna seo molann an curaclam seo go mbainfí úsáid as áireamháin sa mhatamaitic ó rang 4 go rang 6, ar an mbonn gur chóir go mbeadh máistreacht ar fhíorais bhunúsacha uimhris agus cumas ina n-úsáid ag an bpáiste faoin am sin.

Teicneolaíochtaí eolais agus cumarsáide

Tá áit do ríomhairí sa churaclam matamaitice, ach ní foláir a mheabhrú nach bhfuil iontu ach uirlis eile mar áis don mhúinteoir is don pháiste. Ní féidir iad a chur in áit na dea-mhúinteoireachta ná úsáid leathan áiseanna. Cuireann ríomhairí rogha eile oibre ar fáil seachas tascanna le peann is páipéar; spreagann siad páistí atá chun deiridh; agus soláthraíonn siad obair bhreise shuimiúil ag gach leibhéal cumais. Tá raon leathan feidhmeanna ar fáil don ríomhaire. Tairgeann cláir a bhíonn bunaithe ar eachtraíocht agus a chuireann ar chumas an pháiste fadhbanna áirithe matamaiticiúla a réiteach i gcomhthéacs réadúil deiseanna chun scileanna i réiteach fadhbanna a fhorbairt. Spreagann

gníomhaíochtaí i mbeirteanna nó i ngrúpaí díospóireacht agus comhoibriú i réiteach fadhbanna. Tugann cláir bunaithe ar láimhsiú sonraí deiseanna do pháistí sonraí atá cnuasaithe acu a ionramháil agus a chiallú. Ní mór an bhéim a bheith i gcónaí ar an bpróiseas: mar shampla ar eolas a bhailiú, ar bhreith a thabhairt ar ábharthacht ceisteanna, agus ar thorthaí a chiallú.

Réiteach fadhbanna

Is gné thábhachtach i bhfoghlaim na matamaitice é cumas i réiteach fadhbanna a fhorbairt. Chomh maith leis sin cuireann réiteach fadhbanna comhthéacs ar fáil inar féidir coincheapa agus scileanna a fhoghlaim agus inar féidir díospóireacht agus obair chomhoibritheach a chleachtadh. Thairis sin is modh suntasach é réiteach fadhbanna chun na hardscileanna smaointe a fhorbairt. Ina measc seo tá an cumas anailís a dhéanamh ar shuímh mhatamaiticiúla; pleanáil, grinniú agus meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí; straitéisí a chur i bhfeidhm; agus cruthaitheacht agus féinmhuinín a léiriú in úsáid na matamaitice. Nuair a éiríonn go maith leis an bpáiste forbraítear a m(h)uinín ina c(h)umas matamaiticiúil agus spreagtar a f(h)iosracht agus a b(h)uanseasmhacht. Trí réiteach fadhbanna bunaithe ar thimpeallacht an pháiste is féidir suntas a thabhairt d'úsáid na matamaitice ar bhealach cruthaitheach taitneamhach.

Comhtháthú sa mhatamaitic

Bíonn an mhatamaitic fite fuaite le gnéite uile shaol an pháiste, geall leis, bidís ag breathnú ar fhoirmeacha struchtúr sa churaclam amharcealaíona agus ag freagairt dóibh nó ag ríomh conas a gcuid airgid phóca a chaitheamh. Má tá páistí le dearbhthuiscint ar mhatamaitic a shealbhú ní mór go bhfeicfidís i gcomhthéacs í—rud is féidir a bhaint amach ach a n-aire a dhíriú ar na bealaí éagsúla a n-úsáidtear an mhatamaitic laistigh de na réimsí eile curaclaim.

Cuireann OSIE go leor deiseanna ar fáil le matamaitic a úsáid: clárú torthaí turgnamh san eolaíocht, déanamh léarscáileanna sa tíreolaíocht agus is cuid dhílis den stair í tuiscint d'am agus do chróineolaíocht. Gné thábhachtach den OSIE é sonraí a chnuasach chun anailís a dhéanamh orthu, rud a thugann deis don pháiste oibriú le dearbhshamplaí. Rud an-choitianta sa chorpoideachas é tomhas, mar shampla, am-áireamh sa rásaíocht nó fad léimeanna a thomhas. Nuair a dhéantar cruthanna

siméadracha agus neamhshiméadracha sa cheacht gleacaíochta bíonn coincheapa matamaiticiúla á n-úsaid go fírinneach. Úsáidtear teanga na matamaitice ar fud réimsí uile an churaclaim, mar shampla nuair a dhéantar trácht ar nótaí fada nó gearra sa cheol nó nuair a bhaintear feidhm as na téarmaí cearta chun cur síos ar chruthanna sna gníomhaíochtaí amharcealaíona. Baineann múinteoirí leas as rainn, amhráin agus cluichí chun coincheapa uimhris agus crutha a athdhaingniú, rud is féidir leo a dhéanamh i mBéarla, i nGaeilge nó i nuatheanga más cuí.

Foramharc ar ábhar do ranganna naíonán go rang 2

Forbairt scileanna

Forbairt scileanna

- Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna
 - Cumarsáid agus cur in iúl
 - Comhtháthú agus nascadh
 - Réasúnaíocht
 - Cur i bhfeidhm
 - Tuiscint agus tabhairt chun cuimhne
-

Snáitheanna

Ranganna naíonán *Snáithaonaid*

Ranganna 1 agus 2 *Snáithaonaid*

Luathghníomhaíochtaí matamaiticiúla

- Rangú
 - Meaitseáil
 - Comparáid a dhéanamh
 - Cur in ord
-

Uimhreas

- Comhaireamh
- Comparáid agus ordú
- Anailís uimhris
Cónascadh
Foirinnt
Uimhriú

- Comhaireamh agus uimhriú
 - Comparáid agus ordú
 - Ionadluach
 - Oibríochtaí
Suimiú
Dealú
 - Codáin
-

Ailgéabar

- Patrúin a fhorleathnú

- Patrúin a iniúchadh agus a úsáid
-

Cruth agus spás

- Feasacht ar spásúlacht
- Cruthanna tríthoiseacha (3-T)
- Cruthanna déthoiseacha (2-T)

- Feasacht ar spásúlacht
 - Cruthanna déthoiseacha
 - Cruthanna tríthoiseacha
 - Siméadracht
 - Uillinneacha
-

Tomhais

- Fad
- Meáchan
- Toilleadh
- Am
- Airgead

- Fad
 - Achar
 - Meáchan
 - Toilleadh
 - Am
 - Airgead
-

Sonraí

- Sonraí a aithint agus a léirmhíniú

- Sonraí a léiriú agus a léirmhíniú

Foramharc ar ábhar do ranganna 3 go dtí 6

Forbairt scileanna

Forbairt scileanna

- Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna
 - Cumarsáid agus cur in iúl
 - Comhtháthú agus nascadh
 - Réasúnaíocht
 - Cur i bhfeidhm
 - Tuiscint agus tabhairt chun cuimhne
-

Snáitheanna

Ranganna 3 agus 4 *Snáithaonaid*

Ranganna 5 agus 6 *Snáithaonaid*

Uimhreas

- Ionadluach
- Oibríochtaí
Suimiú agus dealú
lollrú
Roinnt
- Codáin
- Deachúlacha

- Ionadluach
 - Oibríochtaí
Suimiú agus dealú
lollrú
Roinnt
 - Codáin
 - Deachúlacha
 - Céatadáin
 - Teoiric uimhris
-

Ailgéabar

- Patrúin agus seichimh uimhris
- Uimhirabairtí

- Uimhreacha treocha
 - Rialacha agus airíonna
 - Athróga
 - Cothromóidí
-

Cruth agus spás

- Cruthanna déthoiseacha
- Cruthanna tríthoiseacha
- Siméadracht
- Línte agus uillinneacha

- Cruthanna déthoiseacha (2-T)
 - Cruthanna tríthoiseacha (3-T)
 - Siméadracht
 - Línte agus uillinneacha
-

Tomhais

- Fad
- Achar
- Meáchan
- Toilleadh
- Am
- Airgead

- Fad
 - Achar
 - Meáchan
 - Toilleadh
 - Am
 - Airgead
-

Sonraí

- Sonraí a léiriú agus a léirmhíniú
- Seans

- Sonraí a léiriú agus a léirmhíniú
- Seans

Aidhmeanna

Is iad aidhmeanna churaclam matamaitice na bunscoile ná

- dearcadh dearfa i leith na matamaitice a fhorbairt mar aon le léirthuisicint ar a gnéithe praiticiúla agus aeistéitiúla
- cumas chun fadhbanna a réiteach a fhorbairt mar aon le héascaíocht in úsáid na matamaitice sa ghnáthshaol a chur chun cinn
- a chur ar chumas an pháiste teanga na matamaitice a úsáid go héifeachtach cruinn
- a chur ar chumas an pháiste tuiscint ar choincheapa agus ar phróisis mhatamaiticiúla a d'oirfeadh dá leibhéal forbartha is ábaltachta a bhaint amach
- a chur ar chumas an pháiste máistreacht a aimsiú ar úsáid scileanna bunúsacha matamaiticiúla agus ar mheabhrú bunfhíoras uimhris.

Cuspóirí ginearálta

Ach a c(h)umais dhúchasacha agus tosca athraitheacha a chur san áireamh, ba chóir go gcuirfeadh curaclam na matamaitice ar chumas an pháiste

Forbairt scileanna

- coincheapa agus próisis mhatamaiticiúla a chur i bhfeidhm agus réitigh ar fhadhbanna a phleanáil agus a chur i gcrích i gcomhthéacsanna éagsúla
- idéanna, próisis agus torthaí matamaiticiúla a chur in iúl ó bhéal agus i bhfoirm scríofa
- naisc mhatamaiticiúla a dhéanamh laistigh den mhatamaitic féin, ar fud ábhar eile léinn agus, freisin, in úsáid na matamaitice i gcomhthéacsanna praiticiúla laethúla
- réasúnú, iniúchadh agus hipitéisiú a dhéanamh i dtaca le patrúin agus coibhneasa sa mhatamaitic
- bealaí cuí oibre, idir bhealaí caighdeánacha agus bhealaí neamhchaighdeánacha, a chur i bhfeidhm agus uirlisí agus láimhseoga éagsúla a úsáid chuige sin
- téarmaíocht, fíorais, sainmhínte agus foirmlí matamaiticiúla a thuiscint agus a thabhairt chun cuimhne

Uimhreas

- ionadluach sa chóras deichmhear (deachúlacha san áireamh) a thuiscint, a fhorbairt, agus a chur i bhfeidhm
- airíonna uimhris a thuiscint agus a úsáid
- nádúr na gceithre oibríocht uimhris a thuiscint agus iad a chur i bhfeidhm go cuí
- sracmheastachán, meastachán agus ríomhaireacht mheabhrach a dhéanamh agus bunfhórais uimhris a thabhairt chun cuimhne
- na naisc idir codáin, céatadáin agus deachúlacha a thuiscint agus foirmeacha coibhéiseacha a aithris
- na coincheapa, na scileanna agus na próisis atá sealbhaithe aige/aici a úsáid i réiteach fadhbanna

Ailgéabar

- patrúin agus coibhneasa in uimhreacha a iniúchadh, a thabhairt faoi deara, a úsáid, agus a léirthuisicint
- slánuimhreacha deimhneacha agus diúltacha a aithint ar an uimhirlíne
- coincheap na hathróige a thuiscint agus luachanna a chur in áit athróg i bhfoirmlí, sloinn agus cothromóidí simplí
- fadhbanna de rá béil a aithris mar shloinn ailgéabracha
- tuiscint ar airíonna agus rialacha maidir le sloinn ailgéabracha a shealbhú
- cothromóidí simplí líneacha a réiteach
- na coincheapa, na scileanna agus na próisis atá sealbhaithe aige/aici a úsáid i réiteach fadhbanna

Cruth agus spás

- feacht ar spásúlacht a fhorbairt
- airíonna línte, uillinneacha agus cruthanna déthoiseacha is tríthoiseacha a imscrúdú, a aithint agus a rangú agus cuntas a thabhairt orthu
- coibhneasa agus rialacha maidir le cruth a dhéanamh amach go neamhfhoirmiúil

- cruthanna déthoiseacha a chur le chéile, a theisiliú agus a fhoroinnt agus cruthanna tríthoiseacha a chur le chéile agus a fhoroinnt
- cruthanna déthoiseacha is tríthoiseacha a tharraingt, a thógáil agus a láimhsiú
- siméadracht i gcruthanna a aithint agus cruth agus siméadracht sa timpeallacht a aithint
- treo agus suíomh a chur in iúl go corplárnach (clé/deas, ar aghaidh/ar gcúl) agus trí chéimseata chomhordanáideach shimplí
- na coincheapa, na scileanna agus na próisis atá sealbhaithe aige/aici a úsáid i réiteach fadhbanna

Tomhais

- uirlisí oiriúnacha tomhais a aithint, a roghnú agus a úsáid
- fad, achar, meáchan, toilleadh agus meánluas a mheas, a thomhas agus a ríomh agus aonaid chuí tomhais, idir aonaid neamhchaighdeánacha agus aonaid mhéadracha, a úsáid
- uillinneacha, am, airgead agus scála a mheas, a thomhas agus a ríomh agus aonaid neamhchaighdeánacha agus aonaid chuí tomhais a úsáid
- tomhais i ngnáthúsáid laethúil a aithint agus a léirthuisint
- na coincheapa, na scileanna agus na próisis atá sealbhaithe aige/aici a úsáid i réiteach fadhbanna

Sonraí

- sonraí a bhailiú, a rangú, a eagrú agus a léiriú ag úsáid ábhar nithiúil agus léiriúchán diagramach, grafach nó pictiúrtha
- táblaí, léaráidí, barra-chairteacha, picteagraim, línghraif agus píchairteacha a léamh, a chiallú, agus a anailísiú
- torthaí ar phróisis fhánacha shimplí a léirthuisint, a aithint agus a chur in iúl
- seans a mheas agus a ríomh
- na coincheapa, na scileanna agus na próisis atá sealbhaithe aige/aici a úsáid i réiteach fadhbanna.

Pleanáil sa mhatamaitic

Tá ábhar churaclam na matamaitice á chur i láthair i líon de shnáitheanna agus de shnáithaonaid. Tugtar eiseamláirí i gcló iodálach ar fud gach snáithe. Níl iontu seo ach moltaí teoranta. Baineann na moltaí a dhéantar sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Le linn pleanála níor mhiste do mhúinteoirí na rudaí seo a leanas a mheabhrú:

- nach réimsí leithliseacha iad *snáitheanna* an chláir. Níor mhór breathnú orthu agus iad a mhúineadh mar aonaid a bhfuil gaol eatarthu agus ina bhfuil tuiscint i réimse amháin ag brath ar choincheapa agus idéanna i snáitheanna eile agus tacúil leo.
- go mbainfidh páistí úsáid as a n-eolas i réimse amháin den mhatamaitic chun réimse eile a iniúchadh. D'fhéadfaidís an t-eolas atá acu ar fhíorais uimhris a chleachtadh le linn gníomhaíochtaí tomhais, agus d'fhéadfaidís go mbeadh coincheapa céimseatan ag teastáil chun sonraí a chur i láthair. Tugtar *nascadh* air seo.
- gur cheart deiseanna breise a aithint d'fhonn coincheapa agus scileanna matamaiticiúla a *chomhtháthú* le gnéithe eile den churaclam, toisc nach bhfuil iontu siúd a léirítear san ábhar ach treoracha amháin
- gur chóir *cothromaíocht* chuí a bheith idir ghnéithe difriúla na matamaitice. Cé go bhfuil uimhreas tábhachtach, níor cheart go ndéanfaí faillí ar shnáitheanna eile chun cúram a dhéanamh de, agus ba chóir *leanúnachas agus dul chun cinn* a dheimhniú sa chlár
- gur cheart *athbhreithniú* ar choincheapa agus ar scileanna a dhéanamh go críochnúil sula dtosófaí ar ábhar nua a iniúchadh
- gur cheart iniúchadh a dhéanamh ar idéanna agus ar choincheapa matamaiticiúla le hilchnuasach *fearais* roimh chlárú scríofa d'aon chineál a dhéanamh sa mhatamaitic
- nár mhór béim a leagan ar *dhíospóireacht*, idir na páistí féin agus idir an múinteoir agus na páistí. Ba chóir go mbeadh sí seo ina cuid dhílis den obair i ngach snáithe
- gur chóir *difríochtaí aonair* i gcumas, i ngnóthachtáil agus i stíl foghlama a chur san áireamh le linn pleanála
- nach mór féachaint ar *mheasúnú* mar chuid dhílis den phróiseas teagaisc agus foghlama
- go bhfuil sé tábhachtach go nglacfaidís páistí le matamaitic mar rud *praiticiúil ábharthach*. Ní mór deiseanna a chur ar fáil dóibh a dtuiscint agus a scileanna sa mhatamaitic a thógáil agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna a thagann óna n-eispéiris agus a dtimpeallacht féin.

Ranganna
naíonán

Forbairt scileanna

Forbairt scileanna

- Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna
 - Cumarsáid agus cur in iúl
 - Comhtháthú agus nascadh
 - Réasúnaíocht
 - Cur i bhfeidhm
 - Tuiscint agus tabhairt chun cuimhne
-

Snáitheanna

Snáithaonaid

Luathghníomhaíochtaí matamaiticiúla

- Rangú
 - Meaitseáil
 - Comparáid a dhéanamh
 - Cur in ord
-

Uimhreas

- Comhaireamh
 - Comparáid agus ordú
 - Anailís uimhris
Cónascadh
Foroinnt
Uimhriú
-

Ailgéabar

- Patrúin a fhorleathnú
-

Cruth agus spás

- Feasacht ar spásúlacht
 - Cruthanna tríthoiseacha (3-T)
 - Cruthanna déthoiseacha (2-T)
-

Tomhais

- Fad
 - Meáchan
 - Toilleadh
 - Am
 - Airgead
-

Sonraí

- Sonraí a aithint agus a léirmhíniú

Forbairt scileanna do ranganna naíonán

De thioradh snáithaonaid churaclam na matamaitice a chríochnú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna

- ábhair agus próisis oiriúnacha a roghnú le haghaidh tascanna matamaiticiúla
- straitéisí oiriúnacha chun tasc a thabhairt chun críche nó chun fadhb a réiteach a roghnú agus a chur i bhfeidhm
- réitigh ar fhadhbanna a aithint

Cumarsáid agus cur in iúl


- gníomhaíochtaí matamaiticiúla a phlé agus a mhíniú
- torthaí gníomhaíochtaí matamaiticiúla a chlárú go nithiúil agus léaráidí, pictiúir agus uimhreacha a úsáid chuiige sin
- fadhbanna a chuirfí i láthair go nithiúil, go pictiúrtha nó ó bhéal a phlé

Comhtháthú agus nascadh

- idéanna matamaiticiúla a shealbhódh sé/sí go neamhfhoirmiúil a cheangal le hidéanna foirmiúla
- matamaitic a aithint sa timpeallacht
- an gaol idir dóigheanna ó bhéal, nithiúla, pictiúrtha agus siombalachacha chun uimhreacha a léiriú a aithint
- gníomhaíochtaí matamaiticiúla atá bainteach le gnéithe eile den churaclam a chomhall

Réasúnaíocht

- rudaí a rangú in aicmí loighciúla
- patrúin inbhraite a aithint agus a chruthú
- bonn le próisis nó le torthaí gníomharochtaí a thabhairt



Cur i bhfeidhm

- straitéisí meabhracha agus bealaí oibre a bheartú agus a úsáid chun tascanna matamaiticiúla a chomhall
- láimhseoga cuí a úsáid chun tascanna agus próisis sa mhatamaitic a chomhall

Tuiscint agus tabhairt chun cuimhne

- téarmaíocht a thabhairt chun cuimhne agus a thuiscint.

Snáithe: Luathghníomhaíochtaí matamaiticiúla

Ábhar do naíonáin shóisearacha

Snáithaonad Rangú

Ba chóir go gcúirfí ar chumas an pháiste

- rudaí a rangú ar bhonn tréithe amháin, mar shampla dath, cruth, uigeacht nó méid
bailiúcháin de rudaí a shórtáil
rudaí cosúla a shuimiú le tacar atá sonraithe go soiléir
- comhlánú tacair a aithint (.i. baill nach bhfuil i dtacar)
rudaí is maith liom/nach maith liom a chur in aicmí
rudaí dearga/rudaí nach bhfuil dearg.

Snáithaonad Meaitseáil

Ba chóir go gcúirfí ar chumas an pháiste

- tacair choibhéiseacha agus neamhchoibhéiseacha a mheaitseáil, ag úsáid comhfhreagrais aon lena haon
péirí de rudaí comhionannacha a mheaitseáil i gcomhfhreagras aon lena haon: cipíní líreacáin, ciúbanna Unifix
péirí de rudaí gaolmhara a mheaitseáil i gcomhfhreagras aon lena haon: forcanna agus sceana a leagan amach, cnaipí ar chótaí a cheangal, claibíní a chur ar phannaí
tacair choibhéiseacha agus neamhchoibhéiseacha a mheaitseáil d'fhonn coincheap mar níos mó ná, níos lú ná, dóthain, cóimhéid le a bhunú.

Snáithaonad Comparáid a dhéanamh

Ba chóir go gcúirfí ar chumas an pháiste

- rudaí a chur i gcomparáid maidir le fad, leithead, airde, meáchan, cainníocht, tiús, méid
déan comparáid idir péirí de rudaí den saghas céanna ach atá difriúil i bhfad, agus an gá le bunlíne nó túsphointe a nótaíl
péirí de phinn luaidhe a chur i gcomparáid
cad é an difríocht idir ceann amháin agus an chéad cheann eile?
fada/gearr, níos faide/níos giorra
- tacair a chur i gcomparáid gan chomhaireamh
níos mó ná agus níos lú ná.

Snáithaonad Cur in ord

Ba chóir go gcúirfí ar chumas an pháiste

- rudaí a chur in ord de réir faid nó airde
scrúdaigh trí rud agus tabhair cuntas ar an difríocht idir gach ceann acu agus an ceann roimhe
rudaí a chur in ord de réir faid nó airde, ag tosú le rud difriúil gach uair
rudaí nua a chur in ord chun tacar cosúil le ceann ar leith a dhéanamh
- tacair a chur in ord gan chomhaireamh.

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang

Snáithe: Uimhreas

Ábhar do naíonáin shóisearach

Ábhar do naíonáin shinsearach

Snáithaonad Comhaireamh

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- an líon rudaí i dtacar a chomhaireamh, 1–10
rudaí a chomhaireamh, á gcur i leataobh lena linn línte nó sraitheanna rialta a chomhaireamh roimh ghrúpaí fánacha rímeanna agus scéalta uimhris a úsáid.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- an líon rudaí i dtacar a chomhaireamh, 0 – 20
an tacar céanna a chomhaireamh go minic, ag tosú le ball difriúil gach uair patrúin agus sraitheanna difriúla den uimhir chéanna a chur i láthair.

Snáithaonad Comparáid agus ordú

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tacair choibhéiseacha agus neamhchoibhéiseacha (1–5) a chur i gcomparáid trí mheaitseáil gan siombailí a úsáid
*meaitseáil aon lena haon a úsáid chun ionannas agus neamhionannas a aithint (níos mó ná/níos lú ná/ionann le)
cláraigh trí líníocht*
- tacair de rudaí a ordú de réir uimhreacha, 1–5
tacair de rudaí a chóiriú de réir méid maidí agus uimhirstiallacha a ordú de réir faid uimhreacha a ordú; iad a mheaitseáil le tacair agus le patrúin uimhris
- teanga orduimhreach a úsáid: an chéad, deireanach
*cé hé/hí an chéad duine/an duine deireanach sa líne?
is é dearg an chéad dath, is é gorm an dath deireanach.*

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tacair choibhéiseacha agus neamhchoibhéiseacha (0–10) a chur i gcomparáid trí mheaitseáil
an neamhionannas a ainmniú: tá dhá cheann de bhreis agam ort; tá 3 níos lú ná 5
- tacair de rudaí a ordú de réir uimhreacha, 0 – 10
- teanga orduimhreach a úsáid: an chéad, dara, tríú, deireanach
orduimhir a úsáid chun suíomh ar líne a thabhairt an teanga seo a úsáid le linn uimhreacha a ordú.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Cónascadh

- comhpháirteanna uimhreacha, 1–5, a iniúchadh
slite a aithint inar féidir na huimhreacha a léiriú le rudaí nithiúla:
4 agus 1, 2 agus 2, 1 agus 2 agus 1
péirí d'fhíorais ghaolmhara a aithint:
1 agus 2 cothrom le 2 agus 1
- tacair de rudaí a chur le chéile, iomláin go dtí 5
ball breise a chur le tacar ar leith
dhá thacar a chur le chéile, an t-iomlán a thabhairt
clárú go pictiúrtha

Foioinnt

- tacair de rudaí, 1–5, a fhoioinnt
tacair de rudaí a fhoioinnt le peann luaidhe nó le sop chun na comhpháirteanna a thaispeáint
clárú go pictiúrtha

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Cónascadh

- comhpháirteanna uimhreacha, 1–10, a iniúchadh
- tacair de rudaí a chur le chéile, iomláin go dtí 10
straitéisí oiriúnacha a úsáid: gach rud a chomhaireamh,
comhaireamh ar aghaidh
comhaireamh ar aghaidh ar an uimhirstiall
tosú ag 5, comhaireamh ar aghaidh 3, cá bhfuilim?
comhaireamh ó bhéal gan an uimhirstiall
a dó nó a trí de thacair a chur le chéile, an t-iomlán a thabhairt
clárú

Foioinnt

- tacair de rudaí, 0–10, a fhoioinnt
tá ochtar ar mo fhoireann. Is cailíní seisear acu, cé mhéad buachaill uirthi?
clárú go pictiúrtha
- na siombailí + agus = a úsáid chun uimhirabairtí le suimiú iontu a chumadh
níor cheart siombailí a thabhairt isteach go foirmiúil gan dóthain oibre ó bhéal agus iniúchta a bheith déanta ní foláir ciall na siombailí a phlé go minic
ní fhógraíonn an comhartha ‘go leanann an freagra é’: is ionann ‘cothrom le’ agus ‘mar an gcéanna’ nó coibhéiseach; iniúchadh a dhéanamh agus uimhirmheá in úsáid

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi lámhsíú an ábhair leis an dá rang.

Ábhar do naíonáin shóisearacha

Uimhriú

- tuiscint ar neamhaithrecht uimhris, 1–5, a fhorbairt
sraitheanna cuspaí a athchóiriú, a chomhaireamh agus a thabhairt faoi deara nach n-athraíonn an uimhir
- uimhreacha, 1–5, a léamh, a scríobh, agus a chur in ord
tacair a mheaitseálann uimhir a chur i láthair agus a mhalairt de dhóigh
áiritheoirí nó nithe eile a úsáid chun uimhirphatruín a chumadh
uimhreacha a ghearradh as páipéar gainimh nó as cairpéad agus iad a rianú
uimhreacha a líniú i ngaineamh nó le crián tiubh
- an tacar folamh agus an uimhir nialas a aithint
ciseán folamh a thaispeáint; cé mhéad úll ann?
pinn luaidhe a thógáil as próca go dtí nach bhfágtar ceann ar bith; taispeáin an uimhir
comhair siar go nialas
rainn le huimhreacha agus le comhaireamh siar
- an líon rudaí, 1–5, i dtacar a insint le sracfhéachaint
an líon rudaí i dtacar a insint le sracfhéachaint
meastachán a dhéanamh agus tacar atá ar eolas á úsáid
tacair eile a rangú, gan chomhaireamh, mar níos lú ná/thart ar an méid céanna le/níos mó ná an tacar atá ar eolas

Ábhar do naíonáin shinsearacha

Uimhriú

- tuiscint ar neamhathraitheacht uimhris, 0–10, a fhorbairt
- uimhreacha, 0–10, a léamh, a scríobh, agus a chur in ord
- an tacar folamh agus an uimhir nialas a aithint
- an líon rudaí i dtacar a mheas, 2–10
an meastachán a dhearbhu trí chomhaireamh

- fadhbanna simplí ó bhéal a réiteach, 0–5

*tá trí cheapaire agat don lón, itheann tú dhá cheann,
cé mhéad atá fágtha? Is féidir nialas a úsáid nuair nach
mbíonn ceann ar bith fágtha*

*tá dhá chrián ag Siobhán, tá trí chrián ag Seán, cé
mhéad ar fad?*

*tugann an múinteoir fadhb ó bhéal, úsáideann na páistí
áiritheoirí lena réiteach.*

- fadhbanna simplí, ó bhéal agus i bpictiúir, a réiteach,
0–10

*is féidir scéalfhadhbanna agus ceisteanna taighde
ceannoscailte a áireamh i measc na bhfadhbanna*

*cé mhéad bealach difriúil ar féidir leat patrún a
dhéanamh le sé áiritheoir?*

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Snáithe: Ailgéabar

Ábhar do naíonáin shóisearach

Ábhar do naíonáin shinsearach

Snáithaonad

Patrúin a fhorleathnú

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- patrúin i ndath, i gcruth agus i méid a aithint, a chóipeáil, agus a fhorleathnú

leanúint leis an bpatrún, ag úsáid raon de rudaí:

ciúbanna, coirníní; cad é an chéad rud eile?

cumann páistí a bpatrúin féin, ag úsáid cruthanna déanta de pháipéar gumaithe; dhá dhath, dhá chruth, dhá thoise

is féidir cláir ríomhaire a úsáid de réir mar is cuí torthaí a phlé.

Comhtháthú

Na hAmharcealaíona: Déanamh priontaí

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- patrúin i ndath, i gcruth, i méid agus in uimhreacha (a trí nó a ceathair de bhail) a aithint, a chóipeáil, agus a fhorleathnú

patrúin a chóipeáil agus a leathnú, ag úsáid coirníní agus blocanna, trí líníocht agus dathú;

m.sh. dhá cheann ghorma, trí cinn dhearga; trí chiorcal, cearnóg amháin;

dhá choirín mhóra, coirín beag amháin; dearg, gorm, buí

torthaí a phlé

- sraitheanna difriúla d'uimhir amháin a fhionnachtan

déanann an múinteoir patrún (sraith), ag úsáid roinnt áiritheoirí; cumann an páiste sraith eile leis an líon céanna áiritheoirí

cé mhéad patrún difriúil de dheich gcinn ar féidir leat a dhéanamh?

cé mhéad uimhir ar féidir leat a rangú i bpéirí?

- patrúin a aithint agus na chéad uimhreacha eile iontu a réamhinsint

aimsigh na huimhreacha atá in easnamh:

2, 3, 4, □, 6, 7

10, 9, □, □, 6, 5, 4, 3, □, □.

Comhtháthú

Na hAmharcealaíona: Déanamh priontaí

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi lámhsiú an ábhair leis an dá rang.

Snáithe: Cruth agus spás

Ábhar do naíonáin shóisearacha

Ábhar do naíonáin shinsearacha

Snáithaonad Feasacht ar spásúlacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- an foclóir a bhaineann le coibhneasa spásúla a iniúchadh, a phlé, a fhorbairt agus a úsáid
suíomh: thar, faoi, suas, síos, ar, le hais
i treonna: ag gluaiseacht i línte díreacha/cuara, i gciorca, ag aimsiú spáis phearsanta.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- an foclóir a bhaineann le coibhneasa spásúla a iniúchadh, a phlé, a fhorbairt, agus a úsáid
suíomh: os cionn, faoi bhun, gar do, i bhfad ó, deas, clé,
stop agus inis cá bhfuil tú
treo: tríd an bhfonsa, laistiar den mhata
stop agus déan cur síos ar do ghníomh.

Snáithaonad Cruthanna 3-T

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- cruthanna 3-T, idir rialta agus neamhrialta, a shórtáil
rudáí a/nach rollann, a/nach luíonn le chéile
tógálacha a dhéanamh le cruthanna 3-T agus iad a phlé
- fadhbanna agus tascanna bunaithe ar chruth a réiteach.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- cruthanna 3-T a shórtáil, cuntas a thabhairt orthu, agus iad a aimniú: ciúb, ciúbóideach, sféar agus sorcóir
faobhar, cúinne, aghaidh, díreach, cuar, cruinn agus leibhéalta
cruthanna a shórtáil de réir rialacha, m.sh. rudáí le ceithre aghaidh, rudáí a rollann
- cruthanna 3-T a chur le chéile chun cruthanna eile a dhéanamh
- fadhbanna is tascanna bunaithe ar chruth a réiteach.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- cruthanna 2-T—cearnóg, ciorcal, triantán, dronuilleog—a shórtáil agus a ainmniú
sórtáil faoi threoir ar chruthanna déthoiseacha, ag baint feidhme as critéir éagsúla
m.sh. neamhchruinn, tiubh/tanaí
- ábhair fhorganta oiriúnacha a úsáid chun pictiúir a dhéanamh
- fadhbanna bunaithe ar chruth a réiteach
cé acu dhá chruth a thagann le chéile chun cearnóg a chlúdach?

Comhtháthú

Corpoideachas: Damhsa; Gleacaíocht

Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta

Na hAmharcealaíona: Tógáil

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- cruthanna 2-T—cearnóg, ciorcal, triantán, dronuilleog—a shórtáil, cur síos a dhéanamh orthu, agus iad a ainmniú
cruthanna éagsúla a bhailiú agus a shórtáil
m.sh. díreach, cuar, cothrom, slios, uillinn
cruthanna a dhéanamh le sopanna ealaíne ar gheochlár
cruthanna sa timpeallacht a tharraingt
- cruthanna 2-T a chur le chéile agus a fhoroinnt chun cruthanna níos mó nó níos lú a dhéanamh
cruthanna páipéir a ghearradh in dhá nó i gceithre pháirt agus na torthaí a phlé
- fadhbanna bunaithe ar chruth agus spás a réiteach
cruth a dhéanamh le seacht mbloc
cé mhéad cruth éagsúil ar féidir leat a dhéanamh le cúig bhloc?
- treoracha simplí gluaiste agus casta a thabhairt.

Comhtháthú

Corpoideachas: Damhsa; Gleacaíocht

Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta

Na hAmharcealaíona: Tógáil

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Snáithe: Tomhais

Ábhar do naíonáin shóisearacha

Ábhar do naíonáin shinsearacha

Snáithaonad Fad

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tuiscint ar choincheap faid a fhorbairt trí iniúchadh, trí dhíospóireacht agus trí fhoclóir oiriúnach a úsáid

rudaí sa timpeallacht a phlé: fada/gearr, ard/íseal, leathan/cúng, níos faide ná, níos giorra ná, níos leithne ná

rudaí a shórtáil ar bhonn faid

- rudaí a chur in ord agus i gcomparáid ar bhonn faid nó airde.

Comhtháthú

Ceol: Ag cothú léirthuisicint ar ré; Litearthacht luath

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tuiscint ar choincheap faid a fhorbairt trí iniúchadh, trí dhíospóireacht agus trí fhoclóir oiriúnach a úsáid

*chomh fada le/chomh leathan le/is faide/
is giorra a thuiscint*

- fad a mheas agus a thomhas in aonaid neamhchaighdeánacha

*meastachán a dhéanamh agus é a dhearbhuí trí thomhas
i do thuairim cé mhéad cipín líreacáin a luifidh ar feadh an bhoird? tuairim a chaitheamh, dearbhú agus plé*

- aonaid neamhchaighdeánacha chuí a roghnú agus a úsáid chun fad, leithead nó airde a thomhas; na cúiseanna leis an rogha a phlé

fadhbanna simplí a chur i láthair:

Conas is féidir linn a fháil amach cé acu is leithne, an doras nó an bord?

Cé acu aonad a úsáidfimid (maide nó peann luaidhe)?

Comhtháthú

Ceol: Ag cothú léirthuisicint ar ré; Litearthacht luath

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tuiscint ar choincheap meáchain a fhorbairt trí iniúchadh, trí rudaí a láimhsiú, agus trí fhoclóir oiriúnach a úsáid

trom/éadrom, níos troime/níos éadroime, ar chóimheá, meá

rudaí a shórtáil i dtacair de rudaí atá trom nó éadrom

rudaí a láimhsiú agus foclóir meáchain a úsáid chun cur síos orthu

- rudaí a chur i gcomparáid ar bhonn meáchain

fadhbanna simplí a chur i láthair, m.sh. meas a thabhairt (tuairim a chaitheamh) trí láimhsiú

cé acu rud is troime nó is éadroime?

dearbhú a dhéanamh le meá; plé a dhéanamh

péire rudaí atá dealraitheach le chéile ach atá éagsúil ó thaobh meáchain a chur i gcomparáid le chéile, m.sh. liathróid ghailf agus liathróid phlaisteach scuaise.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tuiscint ar choincheap meáchain a fhorbairt trí iniúchadh, trí rudaí a láimhsiú, agus trí fhoclóir oiriúnach a úsáid

- rudaí a chur i gcomparáid agus in ord ar bhonn meáchain

rudaí atá éagsúil i méid, cruth agus meáchan a chur i gcomparáid trí láimhsiú

dearbhú a dhéanamh le meá agus plé a dhéanamh

rud a chur i gcomparáid le cnuasach rudaí

cnuasach amháin rudaí a chur i gcomparáid le cnuasach eile trí rud a chur in ord de réir meáchain trí láimhsiú; dearbhú a dhéanamh le meá; plé a dhéanamh

- meastachán agus meá a dhéanamh le haonaid neamhchaighdeánacha

dearbhaigh le meá

fadhbanna simplí a chur i láthair:

cé mhéad úll, i do thuairim, a chothromóidh do bhosca lóin?

- aonaid neamhchaighdeánacha chuí a roghnú agus a úsáid chun rudaí a mheá

fadhbanna simplí a chur i láthair:

Conas is féidir linn meáchan cloiche a aimsiú?

Cé acu aonad a úsáidfimid (cipíní lasán nó cnónna capaill)?

cúiseanna leis an rogha a phlé.

Comhtháthú

Tíreolaíocht: Timpeallacht dhaonna

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Ábhar do naíonáin shóisearacha

Ábhar do naíonáin shinsearacha

Snáithaonad Toilleadh

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tuiscint ar choincheap toillidh a fhorbairt trí iniúchadh agus trí fhoclóir cuí a úsáid
lán/beagnach lán/folamh/toilleann breis
ann/toilleann níos lú ann/toilleann an méid céanna iontu
soithigh atá éagsúil ó thaobh méid a líonadh agus a fholmhú; é a phlé
soithigh a úsáid chun soithigh atá níos mó ná iad féin a líonadh
- soithigh a chur i gcomparáid lena chéile ó thaobh toillidh
soithigh éagsúla a úsáid; é a phlé
béim a chur ar gurb ionann lán agus lán go barr fadhbanna simplí a chur i láthair:
an dóigh leat go dtoilleann níos mó gainimh sa phróca nó sa chupán?
an dtoillfidh an t-uisce go léir atá sa chrúsca cupán?

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tuiscint ar choincheap toillidh a fhorbairt trí iniúchadh agus trí fhoclóir cuí a úsáid
- soithigh a chur i gcomparáid lena chéile agus in ord de réir toillidh
soitheach amháin a líonadh agus a bhfuil ann a dhoirteadh isteach i gceann eile
comparáid a dhéanamh idir toilleadh dhá shoitheach atá an-éagsúil agus tabhairt faoi deara gur féidir leo araon an méid céanna a choimeád
trí shoitheach a chur i gcomparáid agus in ord de réir toillidh; lipéid a chur orthu, m.sh. toilleann níos mó ann/toilleann an méid is mó ann

- toilleadh a mheas agus a thomhas in aonaid neamhchaighdeánacha

fadhbanna simplí a chur i láthair:

déan meastachán (tuairim a chaitheamh) cé mhéad spúnóg nó ubhchupán gainimh nó pis thirim a líonfaidh an cupán

cé mhéad crúiscín uisce a líonfaidh an buicéad?

an t-aonad céanna a úsáid chun dhá shoitheach dhifriúla a líonadh, dearbhaigh trí thomhas

torthaí a chlárú ag úsáid áiritheora amháin do gach cupán nó crúiscín a doirteadh, na páistí ag obair i mbeirteanna

- aonaid neamhchaighdeánacha chuí a roghnú agus a úsáid chun toilleadh a thomhas

fadhbanna simplí a chur i láthair:

Conas is féidir linn toilleadh an bhuicéid a fháil?

*Cé acu aonad a úsáidfimid (taespúnóg nó cupán)?
na cúiseanna leis an rogha a phlé.*

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Ábhar do naíonáin shóisearacha

Ábhar do naíonáin shinsearacha

Snáithaonad Am

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tuiscint ar choincheap ama a fhorbairt trí úsáid a bhaint as foclóir cuí
maidin/tráthnóna, oíche/lá, am lóin, am codlata, moch/déanach, laethanta na seachtaine, laethanta scoile, deireadh seachtaine
foclóir ama a úsáid chun imeachtaí a phlé an aimsir a chlárú ar chairt gach lá
- imeachtaí laethúla agus céimeanna scéil a chur in ord leanúnach
cuireann na páistí imeachtaí coitianta in ord pictiúir a chur in ord ama
imeachtaí i scéalta agus i rainn choitianta a chur in ord ama.

Comhtháthú

Stair: Mé féin agus mo theaghlach

Tíreolaíocht: An domhan fisiceach

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tuiscint ar choincheap ama a fhorbairt trí úsáid a bhaint as foclóir cuí
inné/inniu/amárach/séasúir/go luath/níl fós/lá breithe
imeachtaí suntasacha, féilte, laethanta saoire
- imeachtaí laethúla agus seachtainiúla agus céimeanna i scéal a chur in ord leanúnach
tráthanna suntasacha i rith an lae a phlé seicheamh ama maidir le ceithre imeacht sa lá scoile a chlárú ó bhéal agus i bpictiúir
leabhar gearrthóg de ‘mo lá’ a dhéanamh tugann na páistí earráidí i seicheamh faoi deara agus pléann siad iad
- am a léamh in achair uair an chloig.

Comhtháthú

Stair: Mé féin agus mo theaghlach

Tíreolaíocht: An domhan fisiceach

Snáithaonad

Airgead (le húsáid go dtí go dtagann an euro i bhfeidhm)

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- boinn airgid (go dtí 5p) a aithint agus a úsáid
*boinn 1p, 2p agus 5p a shórtáil agus a ainmniú
boinn chuí a roghnú do ghníomhaíochtaí
simplí siopadóireachta*
*Foclóir cuí a úsáid: ceannaigh, díol, caith,
boinn, pingíní, cé mhéad?*
- tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar airgead a réiteach.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- boinn airgid go dtí 20p a aithint agus boinn go dtí 10p a úsáid
*líon áirithe de bhoinn a mhalartú ar bhonn amháin den luach céanna agus a mhalairt de dhóigh
boinn a úsáid i ngníomhaíochtaí siopadóireachta; na boinn airgid chuí a thairiscint agus sóinseáil a ríomh
foclóir cuí a úsáid: costas, praghas, saor/daor, sóinseáil, an iomad/gan go leor*
- tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar airgead a réiteach
*cé na rudaí is féidir a cheannach le bonn airgid áirithe?
caith an tsuim chéanna airgid in dhá shlí dhifriúla.*

Snáithaonad

Airgead—euro

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- boinn airgid (go dtí 5 cent) a aithint agus a úsáid
*boinn go dtí 5 cent a shórtáil agus a ainmniú
boinn chuí a roghnú do ghníomhaíochtaí simplí
siopadóireachta*
*Foclóir cuí a úsáid: ceannaigh, díol, caith, boinn, cé
mhéad?*
- tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar airgead a réiteach.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- boinn airgid go dtí 20 cent a aithint agus boinn go dtí 10 cent a úsáid
*líon áirithe de bhoinn a mhalartú ar bhonn amháin den luach céanna agus a mhalairt de dhóigh
boinn a úsáid i ngníomhaíochtaí siopadóireachta; na boinn airgid chuí a thairiscint agus sóinseáil a ríomh
foclóir cuí a úsáid: costas, praghas, saor/daor, sóinseáil, an iomad/gan go leor*
- tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar airgead a réiteach
*cé na rudaí is féidir a cheannach le bonn airgid áirithe?
caith an tsuim chéanna airgid in dhá shlí dhifriúla.*

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Snáithe: Sonraí

Ábhar do naíonáin shóisearacha

Ábhar do naíonáin shinsearacha

Snáithaonad **Sonraí a aithint agus a léirmhíniú**

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tacair de rudaí a shórtáil agus a rangú de réir critéir amháin

bailiúcháin a shórtáil ar bhonn datha, crutha, méid, uigeachta agus feidhme

- tacair chothroma agus éagothroma a mheaitseáil
go leor/níos mó ná/cóimhéid le/níos lú ná
- tacar de shonraí simplí matamaiticiúla a léiriú agus a léirmhíniú agus réada, samhla agus pictiúir in úsáid

léiríonn páistí an tacar roghnaithe go nithiúil agus i bpictiúir

aithníonn páistí an comhfhreagras uimhriúil idir pictiúir agus rudaí, m.sh. tacar na bpáistí a raibh úll acu don lón.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tacair de rudaí a shórtáil agus a rangú de réir critéir amháin agus de réir dhá cheann

sórtáil in dhá ghrúpa de réir critéir amháin: le/gan rotha, atá/nach bhfuil dearg

sórtáil de réir dhá chritéir: bréagáin dhearga le rotha

- sonraí a léiriú agus a léirmhíniú in dhá shraith nó cholún agus réada, samhla agus pictiúir in úsáid

déanann páistí rogha idir dhá shaghas peata

tugtar pictiúir nó samhail de pheata don pháiste

cóirítear pictiúir nó samhla i gcolúin nó i sraitheanna i gcomhfhreagras aon lena haon

na torthaí a phlé agus comparáid a dhéanamh eatarthu an gá le bunlíne chomónta a phlé.

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi lámhsiú an ábhair leis an dá rang.

Ranigama

1 agus 2

Foramharc

ranganna 1 agus 2

Forbairt scileanna

Forbairt scileanna

- Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna
 - Cumarsáid agus cur in iúl
 - Comhtháthú agus nascadh
 - Réasúnaíocht
 - Cur i bhfeidhm
 - Tuiscint agus tabhairt chun cuimhne
-

Snáitheanna

Uimhreas

- Comhaireamh agus uimhriú
- Comparáid agus ordú
- Ionadluach
- Oibríochtaí

Suimniú

Dealú

- Codáin
-

Ailgéabar

Cruth agus spás

- Patrúin a fhorleathnú agus a úsáid
 - Feasacht ar spásúlacht
 - Cruthanna déthoiseacha (2-T)
 - Cruthanna tríthoiseacha (3-T)
 - Siméadracht
 - Uillinneacha
-

Tomhais

- Fad
 - Achar
 - Meáchan
 - Toilleadh
 - Am
 - Airgead
-

Sonraí

- Sonraí a léiriú agus a léirmhíniú

Forbairt scileanna do ranganna 1 agus 2

De thioradh snáithaonaid churaclam na matamaitice a chríochnú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna

- ábhair agus próisis oiriúnacha a roghnú le haghaidh tascanna agus feidhmeanna matamaiticiúla
- coincheapa agus próisis a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna éagsúla
- straitéisí oiriúnacha a roghnú agus a úsáid chun tasc a chomhall nó chun fadhb a réiteach
- réitigh ar fhadhbanna a aithint

Cumarsáid agus cur in iúl

- éisteacht le cuntais agus míniúcháin mhatamaiticiúla de chuid páistí eile agus iad a phlé
- gníomhaíochtaí matamaiticiúla a phlé agus a mhíniú
- torthaí gníomhaíochtaí matamaiticiúla a phlé agus a chláru ag úsáid léaráidí, pictiúr agus siombailí
- fadhbanna a chuirfí i láthair go pictiúrtha nó ó bhéal a phlé

Comhtháthú agus nascadh

- idéanna matamaiticiúla a shealbhódh sé/sí go neamhhoirmiúil a cheangal le hidéanna foirmiúla matamaiticiúla
- matamaitic a aithint sa timpeallacht
- an gaol a aithint idir dhóigheanna ó bhéal, nithiúla, pictiúrtha agus siombalach a chun uimhreacha a léiriú
- gníomhaíochtaí matamaiticiúla atá bainteach le gnéithe eile den churaclam a chomhall
- na hidéanna matamaiticiúla atá taobh thiar de na próisis a d'úsáidfeadh sé/sí a thuiscint



Réasúnaíocht

- rudaí a rangú in aicmí loighciúla
- buillí faoi thuairim a thabhairt agus trialacha a dhéanamh chun iad a thástáil
- patrúin agus gaolta matamaiticiúla a aithint agus a chumadh
- boinn a thabhairt le próisis agus le torthaí gníomhaíochtaí matamaiticiúla

Cur i bhfeidhm

- straitéisí meabhreacha agus bealaí oibre a cheapadh agus a úsáid chun tascanna matamaiticiúla a chomhall
- láimhseoga cuí a úsáid chun tascanna agus próisis mhatamaiticiúla a chomhall
- bealaí oibre a chur i bhfeidhm go héifeachtach

Tuiscint agus tabhairt chun cuimhne

- téarmaíocht agus fíorais a thuiscint agus a mheabhrú.

Snáithe: Uimhreas

Ábhar do rang 1

Ábhar do rang 2

Snáithaonad

Comhaireamh agus uimhriú

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- an líon rudaí i dtacar a chomhaireamh

an tacar céanna a chomhaireamh go minic, ag tosú le ball difriúil gach uair (sraitheanna rialta agus sraitheanna fánacha)

tacair agus sraitheanna a athchóiriú agus a chomhaireamh arís lena dhaingniú nach n-athraíonn líon na mball

- bunuimhreacha (0–99) a léamh, a scríobh, agus a chur in ord

uimhir a mheaitseáil le tacar agus a mhalairt de dhóigh uimhreacha a scríobh a fhreagraíonn do thacair comhaireamh ar aghaidh agus siar, ó uimhir áirithe, ag úsáid ábhar nithiúil, na huimhirlíne agus na 100-chearnóige

an uimhir a leanann nó a thagann roimh uimhir ar leith a lua

- an líon rudaí i dtacar a mheas (0–20)

tacar atá ar eolas a chur i gcomparáid le tacair eile; dearbhú a dhéanamh trí chomhaireamh a rá faoi thacair dhifriúla cé acu a bhfuil siad níos lú ná, níos mó ná nó beagnach mar an gcéanna le tacar ar leith.

- an líon rudaí i dtacar a chomhaireamh

meastachán a dhéanamh ar dtús agus dearbhú trí chomhaireamh, m.sh. líon na mirlíní i bpróca

- bunuimhreacha (0–199) a léamh, a scríobh, agus a chur in ord

an uimhir a thagann roimh agus i ndiaidh uimhreach fánaí a lua

uimhreacha atá in easnamh a chur isteach ar an 100-chearnóg

- an líon rudaí i dtacar a mheas (0–20).

Snáithaonad Comparáid agus ordú

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tacair choibhéiseacha agus neamhchoibhéiseacha a chur i gcomparáid

an neamhionannas a ainmniú

tá 5 cinn de bhreis agam ort; tá 7 níos lú ná 10

tá 6 níos lú ná 9 de cé mhéad?

- tacair rudaí a ordú de réir uimhreach
- foclóir orduimhreacha a úsáid, an chéad go dtí an deichiú

le linn tacair agus uimhreacha a ordú, cur síos ar phatrúin agus dul ar uainíocht.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tacair choibhéiseacha agus neamhchoibhéiseacha a chur i gcomparáid

clárú a dhéanamh agus na siombailí < > agus

= á n-úsáid

- foclóir orduimhreacha a úsáid

an féilire a úsáid.

Snáithaonad Ionadluach

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- ionadluach (0–99) a iniúchadh, a aithint agus a chlárú

grúpáil agus comhaireamh i ndeiceanna agus in aonaid, ag úsáid ciúbanna, áiritheoirí,

cipíní líreacáin, bonn airgid (1p agus 10p),

ábhar nithiúil bunaithe ar bhonn a deich agus clár nodaireachta

grúpaí d'áiritheoirí a chur in iúl mar aonaid nó mar dheiceanna agus aonaid

clárú go pictiúrtha nó ar an abacas.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- ionadluach (0–199) a iniúchadh, a aithint, agus a chlárú

gníomhaíochtaí grúpála agus athainmnithe i ndeiceanna a leathnú chun céad a úsáid

uimhreacha a athainmniú mar aon chéad, deiceanna agus aonaid

uimhreacha a léiriú ag baint feidhm as: ábhair ionadluacha, boinn, uimhreacháir, focalchártaí agus an uimhirlíne.

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Ábhar do rang 1

Snáithaonad

Oibríochtaí

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Suimiú

- tuiscint ar shuimiú a fhorbairt trí thacair a chónascadh nó a fhoroinnt ábhair nithiúla a úsáid (0–20)

na teaglama suimithe go léir chun uimhir ar leith a dhéanamh a aimsiú, $11 + 1 = 12$, $2 + 6 + 4 = 12$

suimiú a chlárú: ó bhéal, go pictiúrtha, in uimhirabairtí, i léimeanna ar an uimhirlíne

- airíonna comhmalartacha agus comhthiomsaitheacha agus nialais an tsuimithe a iniúchadh, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm

an t-airí comhmalartach: $6 + 2 = 8$, $2 + 6 = 8$

*an t-airí comhthiomsaitheach: $(2 + 3) + 5 = 10$,
 $2 + (3 + 5) = 10$*

airí nialais $7 + 0 = 7$

Ábhar do rang 2

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Suimiú

- tuiscint ar shuimiú a fhorbairt trí thacair a chónascadh nó a fhoroinnt

- airíonna comhmalartacha agus comhthiomsaitheacha agus nialais an tsuimithe a iniúchadh, a fhorbairt, agus a chur i bhfeidhm

- straitéisí meabhracha a fhorbairt nó a mheabhrú do fhíorais suimithe laistigh de 20

ábhair nithiúla a úsáid chun comhaireamh ar aghaidh agus an t-airí comhalartach agus airíonna nialais in úsáid; comhaireamh i ndónna, i ndúbailtí agus gar-dhúbailtí,

péirí uimhreacha a chomhdhéanann 10 ($6 + 4 = 10$);

uimhreacha a chomhdhéanann 10 ($3 + \square = 10$);

fíorais suimithe a mheabhrú, ag úsáid straitéisí meabhracha

- uimhirabairtí agus uimhircéalta a chumadh fadhbanna suimithe laistigh de 20 a réiteach

uimhircéal a chumadh agus a insint

é a chlárú go pictiúrtha mar uimhirabairt nó mar scéal scríofa

fadhbanna scríofa a réiteach: is féidir le páistí fadhbanna a cheapadh dá chéile freisin

- uimhreacha a shuimiú laistigh de 99, le hathainmniú agus gan athainmniú

meastachán den tsuim a dhéanamh trí na deiceanna a dhearbhu

meastacháin a dhearbhu ag úsáid láimhseoga

uimhreacha a shuimiú ag úsáid ábhar nithiúil,

clár ríomhaireachta, uimhirlínte agus 100-chearnóga ríomhaireacht mheabhrach a dhéanamh

clárú a dhéanamh le huimhirlínte, uimhirabairtí agus algartaim

- suimiú agus grúpchomhaireamh leantach a iniúchadh agus a phlé

comhaireamh i ndónna, cúigeanna, deiceanna

páistí sa líne a chomhaireamh, 2, 4, 6, 8 ...

- straitéisí meabhracha a fhorbairt agus a mheabhrú do fhíorais suimithe laistigh de 20

straitéisí éagsúla a phlé chun uimhreacha a chónascadh:

$9 + 8 = 10 + 8 - 1$ nó $8 + 8 + 1$ nó $9 + 9 - 1$

fíorais suimithe a mheabhrú agus a chlárú, ag úsáid straitéisí meabhracha

- uimhirabairtí agus uimhircéalta a chumadh; fadhbanna suimithe laistigh de 99 a réiteach

- uimhreacha a shuimiú laistigh de 99, le hathainmniú agus gan athainmniú

suimeanna simplí laistigh de 99 a mheas

ríomhaireacht mheabhrach a úsáid

clárú a dhéanamh le cláir ríomhaireachta, uimhirlínte, uimhirabairtí agus algartaim

béim a leagadh ar 10 a shuimiú le méaduithe de 10, le huimhreacha eile ($36 + 10$)

iolruithe de 10 a shuimiú le huimhreacha ($45 + 20$)

- suimiú agus grúpchomhaireamh leantach a iniúchadh agus a phlé

i suimh phraiticiúla, m.sh. líon de na rudaí céanna a cheannach

deich milseán i bpaicéad; cé mhéad i gcúig phaicéad?

$10 + 10 + 10 + 10 + 10 = 50$ milseán

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Ábhar do rang 1

Dealú

- tuiscint ar dhealú mar bhaint, mar chomhlánú agus mar dhifríocht a fhorbairt (0–20)

baint:

*Bhí deich milseán agam; d'ith mé trí cinn.
Cé mhéad atá fágtha agam?*

comhlánú:

*Cosnaíonn peann 8p. Tá 4p agam. Cé mhéad eile
atá de dhíth orm?*

difríocht:

*Tá dhá chrián déag agam. Tá sé chrián ag Máire.
Cé mhéad crián sa bhreis atá agam?
Cé mhéad níos lú atá ag Máire?*

diríú isteach ar dhealú mar inbhéartú ar shuimiú

*dealú a chlárú: go nithiúil, ó bhéal, go pictiúrtha, in
uimhirabairtí, i léimeanna ar an uimhirlíne agus ar
chláir ríomhaire*

- straitéisí meabhracha a fhorbairt nó a mheabhrú don dealú (0–20)

*comhaireamh siar/ar aghaidh, dúbailtí/gardhúbailtí a
úsáid, eolas ar nialas agus ar dheicéanna a úsáid,
suimiú a úsáid chun torthaí a dhearbhu*

- uimhirabairtí agus uimhirscealta a chumadh;
fadhbanna bunaithe ar dhealú a réiteach (0–20)

*uimhirsceal a chumadh agus a insint; é a chlárú mar
phictiúr, mar uimhirabairt nó mar sceal scríofa
fadhbanna scríofa a réiteach; is féidir le daltaí
fadhbanna a chumadh dá chéile freisin*

Ábhar do rang 2

Dealú

- tuiscint ar dhealú mar bhaint, mar chomhlánú agus mar dhifríocht a fhorbairt

- straitéisí intinne a fhorbairt agus a mheabhrú don dealú (0–20)

straitéisí éagsúla chun uimhreacha a dhealú a phlé

- uimhirabairtí bunaithe ar dhealú slánuimhreacha a chumadh; fadhbanna bunaithe ar dhealú a réiteach

- difríochtaí laistigh de 99 a mheas
trí na deiceanna a dhealú
láimhseoga a úsáid chun meastacháin a dhearbhu
 - uimhreacha a dhealú gan athainmniú laistigh de 99
difríocht a mheas
ábhair nithiúla, uimhirlínte agus
100-chearnóga a úsáid
ríomhaireacht mheabhrach a úsáid
uimhirlínte, uimhirabairtí agus algartaim a
úsáid chun clárú a dhéanamh
 - na siombailí +, – agus = a úsáid
níor cheart tosú ar na siombailí a úsáid go foirmiúil gan
dóthain oibre ó bhéal agus dóthain iniúchta a bheith
déanta roimh ré
ní mór ciall na siombailí a phlé go minic
ní fhógraíonn an tsiombail =
‘go leanann an freagra é’: is é is ciall
léi ná ‘mar an gcéanna’ nó ‘coibhéiseach’
iniúchadh le huimhirmheá
 - fadhbanna aon chéime bunaithe ar shuimiú agus
dhealú a réiteach.
- difríochtaí laistigh de 99 a mheas
slánú a úsáid mar straitéis
 - uimhreacha a dhealú gan athainmniú agus le
hathainmniú laistigh de 99
difríocht a mheas, ag úsáid deiceanna
ríomhaireacht scríofa tar éis go leor ríomhaireachta
praiticiúla agus ríomhaireachta meabhraí
an 100-chearnóg, an uimhirlíne nó suimiú a úsáid chun
freagraí a dhearbhu
 - na siombailí +, –, +, < agus > a úsáid
 - fadhbanna aon chéime agus dhá chéim bunaithe ar
shuimiú agus dealú a réiteach.

Snáithaonad Codáin

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- leath de thacair go 20 a bhunú agus a aithint
tacair de rudaí a roinnt go cothrom idir bheirt
clárú go pictiúrtha.

Nascadh

Cruth agus spás: Cruthanna 2-T

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- leath agus ceathrú de thacair go 20 a bhunú agus a
aithint
an gaol idir leath agus ceathrú a phlé.

Nascadh

Cruth agus spás: Cruthanna 2-T

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Snáithe: Ailgéabar

Ábhar do rang 1

Ábhar do rang 2

Snáithaonad Patrúin a iniúchadh agus a úsáid

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- patrúin a aithint, corruimhreacha agus ré-uimhreacha san áireamh

comhaireamh i ndónna ar an 100-chearnóg

gach uimhir ag a stadann tú a dhathú

tacair a mhéadaíonn i ndónna a thógáil:

ag tosú le 0 (0, 2, 4, 6 ...)

ag tosú le 1 (1, 3, 5, 7 ...)

plé agus clárú go pictiúrtha

dhá dhath a úsáid chun corruimhreacha agus ré-uimhreacha a bhreacadh ar an 100-chearnóg; torthaí a phlé

gníomhaíochtaí a leathnú go grúpchomhaireamh i gcúigeanna agus i ndeiceanna

- patrúin sna fíorais suimithe a iniúchadh agus a úsáid

patruín a chomhdhéanann deiceanna ($9 + 1 = 10$, $2 + 8 = 10$, $18 + 2 = 20$) a thabhairt faoi deara mar aon leis an toradh a thagann as 10 a shuimiú le huimhir ar leith:

$$3 + 10 = 13, 13 + 10 = 23$$

- úsáid fráma chun a léiriú go bhfuil uimhir anaithnid ann a thuiscint

$$3 + 5 = \square \quad 2 + \square = 6.$$

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- patrúin a aithint agus na chéad uimhreacha eile a réamhinsint

comhaireamh ar an 100-chearnóg:

tosú ag 2, comhair ar aghaidh 5, $2 + 5 = 7$

tosú ag 12, comhair ar aghaidh 5, $12 + 5 = 17$

uimhirphatruín eile a iniúchadh ar an 100-chearnóg, corruimhreacha agus ré-uimhreacha san áireamh

grúpchomhaireamh i dtríonna, i gceathaireanna agus i séanna

torthaí a phlé

- patrúin sna fíorais suimithe a iniúchadh agus a úsáid

- úsáid fráma chun a léiriú go bhfuil uimhir anaithnid ann a thuiscint

$$24 + 6 = \square \quad 14 + \square = 20, \quad 2 + 4 + \square = 12.$$

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Snáithe: Cruth agus spás

Ábhar do rang 1

Snáithaonad

Feasacht ar spásúlacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- an foclóir a bhaineann le coibhneasa spásúla a iniúchadh, a phlé, a fhorbairt, agus a úsáid
 - idir, faoi bhun, ar bharr, timpeall, trí, clé, deas**
cruthanna iata (m.sh. ciorcal), mar ar féidir siúl ó phointe ar bith ar ais go dtí an pointe céanna gan casadh timpeall a iniúchadh
 - cruthanna oscailte (m.sh. cruth V), mar ar gá casadh timpeall chun filleadh ar an túsphointe a iniúchadh*
 - cruthanna coirp a dhéanamh*
- treoracha simplí laistigh den seomra ranga agus de shuímh scoile a thabhairt agus a leanúint
 - ón deasc go dtí an fhuinneog*
 - ón seomra ranga go halla na scoile*
 - ón seomra ranga go clós na scoile*
 - fadhbanna praiticiúla a iniúchadh agus a réiteach.*

Comhtháthú

Corpoideachas: Damhsa; Gleacaíocht; Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta

Ábhar do rang 2

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- an foclóir a bhaineann le coibhneasa spásúla a iniúchadh, a phlé, a fhorbairt, agus a úsáid
 - treoracha simplí laistigh den seomra ranga agus de shuímh scoile a thabhairt agus a leanúint agus treoracha casaidh, leathchasaidh agus ceathrú casaidh san áireamh*
 - casadh ar an láthair chun aghaidh a thabhairt i dtreonna difriúla dhá chéim ar aghaidh a thabhairt, leathchasadh a dhéanamh, trí chéim ar aghaidh a thabhairt*
 - tugann páistí treoracha do pháistí eile*
 - lúbraí, grátaí, cluichí boird agus ríomhaire a úsáid*
 - fadhbanna praiticiúla a iniúchadh agus a réiteach.*

Comhtháthú

Corpoideachais: Damhsa; Gleacaíocht; Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- cruthanna 2-T a shórtáil, a ainmniú, cur síos orthu agus iad a chur i gcomparáid le chéile: cearnóg, dronuilleog, triantán, ciorcal, leathchiorcal
cur síos ar chruthanna, ag tagairt do mhéid, uillinneacha, líon agus fad na sleasa
cruthanna a shórtáil: cruthanna atá/nach bhfuil 4-shleasach, atá/nach bhfuil cuarach
- cruthanna 2-T a thógáil agus a tharraingt
teimpléid, stionsail, geostiallacha agus geochláir a úsáid
- cruthanna 2-T a chónascadh agus a fhoroinnt
cruthanna a chónascadh chun cruthanna agus patrúin nua a dhéanamh pictiúir agus patrúin mósáicí a dhéanamh trí chruthanna a chur le chéile
go leor cruthanna comhionannacha a chur le chéile chun dromchla a chlúdach
- leatha de chruthanna 2-T a aithint
cruthanna páipéir a fhilleadh ina leatha agus a ghearradh chun cruthanna nua a dhéanamh
- úsáid cruthanna 2-T sa timpeallacht a aithint agus a phlé
sa troscán, i nithe sa seomra ranga, i sealúchais phearsanta an pháiste.

Nascadh

Codáin

Comhtháthú

Ceol: Léiriú—Lítearthacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- cruthanna 2-T a shórtáil, a ainmniú, cur síos orthu agus iad a chur i gcomparáid le chéile: cearnóg, dronuilleog, triantán, ciorcal, leathchiorcal, ubhchruth
cosúlachtaí agus difríochtaí idir cruthanna a thabhairt faoi deara
- cruthanna 2-T a thógáil agus a tharraingt
- cruthanna 2-T a chónascadh agus a fhoroinnt
- leatha agus ceathrúna de chruthanna 2-T a aithint
an gaol idir leatha agus ceathrúna a phlé
- úsáid cruthanna 2-T sa timpeallacht a aithint agus a phlé
samplaí d'achair faoi thileanna a lorg sa timpeallacht.

Nascadh

Codáin

Comhtháthú

Ceol: Léiriú—Lítearthacht

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Ábhar do rang 1

Snáithaonad

Cruthanna 3-T

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- cur síos ar chruthanna 3-T, ciúb, ciúbóideach, sorcóir agus sféar san áireamh, iad a chur i gcomparáid le chéile agus iad a ainmniú

*cruthanna a bhailiú agus a shórtáil agus cur síos orthu, ag tagairt do líon agus cruth na n-aghaidheanna, na bhfaobhar agus na reanna (cúinní ar chruthanna 3-T)
cruthanna a chruachann, a rollann nó a sciorrann a aithint*

- úsáid cruthanna 3-T sa timpeallacht a phlé

boscaí, paicéid, soithigh, umar éisc

- tascanna agus fadhbanna praiticiúla bunaithe ar chruthanna 2-T agus 3-T a réiteach

boscaí, pacáí nó soithigh déanta de chairtchlár a úsáid i ngníomhaíochtaí tógála

- an coibhneas idir cruthanna 2-T agus 3-T a iniúchadh.

Comhtháthú

Na hAmharcealaíona: Tógáil

Ábhar do rang 2

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- cur síos ar chruthanna 3-T, ciúb, ciúbóideach, sorcóir, sféar agus cón san áireamh, iad a chur i gcomparáid le chéile agus iad a ainmniú

priontaí a dhéanamh le dromchlaí cruthanna 3-T agus na torthaí a phlé

boscaí a dhíthógáil agus na cruthanna comhpháirteacha a iniúchadh

- úsáid cruthanna 3-T sa timpeallacht a phlé

- tascanna agus fadhbanna praiticiúla bunaithe ar chruthanna 2-T agus 3-T a réiteach

- an coibhneas idir cruthanna 2-T agus 3-T a iniúchadh.

Comhtháthú

Na hAmharcealaíona: Tógáil

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- siméadracht líneach i gcruthanna agus sa timpeallacht a aithint

cruthanna a fhilleadh ina leatha, péinteáil trí smearadh agus filleadh

cruthanna nó pictiúir a chríochnú go siméadrach nithe a bhailiú agus a shórtáil ar bhonn siméadrachta.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- uillinneacha sa timpeallacht a iniúchadh agus a aithint

nithe a rothlann a scrúdú: murláin dorais, rotha lánchastaí, leathchastaí nó ceathrú castaí a dhéanamh sa chlós nó sa halla

uillinneacha mar chúinní a scrúdú; dronuillinn déanta as cárta a úsáid chun cúinní i gcruthanna 2-T ‘a thomhas’; pléigh

cúinne cearnógach a chur i gcomparáid le ceathrú casaídh.

Comhtháthú

Na hAmharcealaíona: Prionta

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Snáithe: Tomhais

Ábhar do rang 1

Snáithaonad Fad

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- fad a mheas, a chur i gcomparáid, a thomhas agus a chlárú agus aonaid neamhchaighdeánacha in úsáid
cipíní líreacáin, pinn luaidhe, réisí, abhóga

- aonad nó uirlis tomhais neamhchaighdeánach cuí a roghnú agus a úsáid

aonad tomhais a roghnú as raon atá le fáil sa seomra ranga (m.sh. roghnú idir ciúb nó cipín líreacáin nó abhóg chun an seomra a thomhas)

a phlé cé acu aonaid is fearr chun nithe fada a thomhas agus cé acu is fearr le haghaidh rudaí gearra

- fad a mheas, a thomhas agus a chlárú agus aonad caighdeánach (an méadar) in úsáid

**fad, leithead, airde, tomhas, méadar
beagnach, beagán níos mó/níos lú ná méadar**

*an gá le haonaid chaighdeánacha a phlé
tacair de nithe níos faide ná, níos giorra ná
nó ar cóimhéid le méadar a bhailiú*

Ábhar do rang 2

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- fad a mheas, a chur i gcomparáid, a thomhas agus a chlárú agus aonaid neamhchaighdeánacha in úsáid

- aonad nó uirlis tomhais neamhchaighdeánach cuí a roghnú agus a úsáid

aonaid nó uirlisí a roghnú le haghaidh tascanna tomhais agus iad a úsáid

a phlé cé acu uirlis is fearr chun rudaí fada a thomhas agus cé acu is fearr le haghaidh rudaí gearra

- fad a mheas, a thomhas agus a chlárú agus méadair agus ceintiméadair in úsáid

an coibhneas idir méadar agus ceintiméadar a iniúchadh trí chomhaireamh agus chlárú rudaí a thomhas agus bataí 10 cm, maide leathmhéadair, maide méadair agus roth tomhais in úsáid

Comhtháthú:

Corpoideachas: Lúthchleasaíocht

- tascanna agus fadhbanna praiticiúla bunaithe ar fhad a réiteach

bealaí a mholadh chun imlíne stoic crainn nó rudaí neamhrialta eile a thomhas

bealaí a mholadh chun nithe sa bhaile a chur i gcomparáid le chéile

cé aige/aici a bhfuil an geata is leithne?

tomhas a dhéanamh le corda agus an corda a thabhairt ar scoil le haghaidh comparáide agus díospóireachta.

- tascanna agus fadhbanna praiticiúla bunaithe ar fhad a réiteach

airde gach páiste i ngrúpa a aimsiú

cé an duine is ísle/airde?

torthaí a chlárú mar ghraf.

Nascadh

Sonraí: Sonraí a léiriú agus a léirmhíniú

Snáithaonad Achar

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- achar a mheas agus a thomhas, ag úsáid aonad neamhchaighdeánach

cé mhéad cárta imeartha, cárta poist nó leabhar a chlúdódh an bord?

cé acu cruth is oiriúnaí?

achar an dromchla chéanna a thomhas arís agus arís le haonaid dhifriúla

cé acu dromchla a bhfuil an méid is mó adhmaid ann, barr an bhoird nó leac na fuinneoige?

molann páistí bealaí chun an cheist a scaoileadh meas, plé, tomhas agus clárú a dhéanamh.

Nascadh

Cruth agus spás: Cruthanna 2-T

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Ábhar do rang 1

Snáithaonad Meáchan

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- meáchan a mheas, a chur i gcomparáid, a thomhas agus a chlárú agus aonaid neamhchaighdeánacha a úsáid chuige
trom, níos troime, is troime, éadrom, níos eadroime, is éadroime, ar cothrom
nithe a shórtáil le meá láimhe
rudaí a aimsiú atá níos éadroime nó níos troime ná rud ar leith
meáchain dhá rud i gcomparáid le chéile a mheas trí amharc orthu
meáchain a chur i gcomparáid trí mheá láimhe
dearbhu a dhéanamh le meá
- aonad nó uirlis tomhais neamhchaighdeánach cuí a roghnú agus a úsáid
aonad tomhais chun mála scoile a mheá a roghnú as raon rudaí atá le fáil sa seomra ranga
m.sh. clocha nó ciúbanna nó coirníní
na haonaid is fearr chun nithe éagsúla a mheá a phlé
- meáchan a mheas, a thomhas agus a chlárú, aonad caighdeánach (cileagram) a úsáid agus fadhbanna simplí a réiteach
an gá le haonaid chaighdeánacha a phlé
tacair de nithe a bhailiú atá níos éadroime, níos troime nó ar cómhéachan le cileagram
an paicéad is mó agus an paicéad is lú a mheánn cileagram a aimsiú
dhá rud a dhéanamh (dhá liathróid mharla) agus an meáchan céanna iontu.

Ábhar do rang 2

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- meáchan a mheas, a chur i gcomparáid, a thomhas agus a chlárú agus aonaid neamhchaighdeánacha a úsáid chuige
- aonad nó uirlis tomhais neamhchaighdeánach cuí a roghnú agus a úsáid
- meáchan a mheas, a thomhas agus a chlárú, cileagram, leathchileagram agus ceathrú cileagram a úsáid, agus fadhbanna simplí a réiteach
tomhas le panna-mheá, scálaí cistine, scálaí seomra folctha
cé mhéad cileagram meáchain atá ionat?
graf de mheáchain grúpa páistí a dhéanamh
- cásanna a mbíonn meáchan 1 kg ag rudaí nó ag substaintí ach go mbíonn difríocht mhór eatarthu ó thaobh méid de a iniúchadh agus a phlé
málaí nó soithigh a líonadh le 1 kg de ghaineamh, plúr, stiallacha polaistiríne, coirníní.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- toilleadh a mheas, a chur i gcomparáid, a thomhas agus a chláru, ag úsáid aonad neamhchaighdeánach
doirt, líon, lán, folamh, toilleann níos mó, níos lú nó an méid céanna
toilleadh soithigh mhóir a aimsiú, ag úsáid taespúnóg, ubhchupán agus cupán
soithigh a thuilleann níos mó nó níos lú ná soitheach ar leith a aimsiú; meastachán a dhéanamh agus a dhearbhu trí thomhas
- aonaid nó uirlisí tomhais neamhchaighdeánacha chuí a roghnú agus a úsáid
ceann amháin a roghnú as raon aonad tomhais
cé acu soitheach is fearr chun an buicéad a líonadh? cén fáth?
- toilleadh a mheas, a thomhas agus a chláru agus aonad caighdeánach (an lítear) in úsáid agus fadhbanna simplí a réiteach
an gá le haonaid chaighdeánacha a phlé
cnuasacha de shoithí a dtoilleann níos mó ná, níos lú ná nó thart ar lítear iontu a bhailiú
soithigh lítir atá éagsúil i gcruth a bhailiú;
lipéid a chur orthu; a dtoilleadh a dhearbhu trí dhoirteadh ó cheann go ceann
cé mhéad páiste a gheobhadh cupán lán d'uisce as buidéal lítir?

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- toilleadh raon leathan de shoithí a mheas, a chur i gcomparáid, a thomhas agus a chláru agus aonaid neamhchaighdeánacha á n-úsáid
toilleadh dhá shoitheach i gcomparáid le chéile a mheas trí amharc orthu; dearbhú trí thomhas agus na torthaí a phlé
an t-aonad céanna a úsáid chun soithí éagsúla a líonadh agus na soithí a rangú in ord toillidh; pléigh soithí de chruthanna difriúla ach a dtoilleann an méid céanna iontu a bhailiú
- aonaid nó uirlisí tomhais neamhchaighdeánacha chuí a roghnú agus a úsáid
- toilleadh a mheas, a thomhas agus a chláru agus buidéal lítir, leathlítir agus cheathrú lítir in úsáid agus fadhbanna simplí a réiteach
bailiúcháin de bhuidéil atá éagsúil i gcruth ach ionann le chéile i dtoilleadh a dhéanamh
toilleadh soithí lítir, $\frac{1}{2}$ lítir agus $\frac{1}{4}$ lítir a chur i gcomparáid
a iarraidh ar na páistí cúiseanna a thabhairt a ndíoltar roinnt leachtanna i raon de chartáin atá difriúil i méid agus i gcruth.

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Ábhar do rang 1

Snáithaonad Am

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- foclóir ama a úsáid chun imeachtaí a chur i seicheamh

imeachtaí a luaitear le hamanna éagsúla den lá, le laethanta éagsúla den tseachtain agus le míonna ar leith a chur i seicheamh

tréithe na séasúr, míonna na bliana, an lá roimhe sin agus an lá dar gcionn a phlé

- am a léamh agus a chlárú, ag úsáid seifteanna simplí a aimsiú cé mhéad uair a rachaidh gaineamh trí orláiste ubh le linn scéal a bheith á léamh

coinnealchlog nó clog uisce a úsáid chun an méid ama go deireadh gníomhaíochta ranga, go dtí am rolla, go dtí am sosa, go dtí am dul abhaile a thomhas

- am a léamh in uaireanta agus leathuaire ar an gclog analacháide 12 uair an chloig

dul i dtaithe aghaidh an chloig, gluaiseacht na snáthaidí suímh a chlárú ag an uair agus leathuair gníomhaíochtaí ag na hamanna seo a chlárú

sceidil teilifíse a scrúdú chun cláir a thosaíonn ar an uair agus ar an leathuair a aimsiú

an t-am a bheidh ann i gceann uaire agus leathuaire a rá

- an lá, an dáta agus an mhí a léamh ón bhféilire

an lá, an dáta agus an mhí atá ann inniu a léamh laethanta breithe agus dátaí suntasacha eile a phlé an lá den tseachtain ar a dtiteann dáta ar leith a aithint ón bhféilire.

Ábhar do rang 2

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- foclóir ama a úsáid chun imeachtaí a chur i seicheamh

- am a léamh agus a chlárú, ag úsáid seifteanna simplí

- am a léamh in uaireanta, leathuaire agus ceathrú uaire ar an gclog analacháide 12 uair an chloig

- am a léamh in uaireanta agus leathuaire ar an gclog digiteach

- an lá, an dáta agus an mhí a léamh ón bhféilire agus an séasúr a aithint

imeacht ama a phlé, 24 uair an chloig i lá, 7 lá sa tseachtain, líon laethanta sa mhí.

Snáithaonad Airgead (le húsáid go dtí go dtagann an euro i bhfeidhm)

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- boinn airgid go luach 50p a aithint, a mhalartú agus a úsáid

tairiscint agus glacadh le suimeanna airgid a chleachtadh

sóinseáil a ríomh agus a thabhairt amach

bonn nó boinn a mhalartú ar bhoinn eile ar comhluach

- an líon nithe is féidir a cheannach le suim áirithe airgid a ríomh.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- boinn airgid go luach £2 a aithint, a mhalartú agus a úsáid

- luach grúpa bonn a scríobh; suimeanna airgid a chlárú i bpingíní agus ina dhiaidh sin mar phuint is féidir 135p a scríobh mar £1.35.

Snáithaonad Airgead—euro

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- boinn airgid go luach 50 cent a aithint, a mhalartú agus a úsáid

tairiscint agus glacadh le suimeanna airgid a chleachtadh

sóinseáil a ríomh agus a thabhairt amach

bonn nó boinn a mhalartú ar bhoinn eile ar comhluach

- an líon nithe is féidir a cheannach le suim áirithe airgid a ríomh.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- boinn airgid go luach €2 a aithint, a mhalartú agus a úsáid

- luach grúpa bonn a scríobh; suimeanna airgid a chlárú mar cent agus ina dhiaidh sin mar euro is féidir 135 cent a scríobh mar €1.35.

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Snáithe: Sonraí

Ábhar do rang 1

Snáithaonad

Sonraí a léiriú agus a léirmhíniú

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- nithe a shórtáil agus a rangú de réir dhá agus trí chritéar

blocanna a shórtáil de réir datha, crutha, méid agus tiúis

bloc a aithint sa chnuasach ó thuairisc ar a thréithe

- sonraí a léiriú agus a léirmhíniú in dhá, trí nó ceithre shraith nó colún ag úsáid réad, samhlacha agus pictiúr

tacair na bpáistí a raibh úll, oráiste nó banana acu don lón a léiriú go nithiúil agus go pictiúrtha

an coibhneas idir líon na siombailí (pictiúir de thorthaí) agus na daoine sa tacar a aithint

dul ar aghaidh chun sonraí a léiriú agus foirmeacha 3-T níos teibí in úsáid, m.sh. blocanna daite ag seasamh do dhaoine

pictagraim shimplí a thógáil.

Comhtháthú

Tíreolaíocht: Timpeallacht nádúrtha

Ábhar do rang 2

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- nithe a shórtáil agus a rangú de réir dhá agus trí chritéir

- táblaí agus cairteacha (pictagraim) simplí a léiriú, a léamh agus a léirmhíniú

cairt de na carranna a ghabhann thar an scoil le linn tréimhse ama áirithe

taifid chairteacha aimsire

- blocghraif shimplí a léiriú, a léamh agus a léirmhíniú

tógáil a dhéanamh trí chearnóga daite a ghreamú de bhileog mhór pháipéir

dul ar aghaidh go líníocht ar pháipéar cearnógach.

Comhtháthú

Tíreolaíocht: Timpeallacht nádúrtha

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Ranigama

3 agus 4

Foramharc

ranganna 3 agus 4

Forbairt scileanna

Forbairt scileanna

- Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna
 - Cumarsáid agus cur in iúl
 - Comthhathú agus nascadh
 - Réasúnaíocht
 - Cur i bhfeidhm
 - Tuiscint agus tabhairt chun cuimhne
-

Snáitheanna

Uimhreas

- Ionadluach
 - Oibríochtaí
 - *Suimiú agus dealú*
 - *lolrú*
 - *Roinnt*
 - Codáin
 - Deachúlacha
-

Ailgéabar

- Uimhirphatrúin agus seichimh
 - Uimhirbairtí
-

Cruth agus spás

- Cruthanna déthoiseacha (2-T)
 - Cruthanna tríthoiseacha (3-T)
 - Siméadracht
 - Línte agus uillinneacha
-

Tomhais

- Fad
 - Achar
 - Meáchan
 - Toilleadh
 - Am
 - Airgead
-

Sonraí

- Sonraí a léiriú agus a léirmhíniú
- Seans

Forbairt scileanna do ranganna 3 agus 4

De thoradh snáithaonaid churaciam na matamaitice a chríochnú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna

- ábhair, coincheapa agus próisis chuí a roghnú le haghaidh tascanna agus feidhmeanna matamaiticiúla
- coincheapa agus próisis a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna éagsúla
- fadhbanna a anailísú agus bealaí oibre lena réiteach a bheartú
- straitéisí éagsúla a roghnú agus a chur i bhfeidhm chun tascanna agus tionscadail a chomhall nó chun fadhbanna a réiteach
- réitigh ar fhadhbanna a mheas

Cumarsáid agus cur in iúl

- na próisis a d'úsáidfí mar aon le torthaí gníomharochtaí, fadhbanna agus tionscadal matamaiticiúil a phlé agus a mhíniú
- éisteacht le cuntais agus míniúcháin mhatamaticiúla de chuid páistí eile agus iad a phlé
- próisis agus torthaí oibre a phlé agus a chláru agus modhanna éagsúla a úsáid chuiige
- fadhbanna a chuirfí i láthair i bhfocail nó le léaráidí a phlé agus iad a anailísú

Comhtháthú agus nascadh

- próisis agus idéanna matamaiticiúla a shealbhódh sé/sí go neamhfhoirmiúil a cheangal le próisis agus le hidéanna foirmiúla matamaiticiúla
- an ceangal idir bealaí oibre matamaiticiúla agus na coincheapa a d'úsáidfeadh sé/sí a thuiscint
- matamaitic a aithint sa timpeallacht
- idéanna agus próisis mhatamaticiúla a léiriú i ndóigheanna difriúla: ó bhéal, go pictiúrtha, go diagramach, go siombalach
- idéanna agus próisis mhatamaticiúla a aithint agus a chur i bhfeidhm i ngnéithe eile an churacilaim

Réasúnaíocht

- hipitéisí a cheapadh agus trialacha a dhéanamh chun iad a thástáil
- déaduchtuithe neamhfhoirmiúla a d'éileodh líon beag de cheimeanna a dhéanamh
- patrúin agus coibhnis mhatamaiteiciúla a chuartú agus a imscrúdú
- réasúnú go córasach i gcomhthéacs matamaiticiúil
- boinn a thabhairt le próisis agus le torthaí gníomhaíochtaí, fadhbanna agus tionscadal matamaiticiúil

Cur i bhfeidhm

- straitéisí meabhreacha agus bealaí oibre a bheartú agus a úsáid chun tascanna matamaiticiúla a chur i gcrích
- láimhseoga cuir a úsáid chun bealaí oibre matamaiticiúla a chur i bhfeidhm
- bealaí oibre caighdeánacha a leanúint go héifeachtach le huirilísí éagsúla

Tuiscint agus tabhairt chun cuimhne

- téarmaíocht, fóirais agus saimhníthithe a thuiscint agus a mheabharrú.

Snáithe: Uimhreas

Ábhar do rang 3

Snáithaonad Ionadluach

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- ionadluach a iniúchadh agus a aithint i slánuimhreacha, 0–999

gníomhaíochtaí grúpála agus malartaithe le haonaid, deiceanna agus céadta agus ábhair nithiúla m.sh. cipíní líreacán, abacas, cláir nodaireachta, ábhair nithiúla bunaithe ar bhonn a deich agus airgead in úsáid iontu

tábhacht agus éifeacht nialais: 208, 420

- uimhreacha trí dhigit a léamh, a scríobh agus a ordú

uimhreacha a léirítear le hairgead nó ar an abacas a aithint agus a chlárú

uimhreacha a aithint agus a rá i bhfoirm shínte

246 = 2 chéad + 4 dheich + 6 aonad

uimhreacha a chur in ord ar an uimhirlíne nó 100-chearnóg

247: cad é luach an 4 san uimhir seo?

cé acu digit a bhfuil an luach is mó aici?

cad é an chéad uimhir eile tar éis 499?

- slánuimhreacha a shlánú go dtí an deich nó go dtí an céad is gaire

cé acu uimhir is cóngaraí do 40: 29 nó 79?

cé acu uimhir is cóngaraí do 500: 432 nó 567?

- ionadluach in uimhreacha deachúlacha a iniúchadh agus a aithint go dtí ionad amháin de dheachúlacha.

Ábhar do rang 4

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- ionadluach a iniúchadh agus a aithint i slánuimhreacha, 0–9999

gníomhaíochtaí grúpála agus malartaithe le haonaid, deiceanna, céadta agus mílte, ábhair nithiúla agus cláir nodaireachta in úsáid iontu

tábhacht nialais: 1078, 2005, 3620

- uimhreacha ceithre dhigit a léamh, a scríobh agus a ordú agus fadhbanna simplí a réiteach

5683 a scríobh i bhfoirm shínte:

5000 + 600 + 80 + 3

cad é luach an 7 a bhfuil líne faoi i 7777?

ceap an líon uimhreacha is féidir leat le 3, 7, 0, 6

cuir in ord iad, ag tosú leis an uimhir is mó

- slánuimhreacha a shlánú go dtí an míle is gaire

cé acu uimhir is cóngaraí do 5000: 4328 nó 5675?

- ionadluach in uimhreacha deachúlacha a iniúchadh agus a aithint go dtí dhá ionad de dheachúlacha.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Suimiú agus dealú

- suimiú agus dealú le hathainmniú agus gan athainmniú laistigh de 999

*iomláin agus difríochtaí (ag slánú mar a oireann) a mheas
meastacháin a dhearbhú
clárú a dhéanamh agus léiriú cothrománach agus ingearach in úsáid*

- a bheith eolach faoi fhíorais suimithe agus dealaithe agus iad a thabhairt chun cuimhne
- focalfhadhbanna bunaithe ar shuimiú agus ar dhealú a réiteach

Iolrú

- tuiscint ar iolrú mar shuimiú leantach a fhorbairt agus a mhalairt de dhóigh

tacair de nithe a chomhaireamh i ndónna, tríonna, ceathaireanna agus deiceanna comhaireamh i gcéimeanna ar an uimhirlíne nó ar an 100-chearnóg uimhirabairtí a thógáil le hábhair nithiúla agus iad a chlárú go diagramach

$$\begin{array}{ccccccc} \text{✿} \text{✿} & & \text{✿} \text{✿} & & \text{✿} \text{✿} & = & \text{✿} \text{✿} \text{✿} \text{✿} \text{✿} \text{✿} \\ 2 & + & 2 & + & 2 & = & 6 \\ 3 & \times & 2 & & & = & 6 \end{array}$$

uimhirabairtí a chlárú mar $6 + 6 + 6 = 3 \times 6 = 18$.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Suimiú agus dealú

- suimiú agus dealú le hathainmniú agus gan athainmniú laistigh de 9999

*iomláin agus difríochtaí a mheas
meastacháin a dhearbhú gan áireamhán agus le háireamhán*

- a bheith eolach faoi fhíorais suimithe agus dealaithe agus iad a thabhairt chun cuimhne
- focalfhadhbanna bunaithe ar shuimiú agus ar dhealú a réiteach

áireamhán a úsáid chun straitéisí i réiteach fadhbanna a fhorbairt agus chun meastacháin a dhearbhú

Iolrú

- tuiscint ar iolrú mar shuimiú leantach a fhorbairt agus a mhalairt de dhóigh.

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Ábhar do rang 3

- airí nialais, airí cómhalartach agus airí dáihte an iolraithe a iniúchadh, a thuiscint, agus a chur i bhfeidhm

ábhair nithiúla, cairteacha agus léiriúcháin a úsáid chun na hairíonna seo thíos a bhunú agus a chlárú:

airíonna nialais, m.sh. $5 \times 0 = 0$ agus $0 \times 7 = 0$

an t-airí cómhalartach, m.sh.. $3 \times 4 = 4 \times 3$

an t-airí dáihte, m.sh. $5 \times 4 = (3 \times 4) + (2 \times 4)$

- fíorais iolraithe a fhorbairt nó a mheabhru laistigh de 100

comhaireamh in 2, 3, 5 agus 10

dhá oiread, trí oiread

$2 \times 9 = 18$, $4 \times 9 = 36$, $8 \times 9 = 72$

$3 \times 4 = 12$, $9 \times 4 = 36$

- uimhir aon digite nó dhá dhigit a iolrú faoi 0–10

slánú a úsáid chun torthaí a mheas

slánú suas/síos, m.sh. 6×28 gar do 6×30

léiriú i bhfoirm chothrománach nó ingearach

23×7 agus 23

$\times 7$

tionchar iolraithe faoi 1 agus 10 a bhunú

$1 \times 17 = 17$, $10 \times 53 = 530$

Ábhar do rang 4

- airí nialais, airí cómhalartach, airí dáihte agus airí comhthiomsaitheach an iolraithe a iniúchadh, a thuiscint, agus a chur i bhfeidhm

ábhair nithiúla agus cairteacha a úsáid chun an t-airí comhthiomsaitheach a bhunú

m.sh. $(3 \times 4) \times 5 = 3 \times (4 \times 5)$

- fíorais iolraithe a fhorbairt agus a mheabhru laistigh de 100

- uimhir dhá dhigit nó trí dhigit a iolrú faoi uimhir aon digite nó dhá dhigit

torthaí a mheas

iolrú a léiriú i bhfoirm leathnaithe

$26 \times 37 = (20 \times 37) + (6 \times 37)$

ríomh agus clárú a dhéanamh le halgartam iolraithe

37

$\underline{26} \times$

222 (37 × 6)

$\underline{740}$ (37 × 20)

962

- áireamhán a úsáid chun freagraí a dhearbhu

- tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar iolrú le slánuimhreacha a réiteach

cé mhéad lá i naoi seachtaine iomlána?

Roinnt

- tuiscint ar roinnt mar dháileadh agus mar dhealú leantach, gan fhuílleach agus le fuílleach, a fhorbairt

cainníocht a roinnt i gcomhghrúpaí de 2, 3 ...

clárú a dhéanamh ag úsáid uimhirabairtí nó go hingearach

$$20 - 4 - 4 - 4 - 4 - 4 = 0$$

- fíorais roinnte a fhorbairt nó a mheabhrú laistigh de 100

inbheartú ar fhíorais iolraithe a úsáid

leatha a úsáid

tá 9 cothrom le leath de 18 ($2 \times 9 = 18$)

- uimhir aon digite nó dhá dhigit a roinnt ar uimhir aon digite gan fhuílleach agus le fuílleach

roinnt a léiriú mar dhealú leantach

roinnt a léiriú mar uimhirabairtí

$$20 \div 4 = 5$$

clárú a dhéanamh ag úsáid algartam na roinnte

$$\begin{array}{r} 5 \\ 4 \overline{)20} \end{array} \quad \begin{array}{r} 7 \text{ f } 2 \\ 5 \overline{)37} \end{array} \quad \text{nó} \quad \begin{array}{r} 4 \overline{)20} \\ 5 \end{array} \quad \begin{array}{r} 5 \overline{)37} \\ 7 \text{ f } 2 \end{array}$$

straitéisí difriúla a úsáid chun líonta a mheas agus

freagraí a dhearbhu

slánú a dhéanamh suas nó síos, m.sh. $44 \div 12$

cothrom beagnach le $40 \div 10$

- tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar iolrú le slánuimhreacha a réiteach

ceannaíonn ceithre pháiste is tríocha paicéad amháin milseán an duine gach lá, cé mhéad paicéad ar fad a cheannaíonn siad i mí?

Roinnt

- tuiscint ar roinnt mar dháileadh agus mar dhealú, gan fhuílleach agus le fuílleach, a fhorbairt

- fíorais roinnte a fhorbairt agus a mheabhrú laistigh de 100

- uimhir trí dhigit a roinnt ar uimhir aon digite, gan fhuílleach agus le fuílleach

athghrúpaíl in úsáid

is féidir $372 \div 6$ a fheiceáil mar 37 ndeich + 2 aonad

(37 ndeich $\div 6$) agus (2 aonad $\div 6$)

6 dheich agus $(12 \div 6) = 62$

algartam in úsáid

$$\begin{array}{r} 62 \\ 6 \overline{)372} \end{array} \quad \begin{array}{r} 34 \text{ f } 2 \\ 6 \overline{)206} \end{array}$$

airí dáilte na roinnte a iniúchadh, a thuiscint agus a chur i bhfeidhm

$$84 \div 7 = (70 \div 7) + (14 \div 7)$$

- áireamhán a úsáid chun meastacháin a dhearbhu

uimhreacha comhoiriúnacha a úsáid (.i. uimhreacha atá so-oibrithe le leathnú ar bhunfhíorais)

tá $338 \div 7$ comhoiriúnach le $350 \div 7$

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Ábhar do rang 3

- tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar roinnt slánuimhreacha a réiteach

fadhbanna bunaithe ar an timpeallacht

cé mhéad carr atá de dhíth chun seacht bpáiste is fiche a iompar go cluiche mura gceadaítear ach ceathrar páistí i ngach carr?

meastachán, plé agus clárú a dhéanamh.

Ábhar do rang 4

- tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar roinnt slánuimhreacha a réiteach

cé mhéad bosca beag d'uibheacha (sé ubh i mbosca) is féidir a líonadh as cliathbosca ina bhfuil 350 ubh?

meastachán, plé agus clárú a dhéanamh.

Snáithaonad Codáin

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- codáin agus foirmeacha coibhéiseacha de chodáin le 2, 4, 8 nó 10 mar ainmneoirí acu a aithint

codáin shimplí de chruthanna rialta a thógáil agus a ghearradh amach

clárú a dhéanamh agus léaráidí nó cairteacha codánacha a úsáid

- codáin agus ainmneoirí cuí acu a chur i gcomparáid, a ordú agus a shuíomh ar an uimhirlíne
- codán de thacar a ríomh agus ábhair nithiúla in úsáid
- tuiscint ar an gcoibhneas idir codáin agus roinnt a fhorbairt

$$\frac{1}{4} \text{ de } 32 = 8, \quad \frac{32}{4} = 8$$

- codán a bhfuil 1 mar uimhreoír aige a imirt ar uimhir; uimhir a ríomh ó chodán di a bhfuil 1 mar uimhreoír aige

cad is $\frac{1}{4}$ de 12?

$\frac{1}{8}$ cuid d'uimhir = 6, aimsigh an uimhir

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- codáin agus foirmeacha coibhéiseacha de chodáin le 2, 3, 4, 5, 6, 8, 9, 10 nó 12 mar ainmneoirí acu a aithint

codáin shimplí de chruthanna rialta a thógáil agus a ghearradh amach

clárú a dhéanamh agus léaráidí nó cairteacha codánacha in úsáid

- codáin agus ainmneoirí cuí acu a chur i gcomparáid, a ordú, agus a shuíomh ar an uimhirlíne
- codán de thacar a ríomh agus ábhair nithiúla in úsáid

- uimhir a ríomh nuair is eol codán di a bhfuil uimhreoír níos mó ná 1 aige

$$\frac{3}{10} \text{ d'uimhir} = 45, \text{ aimsigh an uimhir}$$

- uimhir amháin a rá mar chodán d'uimhir eile

$$3 = \frac{1}{2} \text{ de } 6$$

- tascanna agus fadhbanna praiticiúla bunaithe ar chodáin a réiteach

*cén codán de chairt a bhfuil dath buí air?
nach bhfuil uaine?*

- tascanna agus fadhbanna praiticiúla bunaithe ar chodáin a réiteach

*aimsigh $\frac{3}{4}$ de théad atá méadar ar a fhad
aimsigh $\frac{1}{5}$ de 2500 méadar.*

Snáithaonad

Deachúlacha

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- deichithe a aithint agus a chur in iúl i bhfoirm dheachúlach

*$\frac{1}{10}$ a thabhairt mar 0.1
deichithe nó 0.1 a ghearradh amach as cruthanna rialta
clárú a dhéanamh agus léaráidí nó cairteacha a úsáid
chuíge*

Nascadh

Codáin

- deachúlacha a chur in ord ar an uimhirlíne
*ciorcal a tharraingt timpeall na huimhreach is mó luach:
0.5, 0.1, 0.7, 0.2*
- fadhbanna bunaithe ar dheachúlacha a réiteach.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- deichithe agus céaduithe a chur in iúl mar chodáin agus i bhfoirm dheacúlach

- ionadluach slánuimhreacha agus deachúlacha go dtí dhá ionad de dheachúlacha a aithint agus iad a scríobh i bhfoirm leathnaithe
 $3.45 = 3 + 0.4 + 0.05$
- deachúlacha a chur in ord ar an uimhirlíne
*an uimhir is mó luach a aithint: 0.57, 0.01, 0.72, 0.25
cad é luach an 6 iontu seo a leanas?: 4.65, 2.76, 6.05*
- slánuimhreacha agus deachúlacha go dtí dhá ionad a shuimiú agus a dhealú
- uimhir dheachúlach go dtí dhá ionad a iolrú faoi agus a roinnt ar shlánuimhir aon digite
- fadhbanna bunaithe ar dheachúlacha a réiteach.

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Snáithe: Ailgéabar

Ábhar do rang 3

Ábhar do rang 4

Snáithaonad Uimhirphatrúin agus seichimh

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- patrúin in uimhreas a iniúchadh, a aithint agus a chlárú, 0–999

*grúpáil agus comhaireamh i ndónna,
tríonna, ceathaireanna ... deiceanna ar
an uimhirlíne agus ar an 100-chearnóg
bannaí uimhris a aithint trí ghrúpáil,
17 + 3, 27 + 3, 37 + 3*

*ceangail laistigh de agus idir táblaí iolraithe
a aithint (m.sh. ceangail idir táblaí 4 agus 8)
patrúin de chorruihmreacha agus ré-uimhreacha*

- seichimh a iniúchadh agus a fhorleathnú agus cuntas a thabhairt orthu (an riail ina dtaobh a mhíniú)

*patrúin nó seichimh de rudaí nó de chruthanna
seichimh de shlánuimhreacha
(m.sh. 54, 44, 34 nó 1, 3, 9, 27)*

- patrúin a úsáid mar áis i meabhrú fíoras uimhris
patrúin a dhéanamh ar an 100-chearnóg.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- patrúin in uimhreas a iniúchadh, a aithint agus a chlárú, 0–9999

- seichimh a iniúchadh agus a leathnú agus cuntas a thabhairt orthu

- patrúin a úsáid mar áis i meabhrú fíoras uimhris
patrúin a dhéanamh ar an 100-chearnóg.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- uimhirabairt suimithe nó dealaithe agus fráma inti a chur in iúl mar fhocalfhadhb (gan an fráma a bheith sa chéad áit)

$$3 + 7 = \square$$

tá trí mhilseán ag Máire, faigheann sí seacht gcinn eile cé mhéad atá aici anois?

- uimhirabairtí aon chéime a réiteach

$$400 - \square = 350$$

$$810 + 23 = \square .$$

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- uimhirabairt suimithe, dealaithe, iolraithe nó roinnte agus fráma inti a chur in iúl mar fhocalfhadhb (gan an fráma a bheith sa chéad áit)

- focalfhadhb aon chéime a aithris mar uimhirabairt

tá ocht gcinn déag de chairr bhréige ag Rita, is mian léi iad a chóiriú i dt trí shraith

$$18 = 3 \times \square$$

- uimhirabairtí aon chéime a réiteach

freagraí ar uimhirabairtí oscailte a phlé agus a chlárú

$$3 + \square < 7 \quad \text{nó} \quad 5 + \square > 8.$$

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Snáithe: Cruth agus spás

Ábhar do rang 3

Ábhar do rang 4

Snáithaonad

Cruthanna 2-T

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- cruthanna 2-T a aithint agus a rangú agus cuntas a thabhairt orthu: cearnóg, dronuilleog, triantán, heicseagán, ciorcal, leathchiorcal, ubhchruth agus cruthanna neamhrialta
- airíonna cruthanna 2-T a iniúchadh, cuntas a thabhairt orthu, agus iad a chur i gcomparáid (sleasa, uillinneacha, línte comhthreomhara agus neamhchomhthreomhara)
- cruthanna 2-T a thógáil agus a tharraingt
teimpléid, stionsail, geostiallacha agus geochláir a úsáid
- cruthanna 2-T a chur le chéile, iad a theisiliú, agus patrúin a dhéanamh leo
dromchlaí a chlúdach le cruthanna 2-T a theisilíonn/nach dteisilíonn
airíonna a éascaíonn nó a choscann teisiliú a aithint
cruthanna a chur le chéile chun patrúin a dhéanamh
- úsáid cruthanna 2-T sa timpeallacht a aithint
foirgnimh, comharthaí bóthair, airnéis tí
- tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar chruthanna 2-T a réiteach agus a chur i gcrích.

Nascadh

Achar

Comhtháthú

Na hAmharcealaíona: Líníocht—Feasacht ar líne, cruth

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- cruthanna 2-T a aithint agus a rangú agus cuntas a thabhairt orthu: triantán chomhshleasach, chomhchosach, agus scailéanach, rombas, peinteagán, ochtagán
- airíonna cruthanna 2-T a iniúchadh, cuntas a thabhairt orthu, agus iad a chur i gcomparáid (sleasa, uillinneacha, línte comhthreomhara agus neamhchomhthreomhara)
- cruthanna 2-T a thógáil agus a tharraingt
rialóir agus dronbhacart a úsáid
- cruthanna 2-T a chur le chéile, iad a theisiliú, agus patrúin a dhéanamh leo
cruthanna a chur le chéile chun patrúin a dhéanamh
agus chun cruthanna eile a dhéanamh
patrúin a theisilíonn a chruthú ar pháipéar cearnógach
- úsáid cruthanna 2-T sa timpeallacht a aithint
fógráin, éadain siopa, clocha pábhála
- tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar chruthanna 2-T a réiteach agus a chur i gcrích.

Nascadh

Achar

Comhtháthú

Na hAmharcealaíona: Líníocht—Feasacht ar líne, cruth

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- cruthanna 3-T a aithint agus a rangú agus cuntas a thabhairt orthu agus ciúb, ciúbóideach, sorcóir, cón, sféar, priosma triantánach agus pirimid san áireamh

- airíonna cruthanna 3-T a iniúchadh, cuntas a thabhairt orthu, agus iad a chur i gcomparáid

*líon agus cruth na n-aghaidheanna
líon na bhfaobhar is na gcúinní
an féidir é a rolladh, a shleamhnú, nó a chruachadh?*

- na gaoil idir cruthanna 3-T agus cruthanna comhghaolmhara 2-T a iniúchadh agus cuntas a thabhairt orthu

cruthanna comhghaolmhara 2-T a aithint trí bhreathnú agus dhíthógáil agus tábla torthaí a chur le chéile

- cruthanna 3-T a thógáil

líniú timpeall líontán agus iad a ghearradh amach, sopanna agus réiteoirí píopa a úsáid

- tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar chruthanna 2-T agus 3-T a réiteach agus a chur i gcrích.

Comhtháthú

Na hAmharcealaíona: Tógáil; Péint agus dath

Tíreolaíocht: Timpeallacht dhaonna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- cruthanna 3-T a aithint agus a rangú agus cuntas a thabhairt orthu agus ciúb, ciúbóideach, sorcóir, cón, sféar, priosma triantánach agus pirimid san áireamh

- a bhunú agus a léirthuisctint go mbíonn gach aghaidh cothrom i gcruth agus i méid nuair a ghearrtar slisní trí phriosma sa treo amháin

bíodh an obair taiscéalaíoch agus simplí, m.sh. marla, priosmaí triantánacha nó bia oiriúnach a úsáid

- na gaoil idir cruthanna 3-T agus cruthanna comhghaolmhara 2-T a iniúchadh agus cuntas a thabhairt orthu

- cruthanna 3-T a thógáil

an tógáil a dhéanamh le cruthanna 2-T

- tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar chruthanna 2-T agus 3-T a réiteach agus a chur i gcrích

úsáid cruthanna 3-T sa timpeallacht a aithint.

Comhtháthú

Na hAmharcealaíona: Tógáil; Péint agus dath

Tíreolaíocht: Timpeallacht dhaonna

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Ábhar do rang 3

Snáithaonad

Siméadracht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- siméadracht líneach a aithint sa timpeallacht
- línte siméadrachta i gcruthanna 2-T a aithint agus a tharraingt

cruthanna páipéir a fhilleadh nó scáthán a úsáid chun líne nó línte siméadrachta a aithint

línte fillte a úsáid chun línte siméadrachta a tharraingt agus a chlárú

cruthanna 2-T a rangú de réir líon a línte siméadrachta.

Nascadh

Codáin

Ábhar do rang 4

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- siméadracht líneach a aithint sa timpeallacht
- a aithint cé acu a bhfuil línte siméadrachta ingearach, cothrománach, nó fiarthrasna

samplaí ón timpeallacht a úsáid, m.sh. leabhar ar oscailt, fuinneoga, geataí

- tuiscint ar shiméadracht líneach a úsáid chun leath de chruth, de phictiúr nó de phatrún a bheadh in easnamh a chomhlánú

i líníocht, ar gheobhord nó ar phionnachlár agus an filleadh a bheith ceartingearach cothrománach nó fiarthrasna.

Nascadh

Codáin

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- línte ingearacha, cothrománacha agus comhthreomhara a aithint agus a rangú agus cuntas a thabhairt orthu

línte sa timpeallacht a phlé agus cur síos a dhéanamh orthu

línte a tharraingt agus lipéid a chur orthu

geostiallacha a úsáid chun línte ingearacha agus cothrománacha a thógáil

- uillinn a léirthuisctint i dtéarmaí rothlaithe

uillinneacha a dhéanamh trí leabhair agus doirse a oscailt, trí shnáthaidí an chloig agus ghéaga geostiallacha a rothlú, trí chasadh go fisiceach (deiseal/tuathal) nó iad a dhéanamh ar ríomhaire

- uillinneacha a rangú mar níos mó ná, níos lú ná nó ar cóimhéid le dronuillinn

tomhas dronuillinneach a dhéanamh agus a úsáid chun dronuillinneacha a aithint sa timpeallacht agus i gcruthanna 2-T agus 3-T

uillinneacha a rangú agus a chlárú mar >, < nó = dronuillinn

- fadhbanna bunaithe ar línte agus ar uillinneacha a réiteach.

Comhtháthú

Corpoideachas: Damhsa; Gleacaíocht

Na hAmharcealaíona: Líníocht; Tógáil

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- línte fiara agus ingearacha a aithint agus a rangú agus cuntas a thabhairt orthu

sopanna tuí a úsáid chun línte fiara, línte ingearacha agus trasnáin i gcearnóg a thógáil

- línte a thrasnaíonn a chéile agus a n-uillinneacha a tharraingt agus a phlé agus cur síos a dhéanamh orthu

línte ingearacha agus fiara

géaruillinneacha, maoluillinneacha agus dronuillinneacha

- uillinneacha a rangú mar níos mó ná, níos lú ná nó ar cóimhéid le dronuillinn

- fadhbanna bunaithe ar línte agus ar uillinneacha a réiteach.

Comhtháthú

Corpoideachas: Damhsa; Gleacaíocht

Na hAmharcealaíona: Líníocht; Tógáil

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Snáithe: Tomhais

Ábhar do rang 3

Snáithaonad Fad

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- maidir le raon leathan rudaí, a bhfad a mheas, a thomhas, a chur i gcomparáid agus a chlárú agus úsáid a bhaint as aonaid mhéadracha chuí (m, cm) chuige

gnáthrudaí laethúla, troscán, airde páistí

fad agus airde a mheas le agus gan aonad tomhais in aice láimhe

tomhas a dhéanamh chun meastacháin a dhearbhu

- aonaid fhaid a athainmniú i méadair agus i gceintiméadair

$$125 \text{ cm} = 1 \text{ m } 25 \text{ cm}$$

- tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar shuimiú agus ar dhealú aonad faid (m, cm) a réiteach agus a chomhall

cloí le hiomláin ar féidir iad a dhearbhu trí thomhas.

Comhtháthú

Corpoideachas: Lúthchleasaíocht

Ábhar do rang 4

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- maidir le raon leathan rudaí, a bhfad a mheas, a thomhas, a chur i gcomparáid agus a chlárú, úsáid a bhaint as aonaid mhéadracha chuí agus uirlisí cuí tomhais a roghnú chuige

faid agus airde doirse, dorchlaí, clós na scoile, cosán, cabhsaí, páirceanna imeartha

uirlisí: rialóirí, ribíní tomhais, roth tomhais

- aonaid fhaid a athainmniú i bhfoirm dheachúlach nó chodánach

$$25 \text{ cm} = 0.25 \text{ m} = \frac{1}{4} \text{ m}$$

$$2 \text{ km } 150 \text{ m} = 2150 \text{ m} = 2.15 \text{ km}$$

- imlíne cruthanna rialta 2-T a thuiscint, a mheas, agus a thomhas

- tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar aonaid fhaid (m, cm, km) a shuimiú, a dhealú agus a iolrú agus roinnt shimplí a dhéanamh orthu, a réiteach, agus a chomhall.

Comhtháthú

Corpoideachas: Lúthchleasaíocht

Snáithaonad Achar

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- achair cruthanna rialta agus neamhrialta a mheas, a chur i gcomparáid, agus a thomhas

aonaid chearnacha neamhchaighdeánacha a chomhaireamh.

Nascadh

Cruth agus spás: Cruthanna 2-T

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- achair cruthanna rialta agus neamhrialta a mheas, a chur i gcomparáid, agus a thomhas

aonaid chearnacha chaighdeánacha a úsáid (cm^2 , m^2).

Nascadh

Cruth agus spás: Cruthanna 2-T

Snáithaonad Meáchan

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- maidir le raon leathan rudaí, a meáchan a mheas, a chur i gcomparáid agus a thomhas agus aonaid mhéadracha chuí (kg, g) a úsáid

gnáth-nithe laethúla, leabhair, beartanna cóipleabhar níos éadroime agus níos troime ná 1 kg nithe a léiríonn nach bhfuil gaol seasmhach idir meáchan agus méid nithe a láimhsiú agus a chur i gcomparáid mar áis do mheas a thabhairt

- tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar shuimiú agus ar dhealú aonad meáchain (kg agus g) a réiteach

cloí le hiomláin ar féidir dearbhú a dhéanamh orthu trí mheá.

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- maidir le raon leathan rudaí, a meáchan a mheas, a chur i gcomparáid, a thomhas agus a chlárú, aonaid méadracha chuí a úsáid agus uirlisí cuí tomhais a roghnú chuige

feidhm agus rogha a bhaint as meá seomra folctha, meá cistine, spriongmheá

bheith eolach faoi mhionmharcanna agus mhórmharcanna ar mheá

(m.sh. céimeanna 100 g, $\frac{1}{2}$ kg, $\frac{1}{4}$ kg)

- aonaid mheáchain a athainmniú i gcileagraim agus i ngraim

$$2 \text{ kg } 250 \text{ g} = 2250 \text{ g}$$

- aonaid mheáchain a athainmniú i bhfoirm dheachúlach nó chodánach

$$250 \text{ g} = 0.25 \text{ kg} = \frac{1}{4} \text{ kg}$$

cloí le samplaí nach dtéann thar dhá ionad de dheachúlacha

- tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar aonaid mheáchain (kg agus g) a shuimiú, a dhealú agus a iolrú agus roinnt shimplí a dhéanamh orthu, a réiteach, agus a chomhall.

Ábhar do rang 3

Snáithaonad Toilleadh

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- maidir le raon leathan rudaí, a dtoilleadh a mheas, a chur i gcomparáid, a thomhas agus a chlárú agus úsáid a bhaint as aonaid mhéadracha chuí chuige

cartáin, spúnóga, cupáin, crúiscíní, buidéal phlaisteacha agus gnáth-shoithí

soithí tomhais lítir, 250 ml agus 500 ml a úsáid

soithí arda, ísle, leathana, cúnga a úsáid

- tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar shuimiú agus ar dhealú aonad toillidh (l, ml) a réiteach agus a chomhall

cloí le hiomláin ar féidir dearbhú a dhéanamh orthu trí mheá.

Ábhar do rang 4

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- toilleadh a mheas, a chur i gcomparáid, a thomhas agus a chlárú agus úsáid a bhaint as aonaid mhéadracha chuí (l, ml) agus uirlisí cuí tomhais a roghnú chuige

bheith eolach faoi mhionmharcanna agus faoi mhórmharcanna ar shoithí tomhais (m.sh. marcanna 100 ml, $\frac{1}{2}$ l, $\frac{1}{4}$ l)

- aonaid toillidh a athainmniú i l agus ml

$$1500 \text{ ml} = 1 \text{ l } 500 \text{ ml}$$

- aonaid toillidh a athainmniú i bhfoirm dheachúlach nó chodánach

$$250 \text{ ml} = 0.25 \text{ l} = \frac{1}{4} \text{ l}$$

$$2 \text{ l } 150 \text{ ml} = 2150 \text{ ml} = 2.15 \text{ l}$$

cloí le samplaí nach dtéann thar dhá ionad de dheachúlacha

- tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar shuimiú, dhealú, iolrú agus roinnt shimplí ar aonaid thoillidh (l, ml) a réiteach agus a chomhall.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tuiscint d'imeacht ama a dhaingniú agus a fhorbairt
imeachtaí laethúla, seachtainiúla, míosúla agus bliantúla a chur i seicheamh
gluaiseacht shnáthaidí an chloig nó gaineamh in orláiste a phlé mar léiriú ar chaitheamh ama
foclóir ama a bheachtú agus a fhorbairt
roimh, tar éis, i bhfad ó shin, anuraidh, an mhí seo caite, inné, anois díreach, go luath, amárach, i gceann seachtaine, ar feadh tamaill ghairid/fhada

Comhtháthú

Tíreolaíocht: An domhan fisiceach

- am a léamh in achair chúig nóiméad ar chloig analacháide agus dhigite (12 uaire)
comhaireamh i gcúigeanna suas agus síos an uimhirlíne, ar an 100-chearnóg, agus ar aghaidh an chloig aghaidh shimplí chloig a dhéanamh agus achair a chomhghaolú
 $\frac{1}{4}$ uair = 15 nóiméad = 3×5 nóiméad
na tráthanna ag a dtarlaíonn imeachtaí coitianta a phlé agus a chlárú
gníomhaíochtaí scoile agus baile; cláir theilifíse
- am a chlárú i bhfoirmeacha analacháide agus digite
- amchláir shimplí a léamh agus a mhíniú
sceidil scoile, bus, traenach, teilifíse.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tuiscint d'imeacht ama a chomhdhlúthú agus a fhorbairt

Comhtháthú

Tíreolaíocht: An domhan fisiceach

- am a léamh in achair aon nóiméad ar chloig analacháide agus digite (12 uaire)
- am digite a insint mar am analacháide agus a mhalairt de dhóigh
- amchláir shimplí a léamh agus a mhíniú.

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Ábhar do rang 3

- nóiméid a athainmniú mar uaireanta agus uaireanta mar nóiméid

cloí le hachair de chúig nóiméad

70 nóiméad = 1 uair 10 nóiméad

$1\frac{1}{2}$ uair = 1 uair 30 nóiméad = 90 nóiméad

- dátaí a léamh ar an bhféilire agus seachtainí a chur in iúl mar laethanta agus a mhalairt de dhóigh

dátaí suntasacha pearsanta a bhailiú agus a chlárú mar aon le dátaí i saol na scoile agus an teaghlaigh

- tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar thráthanna agus dátaí a réiteach agus a chomhall

fadhbanna praiticiúla ar féidir dearbhú a dhéanamh orthu go furasta trí thomhas.

Ábhar do rang 4

- nóiméid a athainmniú mar uaireanta agus uaireanta mar nóiméid

- dátaí a léamh ar an bhféilire agus seachtainí a chur in iúl mar laethanta agus a mhalairt de dhóigh

- tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar thráthanna agus dátaí agus ar shuimiú agus ar dhealú uaireanta agus nóiméid a réiteach agus a chomhall

fadhbanna praiticiúla ar féidir dearbhú a dhéanamh orthu go furasta trí thomhas

uaireanta agus nóiméid a shuimiú leo féin

4 huair	45 nóiméad
+ 3 huair	25 nóiméad
<hr/>	

*8 n-uaire 10 nóiméad = 7 n-uaire 70 nóiméad
nóiméid a athainmniú roimh dhealú*

3 huair	30 nóiméad	= 2 n-uaire 90 nóiméad
- 1 uair	40 nóiméad	
<hr/>		

1 uair 50 nóiméad.

Comtháthú

Corpoideachas: Lúthchleasaíocht

Snáithaonad

Airgead (le húsáid go dtí go dtagann an euro i bhfeidhm)

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- suimeanna airgid a athainmniú mar phuint nó mar phingíní agus clárú a dhéanamh leis na siombail p agus £ agus leis an bponc deachúlach
- fadhbanna aon chéime agus tascanna bunaithe ar shuimiú agus ar dhealú airgid a réiteach agus a chomhall.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- suimeanna airgid a athainmniú mar phuint nó mar phingíní agus clárú a dhéanamh leis na siombail p agus £ leis an bponc deachúlach
- $$125p = £1.25 \quad £3.56 = 356p$$
- fadhbanna praiticiúla aon chéime agus dhá chéim agus tascanna bunaithe ar shuimiú, dhealú, iolrú agus roinnt shimplí airgid a réiteach agus a chomhall.

Snáithaonad

Airgead—euro

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- suimeanna airgid a athainmniú mar euro nó mar cent agus clárú a dhéanamh leis na siombail agus leis an bponc deachúlach
- fadhbanna aon chéime agus tascanna bunaithe ar shuimiú agus ar dhealú airgid a réiteach agus a chomhall.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- suimeanna airgid a athainmniú mar euro nó mar cent agus clárú a dhéanamh leis an tsiombail € agus leis an bponc deachúlach
- $$125 \text{ cent} = €1.25 \quad €3.56 = 356 \text{ cent}$$
- fadhbanna praiticiúla aon chéime agus dhá chéim agus tascanna bunaithe ar shuimiú, dhealú, iolrú agus roinnt shimplí airgid a réiteach agus a chomhall.

Comhtháthú

Stair: Ciníocha san am atá thart agus sochaithe ársa

Comhtháthú

Stair: Ciníocha anallód agus sochaithe ársa

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Snáithe: Sonraí

Ábhar do rang 3

Snáithaonad **Sonraí a léiriú agus a léirmhíniú**

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- sonraí a bhailiú, a eagrú agus a léiriú agus picteagraim, blocghraif agus barrachairteacha a úsáid chuige

sonraí a bhailiú sa timpeallacht agus iad a chlárú i bhfoirm tháblach

sonraí a léiriú i gcruth cuí

nirt agus lochtanna an chrutha atá in úsáid a phlé

scála simplí a úsáid i mblocghraif agus i mbarrachairteacha

feidhmeanna ríomhaire a úsáid, má bhíonn siad ar fáil, chun sonraí a eagrú agus a léiriú

- táblaí, picteagraim, blocghraif agus barrachairteacha a léamh agus a léirmhíniú

- tacair de shonraí a úsáid chun tascanna agus fadhbanna praiticiúla a réiteach agus a chomhall

fadhbanna simplí a réiteach agus úsáid á baint as sonraí a bailíodh sa timpeallacht phearsanta.

Nascadh

Cruth agus spás: Línte agus uillinneacha

Comhtháthú

Tíreolaíocht: Timpeallacht nádúrtha

Eolaíocht: Fuinneamh agus fórsaí

Ábhar do rang 4

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- sonraí a bhailiú, a eagrú agus a léiriú agus picteagraim, blocghraif, barrachairteacha agus barraghraif líneacha a chuimseodh scálaí 1:2, 1:5, 1:10 agus 1:100 a úsáid

scálaí a bheadh oiriúnach do raon na n-uimhreacha don leibhéal seo a úsáid

- barraghraif líneacha agus píchairteacha simplí a léamh agus a mhíniú

úsáid $\frac{1}{2}$ $\frac{1}{3}$ agus $\frac{1}{4}$ a chuimsiú

- tacair de shonraí a úsáid chun tascanna agus fadhbanna praiticiúla a réiteach agus a chomhall.

Nascadh

Cruth agus spás: Línte agus uillinneacha

Comhtháthú

Tíreolaíocht: Timpeallacht nádúrtha

Eolaíocht: Fuinneamh agus fórsaí

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- foclóir na héiginnteachta agus na cinniúna a úsáid
d'fhéadfadh, ní fhéadfadh, tharlódh, cinnte, gan a bheith cinnte
- imeachtaí a chur in ord ar bhonn chosúlacht a dtarlaithe

an chosúlacht go dtitfidh tarlóga simplí áirithe amach a scrúdú agus a phlé agus na tarlóga a chur in ord ón gceann is lú cosúlacht go dtí an ceann is dóichí

Beidh ár scoil dúnta ar an Luan seo chugainn

Beidh an ghrian ag taitneamh ar feadh dhá uair an chloig amárach

Titfidh a chodladh ar an múinteoir ag 11 a chlog inniu

- torthaí próiseas fánach simplí a aithint agus a chlárú
*bonn a chaitheamh in airde deich nó fiche uaire agus na torthaí a chlárú
ciúb a thógáil as mála ina bhfuil, mar shampla, ceithre chiúb ghorma agus ocht gciúb dhearga roinnt uaireanta agus an ciúb a tógadh amach a chur ar ais gach uair; na torthaí a phlé.*

Comhtháthú

Ceol: Cumadóireacht; Tobchumadh agus cruthú

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- foclóir na héiginnteachta agus na cinniúna a úsáid
seans, is cosúil go, ní cosúil go, riamh, go cinnte
- imeachtaí a chur in ord ar bhonn dhóchulacht a dtarlaithe

- torthaí próiseas fánach simplí a aithint agus na torthaí a chlárú

bonn a chaitheamh in airde, díslé a rolladh deich nó fiche uaire, agus na torthaí a chlárú

ciúb a thógáil as mála ina bhfuil dhá chiúb dhearga, ciúb gorm amháin agus ciúb buí amháin roinnt uaireanta agus an ciúb a tógadh amach a chur ar ais gach uair; na torthaí a phlé agus a chlárú.

Comhtháthú

Ceol: Cumadóireacht; Tobchumadh agus cruthú

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Rangama

5 agus 6

Forbairt scileanna do ranganna 5 agus 6

De thoradh snáithaonaid churaclam na matamaitice a chríochnú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna

- ábhair, coincheapa agus próisis chuí le haghaidh tascanna agus feidhmeanna áirithe a roghnú
- coincheapa agus próisis a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna éagsúla
- anailísíú a dhéanamh ar fhadhbanna agus ar bhealaí oibre lena réiteach a phleanáil
- straitéisí éagsúla a roghnú agus a chur i bhfeidhm chun tascanna agus tionscadail a chomhall nó chun fadhbanna a réiteach
- machnamh agus meastóireacht a dhéanamh ar réitigh ar fhadhbanna

Cumarsáid agus cur in iúl

- na próisis a d'úsáidfí mar aon le torthaí gníomharochtaí, fadhbanna agus tionscadal matamaiticiúil a phlé agus a mhíniú ar bhealach eagraithe
- éisteacht le cuntais agus míniúcháin mhatamaiticiúla de chuid páistí eile agus iad a phlé
- próisis agus torthaí oibre a phlé agus a chlárú agus modhanna éagsúla a úsáid chuige
- fadhbanna a phlé agus anailís a chur i gcrích

Comhtháthú agus nascadh

- idéanna agus próisis mhatamaiticiúla a shealbhódh sé/sí go neamhfhoirmiúil a cheangal le hidéanna agus próisis fhoirmiúla mhatamaiticiúla
- matamaitic a aithint sa timpeallacht
- idéanna agus próisis mhatamaiticiúla a léiriú ar dhóigheanna difriúla: ó bhéal, go pictiúrtha, go diagramach agus go siombalach
- na ceangail idir bealaí oibre matamaiticiúla agus na coincheapa a úsáideann sé/sí a thuiscint
- idéanna agus próisis mhatamaiticiúla a aithint agus a chur i bhfeidhm i ngnéithe eile an churaclaim

Réasúnaíocht

- hipitéisí a cheapadh agus trialacha a dhéanamh chun iad a thástáil
- déaduchtuithe neamhfhoirmúla a dhéanamh
- patrúin agus coibhneas matamaiticiúla a chuartú agus a iniúchadh
- réasúnú go córasach i gcomhthéacs matamaiticiúil
- boinn le próisis agus le torthaí gníomhaíochtaí, fadhbanna agus tionscadal matamaiticiúil a thabhairt

Cur i bhfeidhm

- straitéisí meabhreacha agus bealaí oibre a chumadh agus a úsáid chun tascanna matamaiticiúla a chomhall
- láimhseoga cuí a úsáid chun bealaí oibre matamaiticiúla a fheidmiú
- bealaí oibre caighdeánacha a fheidmiú go héifeachtach le huirliis éagsúla

Tuiscint agus tabhairt chun cuimhne

- fíorais, sainmhínithe agus foirmlí a thuiscint agus a mheabhrú.

Snáithe: Uimhreas

Ábhar do rang 5

Snáithaonad Ionadluach

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- slánuimhreacha agus deachúlacha a léamh, a scríobh, agus a ordú

réamhobair choincheapúil agus phraiticiúil a fhorleathnú chun uimhreacha níos mó agus deachúlacha a chuimsiú

- ionadluach i slánuimhreacha agus i ndeachúlacha a aithint

réamhobair choincheapúil agus phraiticiúil a fhorleathnú chun uimhreacha níos mó agus deachúlacha a chuimsiú

- slánuimhreacha agus deachúlacha a shlánú

*slánuimhreacha a cheartú go dtí an deich, an céad nó an míle is gaire
deachúlacha a shlánú don slánuimhir is gaire.*

Ábhar do rang 6

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- slánuimhreacha agus deachúlacha a léamh, a scríobh, agus a ordú

- ionadluach i slánuimhreacha agus i ndeachúlacha a aithint

- deachúlacha a shlánú

deachúlacha a cheartú go dtí ionad amháin, dhá ionad nó trí ionad de dheachúlacha.

Snáithaonad Oibríochtaí

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- suimeanna, difríochtaí, torthaí agus líonta slánuimhreacha a mheas

straitéisí le haghaidh meastacháin a úsáid m.sh. é a bhunú ar na digití tosaigh, slánú, cnuasach, uimhreacha speisialta

torthaí ríomhaireachta a mheas agus freagraí a ríomh le háireamhán, m.sh. $450 \times 9 = 4500$ (an meastachán seo bunaithe ar 450×10)

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- suimeanna, difríochtaí, torthaí agus líonta deachúlacha a mheas

straitéisí le haghaidh meastacháin a úsáid torthaí ríomhaireachta a mheas agus freagraí a ríomh le háireamhán

meastachán a dhéanamh ar dtús agus áireamhán a úsáid ansin chun teacht ar an bhfreagra cruinn

- slánuimhreacha agus deachúlacha (go dtí trí ionad de dheachúlacha) a shuimiú agus a dhealú, gan áireamhán agus le háireamhán

úsáid na n-algartam atá ar eolas ag na páistí cheana a fhorbairt agus a fhorleathnú

- deachúil (go dtí trí ionad) a iolrú faoi shlánuimhir, gan áireamhán agus le háireamhán

úsáid na n-algartam atá ar eolas ag na páistí cheana a fhorbairt agus a fhorleathnú
 8.125×9

- uimhir trí dhigit a roinnt ar uimhir dhá dhigit, gan áireamhán agus le háireamhán

coincheap na roinnte a iniúchadh le hábhair nithiúla algartam na roinnte fada a fhorbairt trí dhealú leantach agus trí mhéaduithe den dealú leantach

- uimhir dheachúlach a roinnt ar shlánuimhir, gan áireamhán agus le háireamhán

coincheap deachúlacha a roinnt a iniúchadh agus feidhm a bhaint as ábhair nithiúla, airgead agus tomhais
an t-algartam a fhorleathnú i gcomhcheangal le hionadluach
 $75.6 \div 4.$

- slánuimhreacha agus deachúlacha a shuimiú agus a dhealú, gan áireamhán agus le háireamhán

- deachúil a iolrú faoi dheachúil, gan áireamhán agus le háireamhán

úsáid na n-algartam atá ar eolas ag na páistí cheana a fhorbairt agus a fhorleathnú
 $7.25 \times 1.5; 13.2 \times 0.75$

a thuiscint nach ionann i gcónaí iolrú agus dul i méid

- uimhir cheithre dhigit a roinnt ar uimhir dhá dhigit, gan áireamhán agus le háireamhán

úsáid na n-algartam atá ar eolas ag na páistí cheana a fhorbairt agus a fhorleathnú
 $7852 \div 26$

- uimhir dheachúlach a roinnt ar dheachúil, gan áireamhán agus le háireamhán

coincheap roinnte ar dheachúlacha a iniúchadh agus feidhm a bhaint as ábhair nithiúla, airgead agus tomhais
 $36.92 \div 2.6; 27.6 \div 0.2$
a thuiscint nach ionann i gcónaí roinnt agus dul i laghad.

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Ábhar do rang 5

Snáithaonad Codáin

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- codáin a chur i gcomparáid agus in ord agus foirmeacha coibhéiseacha de chodáin le hainmneoirí 2–12 a aithint

coibhéis shimplí a iniúchadh, a chur i gcomparáid agus a chlárú, ábhair nithiúla, filleadh páipéir agus codánchairteacha á n-úsáid

- leaschodáin a chur in iúl mar uimhreacha measctha agus a mhalairt de dhóigh agus iad a shuíomh ar an uimhirlíne

coibhéis a bhunú agus ábhair nithiúla a úsáid leaschodáin shimplí agus uimhreacha measctha a iniúchadh, a chur i gcomparáid agus a chlárú go diagramach, go huimhriúil agus ar an uimhirlíne

- codáin shimplí agus uimhreacha measctha simplí a shuimiú agus a dhealú

codáin choibhéiseacha a úsáid chun an t-áireamh a shimpliú

- codán a iolrú faoi shlánuimhir

coincheapa a fhorbairt le hábhair nithiúla, filleadh páipéir agus codánchairteacha cé mhéad pizza i gceithre $\frac{3}{4}$ de pizza?

Ábhar do rang 6

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- codáin a chur i gcomparáid agus in ord agus foirmeacha coibhéiseacha de chodáin a aithint

codáin choibhéiseacha a chur in ord ar an uimhirlíne agus ar chodánchairteacha

- leaschodáin a chur in iúl mar uimhreacha measctha agus a mhalairt de dhóigh agus iad a shuíomh ar an uimhirlíne

- codáin shimplí agus uimhreacha measctha simplí a shuimiú agus a dhealú

níor mhór comhainmneoir a aimsiú trí mhéaduithe a liostú

- codán a iolrú faoi chodán

coincheap a iniúchadh agus a fhorbairt trí ábhair nithiúla agus an uimhirlíne a úsáid agus trí léaráidí a tharraingt d'fhonn samplaí a léiriú i dtaca le forbairt algartaim

- deichithe, céaduithe agus mílithe a chur in iúl i bhfoirm chodánach agus i bhfoirm dheachúlach

iniúchadh agus comparáid a dhéanamh le hábhair choincréiteacha

cur in iúl mar chodáin agus mar dheachúlacha.

- deichithe, céaduithe agus mílithe a chur in iúl i bhfoirm chodánach agus i bhfoirm dheachúlach

- slánuimhir a roinnt ar chodán a mbeadh 1 mar uimhreoir aige

cé mhéad ceathrú in 2?

$$2 \div \frac{1}{4}; 15 \div \frac{1}{5}$$

- cóimheasa simplí a thuiscint agus a chlárú;

an coibhneas idir uimhreacha aiceanta agus a n-iolruithe a iniúchadh agus a chlárú.

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Ábhar do rang 5

Ábhar do rang 6

Snáithaonad Deachúlacha agus céatadáin

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tuiscint ar chéatadáin shimplí a fhorbairt agus a ngaol le codáin agus le deachúlacha a leagan síos

céatadáin a chur in iúl mar chodáin is mar dheachúlacha agus a mhalairt de dhóigh

céatadáin shimplí a ríomh, m.sh. 50%, 25%, 10%

- codáin agus deachúlacha a chur i gcomparáid agus in ord

iniúchadh, comparáid agus clárú a dhéanamh le hábhair choincréiteacha is le hairgead

ordú a dhéanamh go diagramach nó ar an uimhirlíne

- fadhbanna bunaithe ar oibríochtaí le slánuimhreacha, codáin, deachúlacha agus céatadáin shimplí a réiteach

léaráidí a úsáid; freagraí a mheas agus a ríomh le háireamhán

samplaí de lacáiste agus de mhéaduithe simplí a chur san áireamh

10% bainte de gach bríste géine, 20% sa bhreis saor in aisce.

Nascadh

Tomhais: Airgead

Comhtháthú

Tíreolaíocht: Timpeallacht dhaonna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- céatadáin a úsáid agus a ngaol le codáin agus le deachúlacha a leagan síos

cainníochtaí a chur in iúl mar chéatadáin

- céatadáin d'uimhreacha a chur i gcomparáid agus in ord

- fadhbanna bunaithe ar shochar, dochar, lacáiste, cáin bhreisluacha (CBL), ús, méaduithe agus laghduithe a réiteach.

Nascadh

Tomhais: Airgead

Comhtháthú

Tíreolaíocht: Timpeallacht dhaonna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- uimhreacha príomha agus uimhreacha ilchodacha simplí a aithint
 - sainmhíniú ar uimhir phríomha a thabhairt: is é sin uimhir níos mó ná 1 agus gan ach dhá roinnteoir aici, í féin agus 1*
 - uimhreacha príomha simplí a aithint trí thástáil is earráid m.sh. 2, 5, 7, 11*
 - uimhreacha príomha a aithint agus a chlárú le criathar Eratosthenes*
 - uimhir ilchodach a shainmhíniú, m.sh. uimhir le breis is dhá roinnteoir aici: 4, 6, 9*
 - uimhreacha ilchodacha a aithint agus a chlárú agus fíorais uimhris nó áireamhán a úsáid chuige coibhneasa le corruimhreacha agus ré-uimhreacha a imscrúdú*
- uimhreacha cearnacha agus uimhreacha dronuilleogacha simplí a aithint
 - léaráidí a thógáil ar gheochláir, ar phionnachláir agus ar pháipéar cearnógach mar léiriú ar uimhreacha cearnacha agus dronuilleogacha simplí na huimhreacha seo a iniúchadh, a chur i gcomparáid agus a chlárú*
- fachtóirí agus iolruithe a aithint
 - fachtóirí agus iolruithe a aithint ó fhíorais iolraithe bhunúsacha.*

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- uimhreacha príomha agus uimhreacha ilchodacha simplí a aithint
- uimhreacha cearnacha agus uimhreacha dronuilleogacha simplí a aithint agus a iniúchadh
 - $16 = 4 \times 4 = 4^2$
- fréamhacha cearnacha simplí a iniúchadh agus a aithint
 - léaráidí a thógáil*
 - clárú agus comparáid a dhéanamh le huimhreacha cearnacha*
- comhfhachtóirí agus coimheadaithe a aithint
 - fachtóirí agus iolruithe a iniúchadh agus a chlárú d'fhonn fachtóirí agus iolruithe coitianta a aithint*
- slánuimhreacha a scríobh i bhfoirm easpónantúil
 - $1000 = 10 \times 10 \times 10 = 10^3$
 - $8 = 2 \times 2 \times 2 = 2^3$.

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Snáithe: Ailgeábar

Ábhar do rang 5

Snáithaonad

Uimhreacha treocha

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- uimhreacha deimhneacha is diúltacha a aithint i gcomhthéacs

cúrsaí airgid, áiritheoirí fistéipe, taispeántais áireamhain, tuairiscí spóirt, scóir ghailf, teocht, leibhéal na farraige agus ardaitheoirí a iniúchadh agus a phlé chun a léiriú gur gá cainníochtaí os cionn nialais agus cainníochtaí faoina bhun a idirdhealú

is ceart tagairt d'uimhreacha deimhneacha agus diúltacha mar 'deimhneach a seacht' agus 'diúltach a trí'

na comharthaí crochta + nó – a úsáid agus uimhreacha deimhneacha agus diúltacha á gclárú

m.sh. +7 -3

fistéip a chasadh siar

tarraingíonn na páistí teirmiméadar, cuireann siad lipéad air agus marcálann siad an teocht air

breathnaíonn siad ar réamhaisnéisí aimsire i nuachtáin.

Comhtháthú:

Tíreolaíocht: Timpeallacht nádúrtha; Aimsir, aeráid, agus atmaisféar

Ábhar do rang 6

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- uimhreacha deimhneacha is diúltacha a aithint ar an uimhirlíne

an uimhirlíne a shiúl chun cleachtadh a fháil ar uimhreacha deimhneacha agus diúltacha a éiríonn le linn díospóireachta nó i gcomhthéacs

uimhreacha deimhneacha is diúltacha a aithint agus a mharcaíl ar uimhirlínite pearsanta nó ranga

- uimhreacha deimhneacha agus diúltacha simplí a shuimiú ar an uimhirlíne

uimhreacha deimhneacha agus diúltacha simplí a shuimiú tríd an uimhirlíne a shiúl agus trí chomhaireamh ar an uimhirlíne ranga nó ar uimhirlíne phearsanta

$$+5 + -7 = \square \quad -9 + -3 = \square$$

$$-8 + +2 = \square$$

uimhreacha deimhneacha is diúltacha a éiríonn sa chomhthéacs a shuimiú: m.sh. ba é scór galfaire thar cheithre bhabhta ná 6 faoi bhun an chothroim, 2 os a chionn, 3 faoina bhun agus 1 faoina bhun; cad é an scór a bhí aici/aige ar deireadh i gcoibhneas le cothrom?

Comhtháthú:

Tíreolaíocht: Timpeallacht nádúrtha; Aimsir, aeráid, agus atmaisféar

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- airíonna agus rialacha simplí maidir le lúibíní agus tosaíochtaí oibríochta a iniúchadh agus a phlé

sloinn le lúibíní i suímh éagsúla a aithint, a phlé, agus a ríomh

$$10 + (4 + 7) = \square \quad (10 + 4) + 7 = \square$$

$$(8 - 1) + 4 = \square \quad 8 - (1 + 4) = \square$$

$$(3 \times 4) + 5 = \square \quad 3 \times (4 + 5) = \square$$

$$8 \div (2 + 2) = \square \quad (8 \div 2) + 2 = \square$$

cén tionchar atá ag suíomh na lúibíní?

sloinn agus lúibíní fágtha ar lár iontu a aithint, a phlé, agus a ríomh

$$4 + 3 \times 5 = \square \quad 12 \times 6 + 3 = \square$$

$$2.45 \div 5 - 0.75 = \square \quad 96 \div 8 - 12 = \square$$

cén tionchar atá aige oibríochtaí a thosú ag pointí difriúla? m.sh. $4 + 3$ roimh 3×5

nó a mhalairt: $4 + 3 \times 5$?

luach lúibíní a bhúnú agus as sin teacht ar thosaíocht an iolraithe agus na roinnte ar shuimiú agus dhealú na hairíonna

na rialacha seo a iniúchadh gan áireamhán agus le háireamhán

- coibhneasa a aithint agus rialacha i bhfocail agus rialacha siombalacha simplí a chlárú le haghaidh patrúin uimhreacha

rialacha do sheichimh shimplí uimhreach a aithint agus a phlé: 2.0, 3.5, 5.0, 6.5i. méadú de 1.5 sa seicheamh gach babhta

81, 27, 9 ... ag laghdú trí roinnt ar a 3

1, 4, 9, 16, 25, 36 ...

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- bheith eolach faoi airíonna simplí agus rialacha maidir le lúibíní agus tosaíochtaí oibríochta

áireamhán a úsáid i gcleachtaí chun digítí atá in easnamh agus oibríochtaí atá in easnamh a aimsiú

e.g. $37 ? 21 ? 23 = 800$

$27 ? (36 ? 11) = 675$

- coibhneasa a aithint agus rialacha siombalacha le haghaidh patrúin uimhreacha a chlárú

rialacha a dhéaduchtú agus a chlárú i gcás patrúin uimhreacha luaite

2, 6, 12, 20, 30 ...

4:1, 8:2, 16:4 ...

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Ábhar do rang 5

Snáithaonad Athróga

Ábhar do rang 6

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- coincheap athróige a iniúchadh i gcomhthéacs patrún, táblaí agus foirmlí simplí agus luachanna a chur in áit athróg

*foirmlí simplí as snáitheanna eile a aithint agus a phlé
m.sh. $d = 2 \times r$; $a = l \times w$*

luachanna a chur isteach i bhfoirmlí agus i rialacha siombalacha a forbraíodh as patrúin uimhreacha.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- uimhirabairtí agus fráma iontu a aistriú ina bhfocalfhadbanna agus a mhalairt de dhóigh

uimhirséalta a chumadh chun cur síos ar uimhirabairt áirithe

cé mhéad foireann de cheathrar is féidir leis an múinteoir a dhéanamh le haghaidh rásanna sealaíochta as rang ina bhfuil ochtar páistí ar fhichead?

$$28 \div 4 = \square$$

ní mór d'fhear ocht bhfuinneog is fiche a ghlanadh; tógann sé uair an chloig air ceithre cinn a ghlanadh; cá fhad a thógfaidh sé don iomlán?

uimhirabairtí a chumadh chun cuntais mhatamaiticiúla a thabhairt ar fhocalfhadb áirithe a chumadh

- uimhirabairtí agus cothromóidí aon chéime a réiteach

$$75 - 43 = \square \qquad 3.5 \times \square = 14$$

$$25\% \text{ de } \square = 15.$$

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- focalfhadbanna agus athróg iontu a aistriú ina n-uimhirabairtí

Ghearr Peadar píosa ribín ina chúig chuid chothroma. Bhí gach cuid 30 cm ar fhad. Cá fhad a bhí sa ribín sular gearradh é?

$$x \div 5 = 30$$

- uimhirabairtí agus cothromóidí aon chéime a réiteach

$$-3 + +6 = \square \qquad -4 + \square = +1$$

$$10 \times \square = 8 \times 5.$$

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Snáithe: Cruth agus spás

Ábhar do rang 5

Snáithaonad Cruthanna 2-T

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- déaduchtuithe neamhfhoirmiúla a dhéanamh faoi chruthanna 2-T agus a n-airíonna
- airíonna a n-uillinneacha agus a línte a úsáid chun triantáin agus ceathairshleasáin a rangú agus chun cur síos a dhéanamh orthu

raon leathan de chruthanna trishleasacha agus ceathairshleasacha a ainmniú, a iniúchadh agus a chur i gcomparáid ó thaobh méid agus líon a n-uilleannacha agus saghas agus líon a sleasa m.sh. traipéisiam, triantán scailéanach, heicseagán rialta

- airíonna an chiorcail a aithint

chiorcail agus trastomhais éagsúla acu a iniúchadh agus a chur i gcomparáid

an gaol idir trastomhas agus ga a thomhas agus a aithint

achar a scrúdú trí aonaid chearnógacha a chomhaireamh

- ciorcal a thógáil agus trastomhas nó ga áirithe aige
compás a úsáid chun é a tharraingt
- cnuasach de chruthanna 2-T a theisiliú

Ábhar do rang 6

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- déaduchtuithe neamhfhoirmiúla a dhéanamh faoi chruthanna 2-T agus a n-airíonna
- airíonna a n-uillinneacha agus a línte a úsáid chun triantáin agus ceathairshleasáin a rangú agus chun cur síos a dhéanamh orthu

- triantáin a thógáil nuair a thugtar a sleasa nó a n-uillinneacha

tógáil triantáin a chríochnú nuair a thugtar dhá shlios agus an uillinn eatarthu nó dhá uillinn agus an líne eatarthu

- airíonna an chiorcail a aithint

trastomhas chiorcail a chur i gcomparáid lena imlíne trí thomhas imlíne chiorcail nó rud ar nós chrann fuinte nó roth a thomhas m.sh. píosa de chorda a úsáid

- ciorcal agus trastomhas nó ga áirithe aige a thógáil
- cnuasach de chruthanna 2-T a theisiliú

- cruthanna 2-T a rangú de réir a línte siméadrachta
línte siméadrachta i gcruthanna 2-T a iniúchadh, a chur i gcomparáid, agus a chlárú
- cruthanna 2-T agus a n-airíonna a úsáid chun fadhbanna a réiteach
cruth ar leith a dhéanamh le cruthanna Tangram.
- cruthanna 2-T a rangú de réir a línte siméadrachta
- comhordanáidí simplí a mhapáil agus a chur i bhfeidhm nuair is cuí
geochláir agus páipéar cearnógach a úsáid
- cruthanna 2-T agus a n-airíonna a úsáid chun fadhbanna a réiteach.

Snáithaonad Cruthanna 3-T

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- cruthanna 3-T, an teitrihéadrán san áireamh, a aithint agus a imscrúdú agus coibhneasa a iniúchadh (aghaidheanna, faobhair, agus reanna)

líon na n-aghaidheanna ar chruthanna 3-T a iniúchadh, a chur i gcomparáid, agus a chlárú

líon na bhfaobhar agus na reanna ar chruthanna 3-T a aithint

cruth na n-aghaidheanna a ainmniú

cruthanna 3-T a dhíthógáil ina líontáin, iad a scrúdú, agus díospóireacht a dhéanamh orthu

- líontáin de chruthanna simplí 3-T a tharraingt agus na cruthanna a thógáil

líontáin shimplí, agus plapaí orthu nuair is gá, a phlé agus a tharraingt

cruthanna 3-T a thógáil ó na líontáin.

Comhtháthú

Na hAmharcealaíona: Tógáil

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- cruthanna 3-T, an t-ochtahéadrán san áireamh, a aithint agus a imscrúdú agus coibhneasa a iniúchadh (aghaidheanna, faobhair, agus reanna)

- líontáin de chruthanna simplí 3-T a tharraingt agus na cruthanna a thógáil.

Comhtháthú

Na hAmharcealaíona: Tógáil

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi lámhsíú an ábhair leis an dá rang.

Ábhar do rang 5

Snáithaonad Línte agus uillinneacha

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- uillinneacha a aithint agus a rangú, cur síos orthu, agus a ngaol le cruth agus leis an timpeallacht a thabhairt faoi deara

raon leathan d'uillinneacha agus de chruthanna a iniúchadh agus a chur i gcomparáid

uillinneacha a thomhas agus a chlárú mar ghéaruillinneacha, maoluillinneacha, uillinneacha aisfhillteacha nó dronuillinneacha agus líon na n-uilleannacha de na saghsanna seo i ngnáthchruthanna rialta a aimsiú

- uillinneacha a aithint i dtéarmaí rothlaithe

na huillinneacha (agus an uillinn aisfhillteach san áireamh) a chruthaíonn snáthaidí an chloig ag raon d'amanna difriúla a scrúdú, a thomhas agus a chlárú leathnú a dhéanamh le láimhseoga, m.sh. sopanna, cipíní líreacáin, Meccano, corda, uillinntomhas 360°, agus teanga ríomhaire LOGO más ann di

- uillinneacha a mheas, a thomhas agus a thógáil i gcéimeanna

raon leathan d'uillinneacha a thomhas agus a chlárú agus uillinntomhas á úsáid

uillinneacha ar mhéid éagsúla a thógáil le huillinntomhas

méid uillinneacha a mheas agus dearbhú a dhéanamh le huillinntomhas

Ábhar do rang 6

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- uillinneacha a aithint agus a rangú, cur síos orthu, agus a ngaol le cruth a thabhairt faoi deara
saghsanna uillinneacha sa timpeallacht a aithint

- uillinneacha a aithint i dtéarmaí rothlaithe

- uillinneacha a mheas, a thomhas agus a thógáil i gcéimeanna

- suim na n-uillinneacha i dtriantán a iniúchadh
*na trí chúinne ar thriantán páipéir a bhaint agus iad a chur le chéile chun teacht ar 180°
na huillinneacha i raon de thriantáin a thomhas le huillinntomhas
suim na n-uillinneacha sin a ríomh agus a chlárú
na torthaí a scrúdú agus a phlé.*

- suim na n-uillinneacha i gceathairshleasán a iniúchadh
*na ceithre chúinne de cheathairshleasán páipéir a bhaint agus iad a chur le chéile chun teacht ar 360°
na huillinneacha i raon leathan de cheathairshleasáin a thomhas agus a suim a ríomh.*

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Snáithe: Tomhais

Ábhar do rang 5

Snáithaonad Fad

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- uirlisí cuí tomhais a roghnú agus a úsáid
 - rialóir do rudaí gairide*
 - maide méadair do rudaí nó achair atá níos faide*
 - roth tomhais le haghaidh achair fhada*
- fad a mheas agus a thomhas agus aonaid mhéadracha chuí a úsáid chuige
 - faid raoin leathain rudaí agus áiteanna éagsúla, laistigh agus lasmuigh, a mheas agus a thomhas: leabhair, binsí, dorchlaí, cosáin, bealaí isteach, taobhlínte páirceanna imeartha*
 - cá fhad an féidir leat liathróid a chaitheamh? a léim? nó a rith i 20 soicind?*
 - aonaid chuí tomhais a úsáid*
 - mm (rudaí gearra) cm (rudaí atá níos faide)*
 - m (achair ghearra) km (achair fhada)*
- imlínte cruthanna rialta agus neamhrialta a mheas agus a thomhas.

Comhtháthú

Corpoideachas: Lúthchleasaíocht; Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta

Ábhar do rang 6

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- uirlisí cuí tomhais a roghnú agus a úsáid
- aonaid fhaid a athainmniú
 - tomhais in aonaid mhéadracha chuí a athainmniú mar chodáin agus mar dheachúlacha d'aonaid mhéadracha chuí*
 - $233 \text{ m} = \frac{233}{1000} \text{ km} = 0.233 \text{ km}$
 - $1 \text{ m } 11 \text{ cm} = 1 \frac{11}{100} \text{ m} = 1.11 \text{ m}$
- imlínte cruthanna rialta agus neamhrialta a mheas agus a thomhas
- scálaí a úsáid ar léarscáileanna agus ar phleananna agus iad a léirmhíniú
 - an scála ar léarscáil nó ar phlean ar leith a aithint agus rudaí a tharraingt de réir scála níos mó nó níos lú ná sin.*

Comhtháthú

Tíreolaíocht: Timpeallacht nádúrtha

Corpoideachas: Lúthchleasaíocht; Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- a fhionnachtan gur ionann achar dronuilleoige agus a fad iolraithe faoina leithead
é seo a chinneadh le trialacha leantacha ag úsáid dronuilleog ar tomhaiseadh a sleasa i sláncheintiméadair agus a n-achair in aonaid chearnacha d'aon cheintiméadar cearnach
- achar cruthanna 2-T, idir chruthanna rialta is chruthanna neamhrialta, a mheas agus a thomhas
raon leathan de chruthanna rialta is neamhrialta a thomhas agus aonaid chearnacha de cheintiméadar cearnach amháin agus de mhéadar cearnach amháin a úsáid chuige
- achar a ríomh i gceintiméadair chearnacha agus i méadair chearnacha
*aonaid chuí thomhais a roghnú:
ceintiméadair chearnacha (nithe beaga)
méadair chearnacha (nithe móra nó seomraí)*
- méadair chearnacha agus ceintiméadair chearnacha a chur i gcomparáid trí fhéachaint orthu.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- a fhionnachtan nach sainníonn fad imlíne dronuilleoige a hachar
dronuilleoga a thógáil a bhfuil fad a n-implínte mar an gcéanna ach a bhfuil achair éagsúla acu
- achar cruthanna 2-T, idir chruthanna rialta is chruthanna neamhrialta, a mheas agus a thomhas
achar cruthanna a mheas agus a ríomh agus na freagraí a dhearbhú trí thomhas le haonaid de cheintiméadar cearnach
- dromchla cruthanna 3-T a thomhas
na dromchlaí 3-T a thomhas trí na haghaidheanna 2-T a thomhas ceann ar cheann nó trí na cruthanna a leathnú amach ina líontáin
- achar a ríomh in áir agus i heicteáir
páirceanna, faichí móra súgartha, carrchlósanna
- an gaol idir méadair chearnacha agus ceintiméadair chearnacha a aithint
achair d'aon, ceithre, fiche a cúig agus aon chéad ceintiméadar cearnach a iniúchadh agus a chur i gcomparáid chun coibhneasa a léiriú
- achar seomra a ríomh ó phlean de réir scála
*achar cruthanna dronuilleogacha a thomhas agus a ríomh trí fhoroinnt i ndronuilleoga agus trí réimsí aonair a chur le chéile
forleathnú a dhéanamh chun achar pleananna seomraí (dronuilleogacha) a aimsiú
forleathnú a dhéanamh agus achar seomraí a aimsiú ó phleananna trí scála a úsáid.*

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Ábhar do rang 5

Snáithaonad Meáchan

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- uirlisí cuí tomhais a roghnú agus a úsáid
uirlisí oiriúnacha tomhais le haghaidh na dtascanna áirithe a roghnú, m.sh. meá, meá cistine, meá seomra folctha, agus spriongmheá
- meáchan a mheas agus a thomhas agus aonaid mhéadracha chuí a úsáid chuige
raon leathan de rudaí a mheas agus a thomhas aonaid chuí tomhais a úsáid
graim (pinn luaidhe agus cóipleabhair)
cileagraim (málaí scoile agus daoine).

Ábhar do rang 6

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- uirlisí oiriúnacha tomhais a roghnú agus a úsáid
- tomhais mheáchain a athainmniú
tomhais in aonaid mhéadracha chuí a athainmniú na torthaí a chur in iúl mar chodáin nó mar dheachúlacha d'aonaid mhéadracha chuí
 $750 \text{ g} = \frac{3}{4} \text{ kg} = 0.75 \text{ kg}$
 $4 \text{ kg } 45 \text{ g} = 4 \frac{45}{1000} \text{ kg} = 4.045 \text{ kg}.$

Snáithaonad Toilleadh

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- uirlisí cuí tomhais a roghnú agus a úsáid
uirlisí tomhais a bheadh oiriúnach do na tascanna áirithe a roghnú
crúiscíní céimnithe, soithí lítir nó cuid de lítair

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- uirlisí cuí tomhais a roghnú agus a úsáid

- toilleadh a mheas agus a thomhas agus aonaid mhéadracha chuí a úsáid chuige

raon leathan de nithe a mheas agus a thomhas aonaid tomhais chuí a úsáid millilítir (cupáin), lítir (canna spréite).

- tomhais toillidh a athainmniú

tomhais in aonaid mhéadracha chuí a athainmniú na torthaí a chur in iúl mar chodáin nó mar dheachúlacha d'aonaid mhéadracha chuí

$$625 \text{ ml} = \frac{5}{8} \text{ l} = 0.625 \text{ l}$$

$$8 \text{ l } 253 \text{ ml} = 8 \frac{253}{1000} \text{ l} = 8.253 \text{ l}$$

- toilleadh ciúbóidigh a aimsiú trí thriail

soitheach ciúbóideach a líonadh le huisce agus an toilleadh a thomhas i lítir

soitheach ciúbóideach a líonadh le haonaid chiúbacha agus iad a chomhaireamh.

Snáithaonad Am

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- amchláir agus an clog 24 uair an chloig (digiteach agus analacháide) a léamh agus a léirmhíniú
- amanna i bhfoirm 12 uair an chloig agus 24 uair an chloig a léirmhíniú agus athrú eatarthu

10:30 i.n. = 22:30 uaire

07:50 uaire = 7:50 r.n.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- creasa ama idirnáisiúnta a iniúchadh
- an gaol idir am, fad agus meánluas a iniúchadh

an gá le creasa ama a aithint agus a phlé

difríochtaí ama idir Éirinn agus tíortha eile a ríomh

an t-am a chaitear chun turasanna gairide a chríochnú nó chun achair ghearra a thaisteal a thomhas le stopuaireadóir agus bunachar eolais a chur le chéile d'fhonn meáin a scrúdú.

Nascadh

Sonraí: Sonraí a léiriú agus a léirmhíniú

Comhtháthú

Corpoideachas: Lúthchleasaíocht

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Ábhar do rang 5

Ábhar do rang 6

Snáithaonad Airgead (le húsáid go dtí go dtagann an euro i bhfeidhm)

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- ‘luachanna ar airgead’ a chur i gcomparáid trí mhodh an aoin a úsáid
costais sé úll ar 75p agus ceithre úll ar 50p a chur i gcomparáid le chéile
tuarastal a ríomh bunaithe ar ráta uaire nó lae
iomláin ar bhíllí siopa a ríomh.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- ‘luach ar airgead’ a iniúchadh
reic-phraghsanna a ríomh, m.sh. lacáiste 10%, cáin bhreisluacha 20% curtha leis
- airgeadraí iasachta a athrú i bpoint Éireannacha agus a mhalairt de dhóigh
rátaí malairte sna nuachtáin a aithint agus a phlé
luachanna malairte sna príomhairgeadraí a ríomh le haghaidh suimeanna d’airgead Éireannach
suimeanna d’airgid iasachta a iompú i luacha d’airgead Éireannach.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- ‘luachanna ar airgead’ a chur i gcomparáid trí mhodh an aoine a úsáid

costais sé úll ar 75 cent agus ceithre úll ar 50 cent a chur i gcomparáid le chéile

tuarastal a ríomh bunaithe ar ráta uaire nó lae iomláin ar bhíllí siopa a ríomh.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- ‘luachanna ar airgead’ a chur i gcomparáid

reic-phraghsanna a ríomh, m.sh. lacáiste 10%, cáin bhreisluacha 20% curtha leis

- airgeadraí iasachta a athrú go euro agus a mhalairt de dhóigh

rátaí malairte sna nuachtáin a aithint agus a phlé luachanna malairte sna príomhairgeadraí a ríomh le haghaidh suimeanna d’airgead euro suimeanna d’airgid iasachta a iompú go euro.

Nascadh

Uimhreas: Oibríochtaí; Deachúlacha agus céatadáin

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Snáithe: Sonraí

Ábhar do rang 5

Snáithaonad Sonraí a léiriú agus a léirmhíniú

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- sonraí a bhailiú, a eagrú agus a léiriú agus picteagram, barrachairteacha singile agus iolracha agus píchairteacha simplí a úsáid chuige
sonraí a bhailiú sa timpeallacht i bhfoirm tháblach agus iad a léiriú i gcruth cuí
dóigheanna léirithe a phlé agus a iniúchadh
- picteagram, barrachairteacha singile agus iolracha agus píchairteacha a léamh agus a léirmhíniú
samplaí ón rang a scrúdú agus a phlé chomh maith le cairteacha as nuachtáin agus as irisí, mar aon le cairteacha a ghintear ar an ríomhaire a léirmhíniú

Nascadh

Cruth agus spás: Uillinneacha

Uimhreas: Codáin

Comhtháthú

Tíreolaíocht: Timpeallacht dhaonna

- tacair shimplí de shonraí a chnuasach agus a úsáid
liostaí staidrimh a chnuasach as eispéiris na bpáistí
m.sh. sonraí pearsanta (airde, aois, dath gruaige),
torthaí spóirt (buanna, cailliúintí, comhscóir)
sonraí a úsáid mar fhoinse chun fadhbanna a léiriú,
a léirmhíniú agus a cheapadh

Ábhar do rang 6

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- sonraí a bhailiú, a eagrú agus a léiriú agus píchairteacha agus treoghraif a úsáid chuige
reiceanna nó fliuchras míosa
- treoghraif agus píchairteacha a léamh agus a léirmhíniú
airde nó meáchan i gcóimheas le haois

Nascadh

Cruth agus spás: Uillinneacha

Uimhreas: Codáin

Comhtháthú

Tíreolaíocht: Timpeallacht dhaonna

- tacair shimplí de shonraí a chnuasach agus a úsáid
liostaí staidrimh a chnuasach as eispéiris na bpáistí,
m.sh. sonraí pearsanta (airde, aois, dath gruaige)
torthaí spóirt (buanna, cailliúintí, comhscóir)
sonraí a úsáid mar fhoinse chun fadhbanna a léiriú,
a léirmhíniú agus a cheapadh

- meáin tacar simplí de shonraí a iniúchadh agus a ríomh

*an mhír is minice atá le fáil i dtacar de shonraí a aithint
an meán a ríomh trí na luacha uile a shuimiú agus a roinnt ar líon na míreanna (áireamhán a úsáid)*

- tacair shonraí a úsáid i réiteach fadhbanna

fadhbanna bunaithe ar thacair shonraí agus ar léiriúcháin atá in úsáid sa rang a réiteach

cé acu borróga ba mhó a raibh éileamh orthu ag saor-reic cácaí?

- meáin tacar simplí de shonraí a iniúchadh agus a ríomh

*an mhír is minice atá le fáil i dtacar de shonraí a aithint
na meáin a ríomhtar a chur i gcomparáid leis an mír is minice atá le fáil*

- tacair shonraí a úsáid i réiteach fadhbanna.

Snáithaonad Seans

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- na torthaí go léir ab fhéidir a bheith ar phróisis shimplí fhánacha a aithint agus a liostú

na torthaí go léir ab fhéidir a bheith ar na próisis seo a leanas a phlé agus a liostú:

dísle a rolladh (1, 2, 3, 4, 5, 6)

dhá bhonn a chaitheamh in airde (dhá cheann, dhá eireaball, ceann agus eireaball)

ciúb a bhaint as mála ina bhfuil ciúbanna gorma, dearga agus uaine (ciúb gorm, ciúb dearg, ciúb uaine).

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- na torthaí go léir ab fhéidir a bheith ar phróisis shimplí fhánacha a aithint agus a liostú

na torthaí go léir ab fhéidir a bheith ar na próisis seo a leanas a phlé agus a liostú:

dhá dhísle a rolladh agus an t-iomlán a ríomh (2, 3, 4 ... 12)

dhá uimhir a roghnú go fánach as na huimhreacha 1, 2, 3, 4, 5 (deich bhféidearthacht).

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Ábhar do rang 5

- an chosúlacht go dtarlóidh imeachtaí ar leith a mheas

dá gcaithfimis bonn in airde céad uair cé mhéad ceann a mbeimis ag súil leo? Tá 50 seans as 100, nó 1 seans as 2, nó seans de 50% ag an gceann a bheith in uachtar; tá an seans céanna ag cinn agus ag eireabail dá rollfaimis díisle, cá mhinice a mbeimis ag súil le 2? (1 seans as 6). Tá gach ceann de na sé thoradh chomh dóchúil lena chéile; cothroime i gcluichí boird a phlé

- cairteacha agus táblaí minicíochta a thógáil agus a úsáid chun seans a mheas

an triail (bonn a chaitheamh, díisle a rolladh, ciúb a bhaint as mála le trí chiúb ghorma agus sé chiúb uaine ann) a dhéanamh go minic (50–100 uaire)

is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh i ngrúpaí agus gach páiste nó grúpa ag caitheamh na díisle (nó an bhoinn) in airde fiche uair agus na torthaí á gcur le chéile

na torthaí a chlárú agus a úsáid chun tábla minicíochta a chur le chéile; mar shampla dá dtógfaí ciúb as mála mar a rinneadh thuas bheadh an dealramh seo ar an tábla, b'fhéidir:

Ábhar do rang 6

- an chosúlacht go dtarlóidh imeachtaí ar leith a mheas agus a chur in ord ar scála ó 0 go 100%, 0 go 1

nuair a chaitear bonn in airde tá seans de 1 as 2 nó $\frac{1}{2}$ nó 50% ag an gceann a bheith in uachtar; mar an gcéanna don eireaball

Agus díisle á rolladh, bíonn seans de 1 as 6 ag gach toradh tarlú—mar sin tá an seans cothrom le $\frac{1}{6}$

Nuair a thógtar ciúb as mála ina bhfuil trí chiúb dhearga agus sé chiúb ghorma tá sé sheans as naoi ann gur ciúb gorm a phiocfar, is é sin seans de $\frac{6}{9}$ nó $\frac{2}{3}$; is é sheans go bpiocfar ciúb dearg ná $\frac{3}{9}$ nó $\frac{1}{3}$

Conas a bheadh le cúig chiúb dhearga, cúig chiúb ghorma agus cúig chiúb uaine sa mhála? nó trí chiúb dhearga, sé chiúb ghorma, agus sé chiúb uaine?

- cairteacha agus táblaí minicíochta a thógáil agus a úsáid chun seans a mheas

an triail (dhá bhonn a chaitheamh; ciúb a bhaint as mála ina bhfuil líon de chiúbanna le dathana difriúla) a dhéanamh go minic; is féidir líon níos mó trialacha a aimsiú trí oibriú i ngrúpaí

na torthaí a chlárú agus a úsáid chun tábla minicíochta a chur le chéile; mar shampla, dá gcaithfí dhá bhonn in airde bheadh an dealramh seo ar an tábla, b'fhéidir:

<u>dath</u>	<u>líon uaireanta a piocadh</u>
<i>gorm</i>	36
<i>uaine</i>	64

áirimid go bhfuil seans de 36 as 100 ann go roghnófaí ciúb gorm agus 64 as 100 go roghnófaí ciúb uaine na torthaí a phlé: an é sin a cheapamar roimh ré? ba chabhair é dhá bhonn le dathanna difriúla a úsáid d'fhéadfaí tacair de shonraí cnuasaithe as eispéiris na bpáistí a úsáid (sonraí pearsanta, aimsir, nó spóirt); mar shampla, d'fhéadfadh an tábla seo thíos teacht as suirbhé ar an arbhar ba rogha leis na páistí:

<u>arbhar</u>	<u>líon daltaí gur fearr leo é</u>
<i>calóga arbhair</i>	19
<i>leite</i>	4
<i>brioscáin</i>	9
<i>muesli</i>	3

meastar seans de 19 as 35 a bheith ann gur fearr le páiste, a phioctar amach go fánach, calóga arbhair.

Comhtháthú

Ceol: Tobchumadh agus cruthú

<u>toradh</u>	<u>minicíocht</u>
<i>2 cheann</i>	20
<i>2 eireaball</i>	28
<i>1 cheann/1 eireaball</i>	52

áirimid seans de 20/100 a bheith ann go roghnófaí dhá cheann, 28/100 go roghnófaí dhá eireaball, agus 52/100 go roghnófaí ceann agus eireaball: na torthaí a phlé; an é sin a cheapamar roimh ré? tábla de thinreamh scoile don rang a scrúdú cad é an seans lántinreamh a bheith ann lá áirithe? cad é an seans neamhláithreach de bhreis ar 20% den rang a bheith ann ar aon lá faoi leith? tugtar mála do na páistí agus deirtear leo go bhfuil deich gciúb ann de trí dhath dhifriúla; píoctar ciúb amach go leantach, 50 uaire b'fhéidir, agus cuirtear tábla minicíochta le chéile; iarrtar ar na páistí a mheas cá mhéad ciúb de gach dath atá sa mhála.

Comhtháthú

Ceol: Tobchumadh agus cruthú

Baineann na moltaí sna heiseamláirí faoi láimhsiú an ábhair leis an dá rang.

Measúnú

Measúnú

Measúnú: cuid dhílis de theagasc agus d'fhoghlaim

Is próiseas leantach dinimiciúil agus próiseas a bhíonn neamhfhoirmiúil go minic é measúnú. Is contanam é a shíneann ó bhreathnóireacht sa seomra ranga go trialacha caighdeánaithe. Ar aon tábhacht leo sin tá ceistiúchán agus agallaimh, obair bhaile, agus na trialacha struchtúrtha a fhorbraíonn an múinteoir. Cuireann measúnú eolas ar fáil ar féidir é a úsáid agus cinneadh á dhéanamh ag an múinteoir faoin dóigh is fearr chun freastal go réalaíoch ar riachtanais an pháiste. Ní foláir an measúnú a bheith ina chuid dhílis den phróiseas oideachais agus níor chóir é a bheith ina chuspóir ann féin. Ní mór cothromaíocht chuí a aimsiú idir an méid ama a chaitear ar mheasúnú agus an t-am a chaitear ar theagasc agus ar fhoghlaim.

Spreagann an cur chuige tógalach sa mhatamaitic cleachtadh modhanna foghlama bunaithe ar fhionnachtain faoi threoir agus ar chomhrá. Ba chóir an teagasc agus bailiú agus anailísiú eolais trí mheasúnú a bheith comhchéimneach agus go mbeadh aiseolas an mheasúnaithe ag dul i bhfeidhm ar an bpróiseas teagaisc agus foghlama. Ba chóir gur eispéreas dearfa don pháiste é an measúnú a chuirfeadh le héifeacht na foghlama. Soláthraíonn tascanna múinteoir-bheartaithe agus trialacha a bhíonn nasctha leis an teagasc féin neart eolais. Tá ról an mhúinteora fíorthábhachtach chun cúidiú leis an bpáiste a c(h)uid foghlama féin a fhorbairt.

Rólanna an mheasúnaithe: fáthanna le measúnú

Is cabhair ar leith é measúnú sa mhatamaitic i ngeall ar nádúr an-struchtúrtha an ábhair. Tá tábhacht leis freisin in aithint na sagsanna deacrachtaí a bhíonn ag páistí i bhforbairt coincheap agus scileanna matamaiticiúla.

Bíonn *ról múnlaithreach* ag measúnú. Cuireann sé le héifeacht na foghlama trí aiseolas cruinn a chur ar fáil don pháiste agus don mhúinteoir araon. Tugann sé faisnéis don mhúinteoir faoi chumais agus faoi laigí an pháiste agus faoina (h)ullmhacht chun tosú le topaic nua. Cuidíonn measúnú leis an múinteoir i bpleanáil agus i ngrádú na gceachtanna agus na ngníomhaíochtaí matamaitice. Braitheann sealbhú coincheap nua matamaiticiúil ar thuiscint cheart a bheith ag an bpáiste ar gach gné de na réamhchoincheapa; mar shampla, ní féidir le páiste dul chun cinn a dhéanamh i réimse na ndeachúlacha má bhíonn a t(h)uiscint ar

ionadluach neamhiomlán. Bíonn *ról meastóireachta* ag measúnú sa phleanáil freisin. Spreagann torthaí measúnaithe an múinteoir chun oiriúnacht ábhar an churaclaim dá rang nó dá ghrúpa féin a scrúdú mar aon le hoiriúnacht na modhanna teagaisc agus an chur chuige a chleachtar a scrúdú.

Cuidíonn *measúnú diagnóiseach* leis an múinteoir páistí le deacrachtaí in achair ar leith sa mhatamaitic a aithint. Cuidíonn sé leis an múinteoir páistí le riachtanais speisialta a aithint, páistí atá tréitheach go matamaiticiúil, nó páistí a bhfuil deacrachtaí foghlama sa mhatamaitic acu, mar shampla, agus dá thoradh sin is féidir freastal níos oiriúnaí a dhéanamh ar riachtanais na bpáistí sin.

Sa *mheasúnú suimitheach* déantar clárú córasach ar fhorbairt mhatamaiticiúil an pháiste ag deireadh achair áirithe ama—seachtain, téarma, nó bliain, mar shampla. Bíonn an t-eolas seo riachtanach chun tuairiscí a thabhairt do thuismitheoirí agus chun eolas a sholáthar do mhúinteoirí eile.

Measúnú i gcuraclam na matamaitice: cad ba cheart a mheasúnú?

Ba chóir béim an mheasúnaithe a leagan ar a fháil amach cad atá ar eolas ag páistí, cad is féidir leo a dhéanamh, agus conas a dhéanann siad é, seachas díriú ar rudaí nach féidir leo a dhéanamh. Ba chóir go mbreathnófaí ar an bpáiste ina (h)iomláine sa mheasúnú agus go ndéanfaí a p(h)róisis foghlama agus torthaí na foghlama sin araon a mheá. Ar na hachair chognaíocha agus mhothúchána nach mór a mheasúnú chun an t-eolas seo a chur ar fáil áirítear

- *eolas agus tuiscint choincheapúil*, achar a ndéantar measúnú air i gcur i bhfeidhm coincheapa matamaiticiúla, mar shampla neamhathraitheacht faid. Ní foláir é seo a dhéanamh i gcomhthéacsanna éagsúla agus breathnú ar an dóigh a gcomhallann an páiste tasc nó a gcuireann sé/sí coincheap i bhfeidhm i ngnáthshuíomh saoil
- *cumas i réiteach fadhbanna*, ar féidir é a mheasúnú trí mheastóireacht a dhéanamh ar an gcur chuige, ar na straitéisí agus na próisis a úsáideann an páiste chun déileáil le tascanna matamaiticiúla, agus ar na nascanna a dhéanann sé/sí laistigh den mhatamaitic féin agus laistigh d'ábhair léinn eile

- *oilteacht i ríomhaireacht*, réimse nach mór úsáid uimhris, cur i bhfeidhm cuí na gceithre oibríocht uimhris agus cumas uimhreacha a ríomh go héifeachtach ó bhéal agus i scríbhinn a chur san áireamh nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh air
- *scileanna athmheabhraithe*, a ndéantar measúnú orthu le linn na fíorais uimhris, téarmaíocht, sainmhínithe agus foirmlí a bheith á dtabhairt chun cuimhne, agus ina n-úsáid sin go héifeachtach i suíomh ceapáirithe. Is scileanna fíorthábhachtacha iad seo i réimse an mheastacháin
- máistreacht ar *achair shainiúla ábhair* (uimhreas, ailgéabar, tomhais, cruth agus spás, agus sonraí, mar shampla)—achair a ndéantar measúnú orthu agus iad á gcur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna praiticiúla laethúla
- *cumas cumarsáide faoi idéanna agus phróisis mhatamaiticiúla, agus cumas iad a chur in iúl*, mar aon le cumas teanga na matamaitice a úsáid go cruinn ó bhéal agus i scríbhinn—cumais ar féidir iad a mheasúnú trí bhreathnóireacht nuair a bhíonn na páistí gafa le tasc matamaiticiúil. Is féidir, trí dhíospóireacht, bearnaí ina gcuid eolais agus ina scileanna a nochtadh. Is féidir, freisin, tuiscint neamhiomlán ar théarmaíocht mhatamaiticiúil nó ar phróisis a aithint. Nuair a bhíonn páistí i mbun cláraithe ní miste dóibh iad féin a chur in iúl i bpictiúir, ó bhéal, nó i bhfoirm scríofa le focail nó le siombailí (nó an dá cheann).
- *dearcadh an pháiste i leith na matamaitice agus a f(h)éinmhuinín*, a spéis, a t(h)oilteanas dul sa seans agus a t(h)uiscint ar thairbhe na matamaitice san áireamh; déantar iad seo a mheasúnú trí dhíograis an pháiste a thabhairt faoi deara agus é/í ag dul i mbun tasc. Is gnéithe de dhearcadh iad chomh maith an tsuim a léiríonn páiste i gcríochnú tascanna agus in úsáid fhéinmhuiníneach na matamaitice i réimsí eile an churaclaim agus sa ghnáthshaol. Is breathnóireacht leantach neamhfhoirmiúil a dhéanann an múinteoir ar an dearcadh a léiríonn an páiste, agus cuireann sí seo go mór le pictiúr dá f(h)orbairt mhatamaiticiúil sin a iomlánú.

Uirlisí measúnaithe: conas measúnú a dhéanamh

Cé go bhfuil oilteacht sa ríomhaireacht riachtanach, ba chóir go gcuimseodh measúnú tuiscint an pháiste ar choincheapa is scileanna matamaiticiúla agus a c(h)umas an tuiscint sin a chur i bhfocail. Is cúram d'uirlisí measúnaithe é freisin an úsáid a bhaineann an páiste as teanga agus siombailí matamaiticiúla a iniúchadh.

Tá raon leathan d'uirlisí measúnaithe ar fáil le haghaidh na matamaitice, agus moltar go mbainfeadh múinteoirí úsáid as raon díobh—as bailiúcháin ina mbeadh samplaí d'obair na bpáistí, as taifid bhreathnóireachta, as seicliostaí máistreachta, as trialacha múinteoir-bheartaithe, agus as trialacha caighdeánaithe, mar shampla.

Breathnóireacht an mhúinteora

Déanann múinteoirí measúnú ar pháistí gach lá agus iad ag breathnú orthu i mbun oibre, le linn obair bhaile nó obair ranga a bheith á ceartú, agus nuair a bhunaíonn siad díospóireacht leo. Déantar an-chuid den bhreathnóireacht seo go neamhfhoirmiúil, ach tugann sí leid don mhúinteoir, i rith an teagaisc, faoin gcaoi a mbíonn an topaic áirithe ag dul i bhfeidhm ar an bpáiste.

Cuimsíonn measúnú leantach den saghas seo breathnú ar ghníomhaíocht, ar obair scríofa, ar dhíospóireacht agus ar cheistiúchán an pháiste i rith obair ranga nó obair ghrúpa. B'fhiú leabhar nótaí a bheith in aice láimhe ag an múinteoir chun aon chumais nó deacrachtaí a léireadh páiste áirithe le linn gníomhaíochta a bhreacadh síos, mar shampla páiste a roghnaíonn uirlis mhí-oiriúnach tomhais go minic nó páiste a thugann faoi thascanna suimithe i gcónaí trí na deiceanna a shuimiú ar dtús. Cuidíonn na nótaí gairide breathnóireachta seo leis na múinteoirí chun an chéad chéim eile de cheacht a phleanáil nó chun ullmhacht an pháiste do thopaic nua a mheas agus chun próifíl an pháiste a chur le chéile.

Bíonn díospóireacht le páiste faoina c(h)uid oibre an-tairbheach, go mór mór nuair a iarrtar air/uirthi cur síos ar an gcaoi ar thug sé/sí tasc chun críche, ina (h)aonar nó mar bhall de ghrúpa. Go minic nochtfaidh na freagraí bearnaí in eolas agus i scileanna, agus is féidir gníomhú dá réir ansin.

Is measúnú trí bhreathnóireacht é anailís a dhéanamh ar obair scríofa an pháiste chun saghsanna agus patrúin a c(h)uid earráidí a aithint. Is bealach úsáideach é freisin chun a fháil amach conas atá ag éirí leis/léi i gcomparáid leis na páistí eile.

Tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir

Ach iad a úsáid ar bhonn rialta, soláthraíonn tascanna agus trialacha múinteoir-bheartaithe eolas a bhíonn cabhrach sa phleanáil do pháistí a bhíonn difriúil ó thaobh cumais agus chun an clár agus na modhanna teagaisc a chur in oiriúint do riachtanais na bpáistí sin. Cuireann siad ar chumas múinteoirí, freisin, leibhéal dul chun cinn an uile pháiste a dhéanamh amach agus eolas a sholáthar le haghaidh athbhreithnithe agus le haghaidh mionathruithe ar an gclár matamaitice. Bíonn dlúthbhaint acu leis na cuspóirí teagaisc don rang ar leith, agus is féidir iad a úsáid chun sonraí múnlaiteacha, diagnóiseacha agus suimitheacha ar dhul chun cinn páistí a chur ar fáil. Nuair a chuireann an múinteoir na tascanna agus na trialacha a bheartaíonn sé/sí i láthair i bhfoirmeacha éagsúla, is féidir go gcuideodh sé sin chun an páiste a chur ar a s(h)uaimhneas le measúnú. Cabhraíonn raon leathan foirmeacha sa chur i láthair le páistí a bhfuil stíleanna difriúla foghlama acu.

Seo thíos roinnt samplaí den éagsúlacht is féidir a bheith sa chur i láthair:

- trialacha ó bhéal ar scileanna meabhracha (táblaí, leanúint le patrúin uimhris)
- trialacha scríofa ar oilteacht in uimhreas
- cleachtaí i réiteach fadhbanna ina n-úsáidtear raon de scileanna matamaiticiúla
- tionscadail inar gá sonraí a chnuasach, mionsamhail a thógáil, nó léaráid a tharraingt.

Agus torthaí na dtrialacha agus na dtascanna seo á scrúdú agus á gclárú ag an múinteoir, is féidir na próisis a d'úsáid an páiste i gcomhall an taisc a thabhairt faoi deara, mar shampla bileog ar leith a úsáid le haghaidh sracmheastacháin, nó an uirlis chuí a roghnú don tasc (rialóir fada, uillinntomhas nó uimhirlíne).

Bailiúcháin d'obair agus de thionscadail

Is bailiúcháin eagraithe d'obair na bpáistí iad seo, a choimeádtar i bhfillteán nó i gcomhad, agus soláthraíonn siad cuntas inbhraite ar fhorbairt an pháiste thar thréimhse théarma nó bhliana. Soláthraíonn siad bunús le haghaidh díospóireachta le páiste is le tuismitheoir araon, agus is féidir iad a chur ar fáil don chéad mhúinteoir eile. Samplaí de bhailiúcháin mar uirlisí measúnaithe iad seo a leanas: bailiúcháin bunaithe ar rogha ionadaíoch de shaothar scríofa an pháiste chun dul chun cinn a léiriú; comhaid ina gcoimeádtar an saothar scríofa go léir a bhaineann le réimse áirithe curaclaim. Ceist thábhachtach í soláimhsitheacht an bhailiúcháin agus ní foláir machnamh a chaitheamh le méid agus le fiúntas an ábhair a choimeádtar. Is féidir an páiste a bheith páirteach i gcnuasach an ábhair féin trí ligean dó/di samplaí oibre a roghnú anois is arís.

Próifílí curaclaim

Cuireann próifílí curaclaim ar chumas an mhúinteora forbhreithiúnas a dhéanamh faoi dhul chun cinn an pháiste aonair. Éascaíonn siad léirmhíniú raon leathan de thorthaí foghlama. Leagann sé seo dualgas ar an múinteoir breathnú ar chumas an pháiste ábhair agus bealaí oibre a roghnú le haghaidh tascanna matamaiticiúla ar leith agus straitéisí oiriúnacha a roghnú agus a úsáid chun tasc a chomhall nó an réiteach ar fhadhb shimplí a aithint. Déanann an múinteoir cinneadh ansin cé acu an bhfuil na scileanna seo forbartha ag an bpáiste áirithe nó an bhfuil sé/sí fós á bhforbairt.

Tástáil dhiagnóiseach

Nochtann trialacha diagnóiseacha deacrachtaí foghlama i ngnéithe áirithe matamaitice, agus is féidir na torthaí a úsáid ansin i réiteach na faidhbe. Go minic soláthraíonn na trialacha diagnóiseacha a bhíonn ar an margadh scéimeanna oibre dírithe go sonrath ar scil nó scileanna ar ghá don pháiste dul chun cinn a dhéanamh iontu. Go minic is é/í an múinteoir feabhais a thugann faoin saghas seo measúnaithe; ach is féidir leas diagnóiseach a bhaint as obair an pháiste a anailísiú, agus is féidir leis an múinteoir féin na trialacha a chumadh chuige sin. Is féidir earráidí dianseasmhacha in obair páiste a anailísiú chun réimsí deacrachta a aithint. Ach trialacha scagtha a úsáid ag leibhéal na naíonán, is féidir páistí a bhfuil fadhbanna acu sa mhatamaitic a aithint go luath, agus is féidir clár cuí feabhais a chur ar fáil ag an bpointe sin. Tugann anailísiú den saghas seo eolas faoi bhuanna páiste chomh maith, agus is féidir leis an múinteoir na torthaí a úsáid chun obair níos dúshlánaí a chur ar fáil.

Tástáil chaighdeánaithe

Cuimsíonn trialacha caighdeánaithe idir thrialacha normthagartha agus thrialacha critéarthagartha. Cuireann *trialacha normthagartha* na páistí i gcomparáid le páistí eile nó le caighdeáin náisiúnta. Is é atá iontu ná tascanna an-struchtúrtha agus sraith de rialacha leo le hiad a scóráil. Tagraíonn caighdeánú do chomhionannas sna nósanna imeachta a leantar i gcur i bhfeidhm trialach. Déanann na páistí go léir an triail chéanna faoi réir na dteorainneacha ama céanna agus na dtreoracha céanna. Ní foláir na rialacha seo a chomhlíonadh go beacht d'fhonn scór caighdeánach a chur ar fáil agus d'fhonn bailíocht an scóir a choinneáil. Nuair a chuirtear an triail chéanna ar na páistí go léir faoi réir na gcoinníollacha céanna is féidir na torthaí a mheas go neamhspleách ar fhachtóirí seachtracha.

Cuireann *trialacha critéarthagartha* eolas ar fáil ar chumas feidhmithe an pháiste, ach tá siad neamhchosúil le trialacha normthagartha sa mhéid nach ndéantar seo i gcóimheas le cumas feidhmithe daoine eile. Cuireann siad ar chumas an mhúinteora an méid den ábhar ceapáirithe atá foghlamtha ag an bpáiste aonair a mheas, agus bíonn siad bunaithe ar ghrúpaí de chuspóirí teagaisc nó ar ábhair chúrsa.

Saghas amháin trialach critéarthagartha is ea *taifid mháistreachta* nó *seicliostaí*, agus úsáidtear iad chun máistreachta i ngnéithe áirithe den churaclam a mheas ar bhealach struchtúrtha. Is féidir an saghas seo measúnaithe a bhunú ar thrialacha deartha ag an múinteoir, nó bíonn siad ar fáil mar chuid de théacsleabhar nó scéim mhatamaitice. Ní hionann agus trialacha atá níos foirmiúla, ní riartar na trialacha seo ar bhealach beacht caighdeánaithe, agus ní féidir scóir na bpáistí a léirmhíniú i gcomparáid le noirm aoise nó ranga. Mar sin féin, tá siad an-úsáideach chun eolas diagnóiseach a sholáthar ar dhul chun cinn an pháiste.

Ba chóir trialacha caighdeánaithe a úsáid go cáiriseach. Is féidir leo a bheith diagnóiseach má dhéantar anailísiú ar earráidí agus má bhaintear úsáid astu chun buanna páistí a aithint mar aon lena n-ullmhacht le haghaidh foghlama breise.

Cur chuige stuama i leith measúnaithe

Trialacha a mheas

Ní foláir trialacha a mheas maidir lena gcuspóirí agus lena n-oiriúnacht do na páistí a bhíonn á dtástáil acu. Bíonn cuspóirí agus cur i bhfeidhm difriúil ag trialacha deartha ag an múinteoir, trialacha ceannaithe, agus cleachtaí seiceála i dtéacsleabhair mhatamaitice. Ní foláir machnamh a dhéanamh ar na saghsanna éagsúla trialacha a chuirtear ar pháistí, mar shampla triail dheachtaithe a lorgaíonn freagraí gairide scríofa, trialacha inar gá don pháiste a léiriú conas a tháinig sé/sí ar an bhfreagra, agus trialacha ilroghnacha. Ní foláir freisin machnamh ar an teanga sa triail, toisc gur féidir léi cur isteach ar ghníomhú páiste a mbíonn deacracht léitheoireachta aige/aici.

Soláimhsitheacht trialacha

Ní mór go mbainfeadh soláimhsitheacht le cur i bhfeidhm trialacha. Tá trialacha a chuirtear ar an rang iomlán úsáideach le haghaidh scagtha, ach de ghnáth ní bhíonn siad diagnóiseach. Áit a nochtar réimse agus laige ann, ní foláir triail níos mine a chur ar ghrúpa níos lú nó ar pháiste aonair. Caithfidh trialacha a bheith éasca a chur i bhfeidhm, mar oibríonn an-chuid múinteoirí i suímh chomhpháirteacha nó le comhranganna.

Clárú agus cumarsáid

Tuairisciú ar thorthaí measúnaithe

Ní mór go mbeadh brí le baint as torthaí measúnaithe. Is féidir a chinneadh sa scoil ar leagan amach coiteann a úsáid le haghaidh tuairiscithe chun a dheimhniú go mbeidh an t-eolas a chuirfear ó rang go rang go cruinn beacht. Níor mhór, freisin, níos mó ná eolas faoi oilteacht in uimhreas a bheith sna torthaí measúnaithe a chuirtear ar fáil do thuismitheoirí. Tugann córas ar nós córas na mbailiúchán a chuimsíonn réimsí mar bhuanseasmhacht, chur i láthair na hoibre, agus chumas oibriú i ngrúpa, léargas iomlán cothrom ar chumas matamaiticiúil an pháiste. Tugann sé seo deis do thuismitheoirí aiseolas a thabhairt. Ag éirí as anailís na dtorthaí ag leibhéal na scoile nó an ranga, is féidir réimsí bua nó réimsí laige a nochtadh agus is féidir forbairt a dhéanamh orthusan.

Cártaí próifíle daltaí

Cuireann cártaí próifíle daltaí ar chumas an mhúinteora dul chun cinn na bpáistí a chlárú go córasach agus samplaí de na nótaí breathnóireachta a rinne sé/sí i rith na bliana a chuimsiú. Tugann na próifílí seo tuairisc iomlán ar dhul chun cinn an pháiste sa mhatamaitic agus cuirtear le chéile iad i gcaitheamh na bliana scoile. Bíonn eolas iontu a bailíodh trí shaghsanna éagsúla measúnaithe, mar shampla trí thrialacha caighdeánaithe, trí thascanna agus thrialacha deartha ag an múinteoir, agus trí bhreathnóireacht an mhúinteora. Úsáidtear ansin iad chun eolas cruinn a chur ar fáil do thuismitheoirí agus do dhaoine ábhartha eile. Ba chóir go mbeadh an córas cláraithe ina chomhlánú ar chleachtais teagaisc den scoth agus go bhfreagródh sé do raon na dtorthaí foghlama atá intuigthe sa churaclam. Ba chóir go bhforbródh gach scoil polasaí comhordaithe taifeadta a shaineodh na saghsanna eolais a bheadh le bailiú, minicíocht cnuasaithe sonraí, agus an leas a bhainfí astu.

Aguisín

Gluais

Is é atá sa ghluais theoranta seo ná na sainmhínte oibre a thuigtear go coitianta ar roinnt téarmaí matamaitice.

ainmneoir	an roinnteoir i gcodán
algartam	modh imeachta loighciúil, uimhriúil nó ríomhaireachta a dheimhneoidh réiteach ar fhadhb má chuirtear i bhfeidhm go cruinn í
ár	aonad achair cothrom le 100 méadar cearnacha
athróg	litir nó siombail a sheasann d'uimhir, m.sh. $y + 7 = 12$
bunuihir	uimhir a chuireann cainníocht seachas ord i dtacar in iúl
clog analacháide	clog ar a dtaispeántar uaireanta, nóiméid agus soicindí le snáthaidí ar dhiail
cóimheas	an gaol idir dhá uimhir den chineál céanna, m.sh. cóimheas 2 kg le 6 kg cothrom le 2:6
cómhalartach	oibríocht a thugann an toradh céanna gan aird ar ord na míreanna, m.sh. suimiú agus iolrú: $6 + 2 = 8$, $2 + 6 = 8$, $5 \times 7 = 35$, $7 \times 5 = 35$
comhthiomsaitheach	oibríocht mar iolrú nó suimiú nuair a aimsítear an freagra céanna gan aird ar an ord ina ngrúpálar na míreanna, m.sh. $(2 + 3) + 5 = 10$, $2 + (3 + 5) = 10$
cothromóid	abairt mhatamaiticiúil agus comhartha ionannais inti
dáileach	aimsítear an toradh céanna nuair a dhéantar iolrú ar thacar d'uimhreacha nó ar na huimhreacha aonair sa tacar, m.sh. $5 \times 4 = (3 + 2) \times 4 = (3 \times 4) + (2 \times 4)$
dealáí	an uimhir le dealú ó uimhir eile, m.sh. $10 - 4$ (is é 4 an dealáí)
fachtóir phríomha	fachtóir ar uimhir phríomha é
ga	líne dhíreach ó lárphointe ciorcail go pointe ar an imlíne; is ionann ga agus leath de thrastomhas
heicteár	aonad achair cothrom le 100 ár
imlíne	suim fhad na sleas i bhfigiúr nó i gcruth
inroinnt	uimhir nó cainníocht atá le roinnt ar uimhir nó ar chainníocht eile

líon	an toradh a fhaightear nuair a roinntear uimhir ar uimhir eile
orduimhir	uimhir a léiríonn suíomh coibhneasach i seicheamh, m.sh. an chéad, dara, tríú
roinnteoir	uimhir nó cainníocht le roinnt isteach in uimhir nó i gcainníocht eile
siméadracht líneach	bíonn siméadracht líneach ag cruth más féidir leath amháin den chruth a fhilleadh go cruinn ar an leath eile
sracfhéachaint	a insint le sracfhéachaint, gan comhaireamh, cé mhéad rud atá i dtacar
teisiliú	teisilíonn cruthanna má luíonn siad go cruinn lena chéile, má dhéanann siad patrún leantach, agus má dhéanann siad uillinn de 360° ag na pointí teagmhála
toradh	an freagra ar dhá uimhir a iolraítear faoina chéile
trastomhas	líne dhíreach a cheanglaíonn lárphointe ciorcail le dhá phointe ar an imlíne
uimhirabairt	cothromóid nó ráiteas neamhionannais, m.sh. $4 + x = 11$, $4 \times 2 < 12$, nó $2 + 5 = 7$
uimhir ilchodach	uimhir le breis is dhá fhachtóir agus nach uimhir phríomha í, m.sh. 6, 10
uimhir phríomha	slánuimhir gan ach dhá fhachtóir aici, í féin agus 1, m.sh. 2, 3, 7
uimhreoir	an uimhir os cionn na líne i gcodán

Ballraíocht an Choiste Curaclaim don Mhatamaitic

An Coiste Curaclaim don Mhatamaitic a bunaíodh ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta a d'ullmhaigh an curaclam seo.

Cathaoirligh

Pádraig S. Ó Scannláin
Fiona Poole

Cumann Múinteoirí Éireann
Cumann Múinteoirí Éireann

Baill an choiste

Olivia Bree
Clare Breslin
Br Michael Broderick
Wyn Bryan
Ena Fitzpatrick
Patrick Hurley
Ita McGrath
Liam Morrissey
Catherine Mulryan
Sr Áine Ní Dhíomsaigh
Paddy O'Brien (*ó 1993*)
Seán Ó Cearbhaill
Noel Ó Conaill
Valerie O'Dowd
Fionnbharra Ó Drisceoil
Tadhg Ó Gláimhín
Elizabeth Oldham
Sr Veronica O'Rourke (*go 1993*)
Maria Spring
Nicola Twigg
Eibhlín Uí Bhriain
Eugene Wall

Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile
Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Aontas na mBráithre/Siúracha Teagaisc Bunscoile
Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile
Cumann Múinteoirí Éireann
Cumann Múinteoirí Éireann
Cumann Múinteoirí Éireann
Cumann Múinteoirí Éireann
Uachtaráin na gColáistí Oideachais
Aontas na Siúracha/mBráithre Teagaisc Bunscoile
Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha
Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Bainisteoireacht na gColáistí Oideachais
Cumann Múinteoirí Éireann
Cumann Múinteoirí Éireann
Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann
Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha
Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha
Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann
Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse
Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile

Oifigh oideachais

Seán Close
Valerie O'Dowd
Pádraig S. Ó Scannláin (*i 1996*)
Fiona Poole
Nicola Twigg

Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta

Chun obair na gCoistí Curaclaim a chomhordú is ea a bunaíodh an Coiste Comhordaithe Bunscolaíochta ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Cathaoirleach	Tom Gilmore	
Baill an choiste	Séadhna de Blán (ó 1995)	Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann
	Liam Ó hÉigeartha (ó 1996)	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
	Dympna Glendenning (ó 1995)	Cumann Múinteoirí Éireann
	Fionnuala Kilfeather (ó 1995)	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí – Bunbhrainse
	Éamonn MacAonghusa (go 1996)	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
	Ath Gearóid Mac Conmara (ó 1995)	Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha
	Peadar Ó Maoláin	Cumann Múinteoirí Éireann
	Síle Ní Núnáin (ó 1995)	Cumann Múinteoirí Éireann
	Eugene Wall	Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile
Comhordaitheoir	Caoimhe Máirtín (go 1995)	
Leas- phríomhfheidhmeannach	Lucy Fallon-Byrne (ó 1995)	
Príomhfheidhmeannach	Albert Ó Ceallaigh	

Cathaoirligh na Comhairle: Dr Tom Murphy (go 1996), Dr Caroline Hussey (ó 1996)

ISBN 0-7076-6302-4



9 780707 663029



AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

National Council for Curriculum and Assessment | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
NCCA